

# WRC

An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre  
Workplace Relations Commission



**Treoir maidir leis an Dlí Fostaíochta,  
Saothair agus Comhionannais**



# Nuashonruithe ar an Treoir maidir le Dlí Fostaíochta, Saothair agus Comhionannais

*Ó d'fhoilsíomar ár dTreoir maidir le Dlí Fostaíochta, Saothair agus Comhionannais i Meán Fómhair 2018 rinneadh athruithe faoin dlí fostaíochta. Gheobhaidh tú na hathruithe is déanaí thíos.*

## Ag tosú ar Fhostaíocht Ráiteas chúig lá

Laistigh de chúig lá ó thosú ag obair, ní foláir nó go bhfaigheann fostaithe uile ráiteas i scríbhinn faoi na príomhthéarmaí fostaíochta a leanas:

1. ainmneacha iomlána an fhostóra agus an fhostaí
2. seoladh an fhostóra
3. tréimhse bheartaithe an chonartha, i gcás conradh sealadach, nó an data deiridh más conradh téarma sheasta an conradh
4. ráta nó modh ríofa phá an fhostóra
5. líon na n-uaireanta a bhfuil an fostóir ag súil go réasúnta go n-oibreoidh an fostaí in aghaidh an lae oibre normálta agus in aghaidh na seachtaine oibre normált

Tá sin sa bhreis ar an ráiteas iomlán i scríbhinn faoi théarmaí fostaíochta nach mór a thabhairt don fhostaí laistigh de dhá mhí óna thosú sa phost.

## Pánna Íosta Náisiúnta Pánna/Luachanna Saothair

Faoin Acht nua um Fhorálacha Ilghnéitheacha Fostaíochta 2019 rinneadh rátaí pá d'fhostaithe faoi 18 mbliana d'aois agus dóibh siúd níos sine ná 18 mbliana d'aois a shimpliú agus is ar aois amháin a bheidh siad bunaithe. Cuireadh deireadh le rátaí pá do thraenáilaithe.

## Ordú Fostaíochta Earnála

Tháinig Ordú Fostaíochta Earnála (OFE) lena socraítear rátaí pá agus téarmaí agus coinníollacha atá ina gceangal de réir an

dlí don Earnáil Conraitheoireachta Leictrí i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2019.

## Uaireanta Oibre Uaireanta Nialais

Leasaítear an tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997 (OWTA) d'fhonn conarthaí uaireanta nialais a chosc ach amháin sna himthosca a leanas:

- nuair is obair de nádúr ócáideach an obair
- nuair a dhéantar an obair in imthosca éigeandála
- nuair a úsáidtear obair fóirithinte ghearrthéarma chun neamhláithreachtaí gnáthúla a chlúdach don fhostóir

## Íocaíocht íosta in imthosca áirithe

Beidh íocaíocht íosta nua infheidhme nuair a ghlaoithe ar fhostaí ar chonradh uaireanta nialais chun teacht isteach chun na hoibre agus nuair nach bhfaigheann sé/ sí na huaireanta oibre lena bhfuiltear ag súil.

Ríomhtar an ráta íosta mar thrí huairé an ráta pá in aghaidh na huairé íosta náisiúnta nó trí huairé an ráta pá in aghaidh na huairé íosta atá leagtha amach in Ordú Rialaithe Fostaíochta (más ann dó don earnáil sin agus chomh fada agus a bheidh sé i bhfeidhm).

Beidh an modh íocaíochta atá ann cheana féin (25% ar a laghad de na huaireanta conraithe nó 15 huairé) fós infheidhme ar an iomlán.

Seo a leanas na bandaí uaireanta:

Band	From	To
A	3 huaire	6 huaire
B	6 huaire	11 uair
C	11 uair	16 huaire
D	16 huaire	21 uair an chloig
E	21 uair an chloig	26 huaire
F	26 huaire	31 uair
G	31 uair	36 huaire
H	36 huaire agus níos mó	

## Forálacha do Bhandáí Uaireanta

- Maidir le fostaithe nach léirítear fírinne na n-uaireanta a oibríonn siad de ghnáth lena gconradh fostaíochta nó leis an ráiteas faoi théarmaí fostaíochta, tá siad i dteideal chun a iarraidh go gcuirtear i mbanda uaireanta iad lena léirítear ar bhonn níos fearr na huaireanta a d'oibrigh siad thar thréimhse thagartha 12 mhí.
- Más fostaí thú, ní foláir nó go raibh tú ag obair do d'fhostóir le haghaidh bliana ar a laghad sula ndéanann tú an t-iarraitas sin

## Saoire bhliantúil agus saoire bhreitheachta dheimhnithe

Ón gcéad lá sa phost bíonn fostaithe ag cur le teidlíochtaí saoire fiú má tá siad ar shaoire bhreitheachta dheimhnithe nó fiú más fostaithe páirt-aimseartha nó lán-aimseartha iad. Má tá fostaí ar shaoire bhreitheachta dheimhnithe ag deireadh na bliana saoire déantar an tsaoire bhliantúil a thuill sé/sí agus nach raibh sé/sí in ann í a ghlacadh a thabhairt ar aghaidh agus bíonn sí ar fáil le glacadh thar na chéad 15 mhí le teacht.

## Saoire a thacaíonn le teaglaigh Saoire mháithreachais agus breith réamhaibí

Tá máithreacha leanaí réamhaibí a bheirtear níos mó ná dhá seachtaine roimh an dáta tugtha i dteideal a saoire mháithreachais a shíneadh faoin difríocht idir dáta na breithe agus an dáta ar a rabhthas ag súil go dtosódh an tsaoire mháithreachais. Tosaíonn gnáth-shaoire mháithreachais tráth nach déanaí ná coicís roimh an dáta tugtha.

## Saoire Atharthachta

Bíonn saoire atharthachta dhá seachtaine ar fáil do thuismitheoir ábhartha laistigh de 26 seachtaine ó bhreith a linbh. Tá íocaíocht sochair atharthachta ar fáil do thuismitheoirí ábhartha cáilithe ón Roinn Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

## Saoire Thuismitheoireachta

Méadaíodh an tréimhse uasta de shaoire thuismitheoireachta ó 18 seachtaine go 22 seachtaine ón 1 Meán Fómhair 2019, agus méadófar í arís go 26 seachtaine ón 1 Meán Fómhair 2020. Méadaíodh aois an linbh a

bhfuil saoire thuismitheoireachta ar fáil ina leith ó 8 mbliana d'aois go 12 bhliain d'aois. Maidir le leanbh faoi mhíchumas tá tairseach aoise na saoire atharthachta gan athrú agus tá sí ar fáil suas go dtí 16 bliana d'aois.

Tabhair cuairt ar ár láithreán gréasáin **workplacerelements.ie** chun faisnéis níos mionsonraithe a fháil nó glaoigh ar ár seirbhís faisnéise ar 0818 **80 80 90**.

Lean sinne ar Twitter **@WRC\_ie**

**Arna fhoilsiú Meán Fómhair 2019**

# WRC

An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre  
Workplace Relations Commission

## Treoir maidir leis an Dlí Fostaíochta, Saothair agus Comhionannais

An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre  
Seirbhísí Faisnéise agus Custaiméirí  
Bóthar Uí Bhriain,  
Ceatharlach Íosghlao:  
0818 808090  
[www.workplacerelations.ie](http://www.workplacerelations.ie)

Nóta Tábhachtach

Ní bheartaítear gurb ionann an Treoir seo agus ráiteas iomlán ná údarásach den dlí.



# Clár Ábhar

<b>1 Réamhrá</b>	7	Faisnéis Bhreise	30
<b>2 Oifigí agus Seirbhísí um Chaidreamh san Áit Oibre</b>	7	<b>5 Fostaithe Páirtaimseartha</b>	32
An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta	7	Ginearálta	32
An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre	8	Cé atá Cumhdaithe ag an Act?	32
An Chúirt Oibreachais	8	Forais oibiachtúla	33
An Binse Achomhairc Fostaíochta	9	Fostaí Páirtaimseartha	33
An Coimisiún um Pá Íseal	9	Fostaí Lánaimseartha	33
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta	11	Fostaí Inchomparáide	33
Meicníochtaí chun Téarmaí agus Coinníollacha a Shocrú	11	Oibrí Gníomhaireachta	34
Seirbhísí Breithnithe	13	Gearáin	34
Seirbhísí Idirghabhála (Saincheisteanna Cearta Fostaíochta)	13	Faisnéis Bhreise	34
Seirbhísí Cigireachta agus Forfheidhmithe	14	<b>6 Oibrithe Téarma Sheasta</b>	36
Idirghabháil (Saincheisteanna Inmheánacha san Áit Oibre)	14	Ginearálta	36
Seirbhísí Idir-Réitigh	15	Cé atá Cumhdaithe ag an Act?	37
Seirbhísí Comhairleacha	16	Forais oibiachtúla	37
<b>3 Fostaíocht a Thosú</b>	20	Fostaí Téarma Sheasta	37
Conradh Fostaíochta	20	Fostaí Buan	37
Ceadanna Fostaíochta	20	Fostaí Buan Inchomparáide	38
Na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Téarmaí Fostaíochta (Faisnéis))	21	Coinníollacha Oibiachtúla	38
Gearáin	22	Forais Oibiachtúla a thugann Údar le hAthnuachan	38
Faisnéis Bhreise	23	Conarthaí Téarma Sheasta Éiginnte	39
<b>4 Uaireanta Oibre</b>	24	Fostaithe ar conarthaí téarma sheasta	39
An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	24	Folúntais agus deiseanna oiliúna	39
Am Uasta Oibre sa tSeachtain	24	Faisnéis faoi oibriú téarma sheasta	39
Scíth	25	Gearáin	40
Oibrithe Óiche	26	Faisnéis Bhreise	40
Am uasta oibre istoíche	26	<b>7 Fostaíocht Leanaí agus Daoine Óga</b>	41
Sainmhínthe, díolúintí agus gnéithe eile de chuid an Achta um Eagrú Oibre	26	Ginearálta	41
Saoirí	27	Leanaí os cionn 14 bliana d'aois	42
Saoirí Poiblí	28	Daoine Óga	42
Biseach an Domhnaigh	28	Faisnéis Bhreise	42
Náid Uaireanta	29	<b>8 Saoire Chúramóra</b>	43
Taifid	29	Ginearálta	43
Gearáin	29	Cé atá Cumhdaithe ag an Act?	43
		Teidlíocht do Shaoire Chúramóra	43
		An Bhrí atá le 'Cúram agus aire lánaimseartha'	44



An bealach inar féidir Saoire Chúramóra a ghlacadh	44	<b>10 Foirceannadh Fostaíochta</b>	54
Eatraitimh idir tréimhsí de Shaoire Chúramóra	45	Fógra Íosta	54
Cearta Fostaíochta a Chosaint	45	Iomarcaíocht	55
Fógra Rúin chun Saoire Chúramóra a ghlacadh	45	Áireamhán Iomarcaíochta	55
Cúinsí Eisceachtúla nó Éigeandála	46	Comhiomarcaíochtaí	57
Deimhniú Saoire Chúramóra	46	Dócmhainneacht	57
Gearáin	47	Dífhostú	58
		Gearáin	61
		Faisnéis Bhreise	62
<b>9 Íocaíocht/Pá</b>	48	<b>11 Comhionannas</b>	63
Ginearálta	48	Comhionannas Fostaíochta	63
Íosrátaí Pá	48	Comhaontuithe Comhchoiteanna	63
Íosrátaí Pá san Uair	49	Pinsin Cheirde	64
An meánráta pá san uair a dheimhniú	49	Stádas Comhionann	64
Uaireanta Oibre	49	Gearáin	65
Pá Inríofa agus Neamh-Inríofa	49	<b>12 Forálacha Ábhartha Eile</b>	66
Critéir Oiliúna / Staidéir	49	Aistriú Gnóthas	66
Taifid	50	Cearta Oibrithe ar Phostú agus oibrithe neamhnáisiúnta in Éirinn	67
Ragobair	51	Ionstraimí sonracha a bhronnann cearta a chumhdaítear sa Treoir	67
Modhanna Íocaíochta	51	Oibrithe Intíre	68
Ráiteas Pá	51	Rannpháirtíocht Oibrithe	69
Asbhaintí	51	Gníomhaireachtaí Fostaíochta	70
Pá Breoiteachta agus Saoire Bhreoiteachta	52	Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair	70
Gearáin	52	Gearáin	71
Faisnéis Bhreise	53	Breis Faisnéise	72
		<b>Aguisín I</b>	73
		Forálacha um Shásamh Breithnithe	73



## 1 Réamhrá

Soláthraítear sa leabhrán seo faisnéis ar an reachtaíocht um chearta agus comhionannas fostaíochta a bhfuil feidhm léi in Éirinn. Ba cheart a thabhairt faoi deara go mbaineann an reachtaíocht seo le gach oibrí atá ag oibriú in Éirinn, oibríthe an AE ar phostú agus gach

oibrí neamhnáisiúnta eile atá ag oibriú in Éirinn faoi chonradh fostaíochta (féach leathanach 60-61 chun teacht ar bhreis sonraí faoi oibríthe an AE ar phostú agus oibríthe eile neamhnáisiúnta).

## 2 Oifigí agus Seirbhísí um Chaidreamh san Áit Oibre

### An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta

Is é misean foriomlán na Roinne chun cruthú fostaíochta iomláine atá ar ardchaighdeán agus atá inbhuanaithe a spreagadh tríd an bhfiontraíocht a chur chun cinn i measc an rialtais, tacú le bonn iomaíoch fiontraíochta, timpeallacht ísealachánach a chur chun cinn chun obair agus fiontraíocht a dhreasú agus margaí cothroma agus iomaíocha a chur chun cinn.

Cinntíonn an Roinn, trí obair ar leibhéal náisiúnta agus idimáisiúnta, go bhfuil ionaid oibre sábháilte, go bhfuil cearta fostaíochta cuí agus go léirítear meas orthu, go gcuirtear caidreamh comhchuí tionsclaíoch chun cinn agus go láimhseáiltear aon díospóidí nó sáruithe go héifeachtúil agus go héifeachtach; go sainaithear riachtanais scileanna agus go bhfreastalaítear orthu trí sholáthar oideachais agus oiliúna a ailíniú, faoi mar a theastaíonn, trí imirce spriocdhírthe agus éifeachtúil gheilleagrach.

Tá an Roinn meáite go n-oibreoidh gach margadh níos éifeachtúla trí rialáil chliste a spreagann, i measc ceistanna eile, ardchaighdeán de chomhlíonadh, agus fostaíocht ardchaighdeán gan costais neamhriachtanacha rialála.

Is éard atá i gceist le freagrachtaí na Roinne maidir le caidreamh tionsclaíoch ná beartas a chur i dtoll a chéile, tacú agus maoirsiú a dhéanamh ar na hinstitiúidí caidrimh thionsclaíoch, caidreamh tionsclaíoch dlí ceardchumainn a riar agus monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt i ndíospóidí tionsclaíocha. Anuas air sin, tá baint ag an Roinn i gcur chun cinn rannpháirtíocht fostaíche san ionad oibre.

Anuas air sin, tá an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta freagrach as bearta éagsúla i limistéar na reachtaíochta saothair agus cearta fostaíochta a chur chun cinn, a riar agus a athbhreithniú.

Chomh maith leis sin, riarann an Roinn an córas Ceadanna Fostaíochta, a éascaíonn fiontair chun rochtain a fháil ar thallann ó áiteanna thar lear nach ndéantar ach gannsoláthar dóibh sa Stát. Cinntíonn an tsraith rialacháin tacaíochta go mbíonn an córas ag freagairt don mhargadh athraitheach saothair agus don timpeallacht fiontraíochta.

## An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre

Tá an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre freagrach as an méid a leanas

- feabhsú caidrimh san áit oibre a chur chun cinn, agus dea-chaidreamh san áit oibre a choimeád,
- comhlíonadh na n-achtachán ábhartha a chur chun cinn agus a spreagadh,
- treoir a sholáthar maidir le comhlíonadh na gcód cleachtais a fhaomhtar faoi Alt 20 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015,
- tabhairt faoi athbhreithnithe ar, agus monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí maidir le caidreamh san áit oibre,
- taighde a dhéanamh nó a choimisiúnú ar cheisteanna a bhaineann le caidreamh san áit oibre,
- comhairle, faisnéis agus torthaí an taighde a sholáthar faoina dtugann an Coimisiún do chomhchoistí saothair agus do chomh-chomhairlí tionsclaíocha,
- comhairle agus faisnéis a chur ar fáil don Aire maidir le hachtacháin ábhartha a chur i bhfeidhm agus a chomhlíonadh, agus
- faisnéis a sholáthar do mhuintir an phobail maidir le hachtacháin fostaíochta.

I measc chroísheirbhísí an Choimisiúin, tá cigireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh cearta fostaíochta, faisnéis a sholáthar, ceadúnais ghníomhaireacht fostaíochta agus chosanta daoine óga (fostaíocht) a phróiseáil agus seirbhísí idirghabhála, idir-réitigh, éascaithe agus chomhairleacha a sholáthar.

Tá bord ag an gCoimisiún ina bhfuil cathaoirleach agus 8 ngnáthchomhalta a cheapann an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

## An Chúirt Oibreachais

Soláthraíonn an Chúirt Oibreachais, a bunaíodh faoin Acht um Chaidreamh Tionscail, 1946, seirbhís chuimsitheach chun díospóidí a réiteach faoi chaidreamh tionsclaíoch agus tá dlínse aonair achomhairc aici i ngach díospóid a thagann chun solais faoi achtacháin chearta fostaíochta. Is féidir feidhmeanna na Comhairle a roinnt idir na feidhmeanna siúd a bhaineann le ceisteanna caidrimh thionsclaíoch agus iad siúd a bhaineann le cinneadh a dhéanamh ar achomhairc i gceisteanna a bhaineann le cearta fostaíochta. Chomh maith leis sin, tá roinnt feidhmeanna ag an gCúirt maidir le Comhchoistí Oibreachais agus Orduithe Rialaithe Fostaíochta a dhéanamh, anuas ar Chomhchomhairlí Tionsclaíocha agus Comhaontuithe Fostaíochta a chlárú.

Is éard atá sa Chúirt ná 13 chomhalta lánaimseartha – Cathaoirleach, 4 Leas-Chathaoirleach agus 8 ngnáthchomhalta a dhéanann ionadaíocht d'fhostóirí (4) agus d'óibríthe (4). Ceapann an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta an Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach; ainmníonn Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (an IBEC) na 4 Chomhalta Fostóirí agus ainmníonn Comhdháil na gCeardchumann (an ICTU) na 4 Chomhalta Oibríthe agus ceapann an tAire ansin iad. Chomh maith leis sin, tá comhairleoir dlí ag an gCúirt Oibreachais (an Cláraitheoir).

Ar mhaithe le héisteacht le cásanna, oibríonn an Chúirt i Rannóga – is éard atá i rannóg ná Cathaoirleach, Comhalta Fostóirí agus Comhalta Oibrithe. D'fhéadfadh go dteastódh tionól na Cúirte iomláine ó shaincheisteanna áirithe.

Sanntar sna hAchtanna um Chaidreamh Tionscail, 1946-2015 feidhmeanna éagsúla don Chúirt. Baineann na feidhmeanna seo go príomha le fiosrú a dhéanamh ar dhíospóidí trádála agus le moltaí a eisiúint faoi conas ar cheart an díospóid a réiteach. Ní hionann an Chúirt Oibreachais agus cúirt dlí. Go héifeachtach, i gcás fhorhóir na gcuspóirí, gníomhaíonn an Chúirt Oibreachais mar chúirt na dála deiridh, i.e. baintear feidhm as seirbhísí na Cúirte nuair a fiosraíodh agus nuair a baineadh leas cheana féin as na roghanna eile chun díospóidí caidrimh thionsclaíoch a réiteach.

Chomh maith leis sin, gníomhaíonn an Chúirt Oibreachais mar chúirt achomhairc maidir le cinní Oifigigh Bhreithiúnais agus fógraí comhlíonta a eisíonn cigirí an Choimisiúin. Foráiltear san Acht um Chaidreamh Tionscail, 2015, go bhfuil dlínse aonair achomhairc ag an gCúirt i ngach díospóid a thagann chun solais faoi achtacháin chearta fostaíochta.

## **An Binse Achomhairc Fostaíochta**

Comhlacht neamhspleách é an Binse Achomhairc Fostaíochta (an BAF) a cheanglaítear chun gníomhú ar bhonn breithiúnach, agus bunaíodh é chun bealach cothrom, neamhchostach agus neamhfhoirmiúil a sholáthar do dhaoine aonair chun réitigh a lorg ar shárúithe líomhnaithe ar a gcearta reachtúla.

Déileálann an Binse le gearáin faoi chearta fostaíochta sa chéad ásc, a cuireadh i láthair roimh an 1 Deireadh Fómhair 2015 (gearáin leagáide) faoin reachtaíocht a leanas

- An tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2014
- Na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005
- Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2015

Déileálann an Binse Achomhairc Fostaíochta le hachomhairc i leith mholtaí an Choimisinéara um Chearta a rinneadh roimh an 1 Deireadh Fómhair 2015 (achomhairc leagáide) faoin reachtaíocht um Théarmaí Fostaíochta, Íoc Pá, Dífhostú Éagórach, Iomarcaíocht (Comhairliúchán agus Faisnéis), Cosaint Máithreachais, Saoire Uchtaíoch, Saoire Chúramóra, Saoire Thuismitheora, Cosaint Daoine Óga (Fostaíocht), Cosaint Tomhaltóirí (Pionósú), Iomaíochas (Pionósú), Ceimiceáin (Pionósú) agus Aistriú Gnóthas.

Tabhair faoi deara, i gcomhréir leis an Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015, déileálfadh an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre le gach gearán agus díospóid faoin reachtaíocht fostaíochta, chomhionannais agus stádais chomhionannais a tháinig chun solais i ndiaidh an 30 Meán Fómhair 2015.

Fanfaidh an BAF a bheith i bhfeidhm chun déileáil le gearáin agus achomhairc leagáide, agus díscailfeadh é nuair a thabharfar iad siúd go léir chun críche. Tá fáil ar nuashonruithe maidir leis seo ar [www.workplacerelations.ie](http://www.workplacerelations.ie).

## **An Coimisiún um Pá Íseal**

Is é sainchúram an Choimisiúin um Pá Íseal (an CPÍ) chun leibhéal a mholadh le haghaidh rátaí an phá íosta a chabhróidh lena mhéid oibrithe ísealphá agus is féidir gan aon tionchar diúltach mór a imirt ar fhostaíocht nó ar an ngeilleagar. Tá an chomhairle a chuireann an CPÍ ar fáil don Rialtas chun seo a bhaint amach bunaithe ar an bhfianaise is fearr atá ar fáil.

Tá 8 gcomhalta anuas ar Chathaoirleach neamhspleách sa Choimisiún. Tá comhaltaí ann a bhfuil tuiscint acu ar leasanna fostóirí, go háirithe idir fostóirí beaga agus meánmhéide agus iad siúd a oibríonn in eamálacha ina n-íoctar pá íseal go traidisiúnta, agus a bhfuil eolas agus tuiscint mhaith acu ar na saincheistanna ar leith a mbíonn gnólachtaí Éireannacha thíos leo, go háirithe maidir le costais agus iomaíochas saothair. Tá comhaltaí ann a bhfuil tuiscint acu ar leasanna fostaithe, go háirithe ar an tionchar a imríonn maireachtáil agus an pá íosta á fháil agus na heamálacha ina bhfuil na hoibríthe ísealchá agus pá íosta suite den chuid is mó. Tá lucht acadúil ann, chomh maith, a bhfuil eolas nó saineolas ar leith acu maidir le heacnamaíocht, eacnamaíocht an mhargaidh shaothair, staitisticí, agus an dlí fostaíochta, anuas ar inniúlacht chruthaithe i dtaighde eacnamaíoch agus in anailís staitistiúil a mheasúnú agus a anailísiú. Is ionann téarma oifige comhalta an Choimisiúin agus trí bliana ó dháta a c(h)jeapacháin. Ní féidir le duine bheith mar chomhalta den Choimisiún ar feadh breis agus dhá théarma oifige i ndiaidh a chéile, ach seachas sin, beidh sé/sí incháilithe le haghaidh athcheapacháin.

Ceanglaítear san Acht um Pá Íosta Náisiúnta (an Coimisiún um Pá Íseal), 2015 ar an gCoimisiún chun moladh a dhéanamh don Aire faoin bPá Náisiúnta Íosta (PNÍ) chun aird a thabhairt ar roinnt tosca ó rinneadh an tOrdú um Pá Íosta Náisiúnta is déanaí.

Ceanglaítear sa sainchúram, agus sa reachtaíocht, chomh maith, ar an gCoimisiún chun breithniú a dhéanamh ar réimse saincheistanna nuair a bhaintear cinneadh amach ar mholadh don Aire ar ráta cuí don phá íosta. Ceistanna fíorais, go bunúsach, a bhíonn i gceist le roinnt de na saincheistanna, agus teastaíonn gné mheasúnaithe agus bhreithmheasa ó chinn eile, agus meastar gurb ionann iad agus breithiúnas.

Is iad na saincheistanna ar leith a bhfuil dualgas ar an gCoimisiún aird a thabhairt orthu nuair a dhéanann sé breithniú ar a mholadh —

- (a) athruithe ar thuillimh i rith na tréimhse ábhartha,
- (b) athruithe ar rátaí malartaithe airgeadra i rith na tréimhse ábhartha,
- (c) athruithe ar dháileadh ioncaim i rith na tréimhse ábhartha,
- (d) cibé acu i rith na tréimhse ábhartha —
  - (i) ar tháinig méadú nó laghdú ar dhífhostaíocht,
  - (ii) ar tháinig méadú nó laghdú ar fhostaíocht, agus
  - (iii) ar tháinig méadú nó laghdú ar tháirgeacht,go ginearálta agus sna heamálacha is mó a imríonn ordú a dhéanamh tionchar orthu,
- (e) comparáid idimáisiúnta, go háirithe leis an mBreatain Mhór agus le Tuaisceart Éireann,
- (f) an gá atá le poist a chruthú, agus
- (g) an tionchar dóchúil a imreoidh aon ordú a bheartaítear ar an méid a leanas —
  - (i) leibhéal fostaíochta agus dífhostaíochta,
  - (ii) costas Maireachtála, agus
  - (iii) iomaíochas náisiúnta.

## An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

Is é an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta an comhlacht náisiúnta reachtúil atá freagrach as a chinntiú go gcosnaítear gach oibrí (idir oibríthe fostaithe agus féinfhostaithe) agus iad siúd a ndéanann gníomhaíocht oibre difear dóibh, ó ghortú agus drochshláinte a bhaineann leis an obair. Déantar seo tríd an dlí sláinte agus sábháilteachta gairme a chur i bhfeidhm, cosc ar thimpiste a chur chun cinn, agus faisnéis agus comhairle a sholáthar i measc na n-earnálacha go léir, ina measc miondíol, cúram sláinte, déantúsaíocht, iascaireacht, siamsaíocht, tógáil mianadóireachta, seirbhísí talmhaíochta agus bia.

Bunaíodh an tÚdarás i dtosach báire faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (1989). Tá an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 tagtha ina ionad sin idir an dá linn, agus oibríonn an tÚdarás faoi choimirce na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

I measc phríomhfheidhmeanna an Údaráis, tá:

- Monatóireacht agus cur i bhfeidhm a dhéanamh ar an reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta.
- Faisnéis agus comhairle shaineolach a sholáthar d'fhostóirí, fostaithe agus do dhaoine féinfhostaithe.
- Sábháilteacht, sláinte, leas, oideachas agus oiliúint san áit oibre a chur chun cinn.
- Taighde a fhoilsiú ar ghuaiseacha agus rioscaí san ionad oibre.
- Gníomhú mar an Príomh-Údarás Inniúil Náisiúnta le haghaidh roinnt rialacháin cheimiceán, ina measc Rialachán REACH (Clárú, Meastóireacht agus Údarú agus Cosc ar Cheimiceán) agus Treoir Seveso III.

- Gníomhú mar Údarás Faireachais Margaidh d'fhonn sábháilteacht táirgí áirithe a úsáidtear sna háiteanna oibre agus iarratais tomhaltóirí a chinntiú.
- Rialacháin agus cóid chleachtais nua a bheartú don Aire.

## Meicníochtaí chun Téarmaí agus Coinníollacha a Shocrú

### COMHCHOISTÍ OIBREACHAIS

Comhlachtaí a bhunaítear faoi na hAchtanna um Chaidreamh Tionscail iad Comhchoistí Oibreachais, chun innealra a sholáthar chun rátaí íosta reachtúla pá agus coinníollacha fostaíochta a shocrú le haghaidh fostaithe áirithe in earnálacha áirithe. Féadfaidh an Chúirt Oibreachais iad a shocrú ar iarraidh (i) an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta nó (ii) ceardchumainn nó (iii) aon eagraíochta a mhaíonn bheith ina n-ionadaí de na hoibríthe nó de na fostóirí atá bainteach. Tá CCO comhdhéanta de líonta combhionanna d'ionadaithe fostóra agus d'oibríthe a cheapann an Chúirt Oibreachais agus cathaoirleach agus cathaoirleach ionaid a cheapann an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Oibríonn CCOanna i limistéir nach bhfuil comh-mhargáil dea-bhunaithe agus inar gnách go n-íoctar pá íseal.

Is é feidhm an CCO chun tograí a chur le chéile chun rátaí íosta pá agus coinníollacha fostaíochta a shocrú do na hoibríthe a ndeamadh difear dóibh. Nuair a ghlacann an Chúirt Oibreachais le tograí a sheolann CCO ar aghaidh, d'fhéadfadh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta éifeacht reachtúil a thabhairt do na tograí trí Ordú Rialaithe Fostaíochta a dhéanamh. Tá dualgas ar fhostóirí, ansin, chun rátaí pá a íoc agus chun coinníollacha fostaíochta a sholáthar atá chomh fabhrach céanna leo siúd a fhorordaítear, ar a laghad.

Féadtar aon sárúithe ar Ordú Rialaithe Fostaíochta a chur faoi bhráid an CCÁO go dtabharfar faoin ngníomh cuí ina leith.

Ní mór d'fhostóir oibríthe lena mbaineann Ordú Rialaithe Fostaíochta taifid ar phá, íocaíochtaí etc. a choimeád, agus ní mór na taifid seo a choimeád ar feadh trí bliana. Ní mór don fhostóir, chomh maith, fógra forordaithe a chur in airde san áit fostaíochta ina leagtar amach critéir na rátaí reachtúla pá agus coinníollacha fostaíochta.

Tá fáil ar liosta de CCOanna ag [www.workplacerelations.ie](http://www.workplacerelations.ie).

## **COMHAONTUITHE FOSTAÍOCHTA CLÁRAITHE**

Is ionann Comhaontú Fostaíochta agus comhaontú a bhaineann le luach saothair nó le coinníollacha fostaíochta oibríthe d'aon aicme, saghas nó grúpa a dhéantar idir ceardchumann nó ceardchumann oibríthe agus fostóir nó ceardchumann fostóirí amháin nó níos mó, nach bhfuil ina cheanglas ach ar na páirtithe leis an gComhaontú maidir leis na hoibríthe den aicme, saghas nó grúpa sin.

Féadfaidh aon pháirtí leis an gComhaontú Fostaíochta sin iarratas a dhéanamh ar an gCúirt Oibreachais chun an Comhaontú a dhlárú. Cláróidh an Chúirt Oibreachais na comhaontuithe sin i gClár na gComhaontuithe Fostaíochta – ansin déantar Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe díobh – má shásaítear go gcomhlíonfaidh siad na rialacha a leagtar síos san Acht um Chaidreamh Tionscail (Leasú), 2015. Is é an tionchar a imríonn clárú ná chun forálacha an Chomhaontaithe Cláraithe a dhéanamh ina cheangal dlíthiúil ar na páirtithe leis an gComhaontú amháin. Féadtar aon sárúithe ar Chomhaontú Cláraithe Fostaíochta a chur faoi bhráid an CCO le haghaidh an ghnímh chuí.

## **ORDUITHE FOSTAÍOCHTA EARNÁLA**

De bhun iarratais, ó cheardchumann oibríthe, ceardchumann nó eagraíocht fostóirí, nó ceardchumann oibríthe a rinneadh i gcomhpháirt le ceardchumann nó le heagraíocht fostóirí, féadfaidh an Chúirt Oibreachais tabhairt faoi scrúdú ar luach saothair, pá breoiteachta nó scéim pinsin oibríthe in eamáil gheilleagrach ar leith. Féadfaidh an Chúirt Oibreachais, i ndiaidh breithniú a dhéanamh ar na tosca infheidhme geilleagracha, moladh a dhéanamh don Aire, a ghlacfaidh leis an moladh agus a dheimhneoidh téarmaí an mholta trí Ordú ón Aire má tá sé/sí sásta gur chomhlíon an Chúirt Oibreachais, agus a moladh á dhéanamh, forálacha an Ahta um Chaidreamh Tionscail (Leasú), 2015. Baineann an tOrdú sin le gach oibrí den aicme, saghas nó grúpa sin san eamáil gheilleagrach a luaitear go sainráite go mbaineann sé léi, agus lena f(h)ostóir.

Foráiltear in Acht 2015 do dhíolúintí faoi chúinsí sonracha ó dhualgas chun luach saothair a íoc a leagtar amach in Orduithe Fostaíochta Eamála. Féadtar aon sárúithe ar Orduithe Fostaíochta Eamála a chur faoi bhráid an CCO go ndéanfar an gníomh cuí ina leith.

## **COMHCHOMHAIRLÍ TIONSCLAÍOCHA**

Comhlachtaí deonacha idirbheartaíochta iad Comhchomhairlí Tionsclaíochta (CCTanna) le haghaidh tionscail nó codanna ar leith de thionscail a dhéanamh ionadaíocht d'fhostóirí agus do cheardchumainn. Féadfaidh Comhairle, a fhad agus a chomhlíonann sí coinníollacha áirithe, clárú leis an gCúirt Oibreachais mar Chomhchomhairle Thionsclaíoch faoi na hAchtanna um Chaidreamh Tionscail. Ní mór go ndéanfaidh rialacha na gComhairlí siúd soláthar d'atreorú díospóidí chuig an gComhairle go ndéanfar breithniú orthu sula dtabharfar faoi ghníomh tionsclaíoch mar rogha deiridh. Féadfaidh CCT a iarraidh ar an gCúirt Oibreachais chun cathaoirteach agus rúnaí a cheapadh leis an gComhairle.

## Seirbhís Breithnithe

Bíonn Oifigigh Bhreithnithe an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais (an CCO) neamhspleách go reachtúil ina ndualgais déanta cinntí faoi mar a bhaineann siad le breithniú a dhéanamh ar ghearáin a ndéanann Ard-Stiúrthóir an CCAO a chur faoina mbráid.

Is é ról an Oifigigh Bhreithnithe éisteacht a chur ar bun ina dtugtar an deis don dá pháirtí go n-éistfidh an tOifigeach Breithnithe leo agus chun aon fhianaise a thabhairt i láthair a bhaineann leis an ngearán. Cuirtear éisteachtaí an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre ar bun go príobháideach. Féadtar gearáin, faoi chúinsí áirithe, a dhiúscairt trí nós imeachta scríofa (i.e. gan éisteacht), áfach. Ní dhéanfaidh an tOifigeach Breithnithe iarracht chun an cás a idirghabháil nó a idir-réiteach.

Féadfaidh oifigeach ceardchumainn, oifigeach comhlachta, i dtuairim an Oifigigh Bhreithnithe, a dhéanann ionadaíocht do leasanna fostóirí, abhcóide cleachtach nó atumae cleachtach nó aon duine eile, páirtithe a thionlacan agus ionadaíocht a dhéanamh dóibh, má cheadaíonn an tOifigeach Breithnithe amhlaidh.

Ansin déanfaidh an tOifigeach Breithnithe cinneadh faoin gceist agus déanfaidh sé/sí cinneadh maidir leis an ngearán. Déanfaidh an cinneadh, a chuirfear in iúl don dá pháirtí agus a fhoilseofar, an méid a leanas

- (a) a dhearbhuí cé acu an raibh nó nach raibh bunús maith le gearán an ghearánaí,
- (b) a cheangal ar an bhfostóir chun an fhoráil/na forálacha ábhartha a chomhlíonadh,
- (c) a cheangal ar an bhfostóir chun an sásamh sin a dhéanamh is ceart agus is cothrom faoi na cúinsí.

Féadfaidh páirtí le gearán achomharc a dhéanamh leis an gCúirt Oibreachais i dtaobh cinneadh a rinne Oifigeach Breithnithe.

Leagtar amach an sásamh is féidir le hOifigeach Breithnithe a dheonú i gcás na limistéar éagsúil den reachtaíocht fostaíochta agus chomhionannais in Aguisín I.

## Seirbhísí Idirghabhála (Saincheisteanna Cearta Fostaíochta)

Ar aon dul le hAlt 39 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015, d'fhéadfadh go mbeadh ar chumas an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre seirbhís idirghabhála a chur ar tairiscint i gcásanna áirithe chun réiteach gearán/díospóidí a éascú sa chás gur féidir ag luathchéim agus gan gá a bheith ann tabhairt faoi bhreithniú.

Braithfidh cumas an CCAO chun idirghabháil a chur ar fáil ar roinnt tosca, ina measc an fháil a bhíonn ar acmhainní. Ní féidir gearáin/díospóidí a atreorú le haghaidh idirghabhála má chomhaontaíonn an dá pháirtí leis an ngearán/an díospóid.

Lorgaíonn idirghabháil chun réiteach a bhaint amach trí chomhaontú idir na páirtithe, seachas trí imscrúdú nó éisteacht nó cinneadh foirmiúil. Cuireann an tOifigeach Idirghabhála ar chumas na bpáirtithe chun a gcomhaontú féin a idirbheartú ar bhonn soiléir agus feasach, sa chás gur mian le gach páirtí amhlaidh a dhéanamh. Tá an próiseas deonach agus féadfaidh ceachtar páirtí deireadh a chur leis ag aon tráth.

D'fhéadfadh comhdhálacha gutháin leis na páirtithe, comhdhálacha/cruinnithe duine ar dhuine nó na bealaí eile siúd a mheasann an tOifigeach Idirghabhála is cuí, a bheith i gceist le hidirghabháil.



Tá gach cumarsáid a dhéanann Oifigeach Idirghabhála leis na páirtithe agus gach taifead agus nóta a choimeádtar ar mhaithe le haon saincheist a réiteach rúnda agus ní féidir iad a nochtadh in aon éisteacht nó próiseas imscrúdaithe ina dhiaidh sin nó in imeachtaí os comhair cúirte (seachas in imeachtaí maidir le sárú ar théarmaí réitigh a comhaontaíodh i rith na comhdhála idirghabhála).

Sa chás go réitítear gearán/díospóid, cibé acu trí idirghabháil nó ar bhealach eile, cuirfidh an tOifigeach Idirghabhála i dtaifead i scríbhinn téarmaí an réitigh, ianfar ar na páirtithe an taifead sin a shíniú agus tabharfar taifead an réitigh d'Ard-Stiúrthóir an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre. Chomh maith leis sin, tabharfar cóip do gach páirtí.

Tá téarmaí réitigh ina gceanglas ar na páirtithe agus má sháraíonn ceachtar páirtí na téarmaí seo, beidh an sárú inghníomhaithe in aon chúirt de dhlíse inniúil.

Ní féidir le hOifigeach Idirghabhála nó le ceachtar páirtí téarmaí réitigh a nochtadh in aon imeachtaí os comhair cúirte (seachas in imeachtaí maidir leis an sárú ar théarmaí an réitigh).

Sa chás nach réitítear gearán/díospóid, cuirfidh an tOifigeach Idirghabhála na páirtithe leis an ngearán nó an díospóid agus Ard-Stiúrthóir an CCÁO ar an eolas i scríbhinn ar an bhforas. Cuirfidh an tArd-Stiúrthóir an gearán nó an díospóid lena mbaineann, ina dhiaidh sin, ar aghaidh go ndéanfaidh Oifigeach Breithnithe breithniú air/uirthi.

## **Seirbhísí Cigireachta agus Forfheidhmithe**

Tá Cigirí an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre údaraithe chun tabhairt faoi chigireachtaí, scrúduithe nó imscrúduithe ar mhaithe le monatóireacht agus forfheidhmiú a dhéanamh ar chomhlíonadh na reachtaíochta fostaíochta. Ní sceithfeair aitheantas an ghearánaí leis an bhfostóir murar thug an gearánaí a t(h)oiliú chun amhlaidh a dhéanamh.

Sa chás go gcinneann Cigire gur thit sárú amach ar limistéir ar leith fostaíochta (neamhíocaíocht airgead áirithe atá dlite d'fhostaí faoin dlí fostaíochta ina measc), agus go dteipeann ar an bhfostóir nó go ndiúltaíonn sé/sí chun an neamhchomhlíonadh a cheartú, féadfaidh an Cigire Fógra Comhlíonta a eisiúint ina leagtar amach na céimeanna nach mór don fhostóir a dhéanamh chun comhlíonadh a chur i bhfeidhm. Mura ndéanann an fostóir achomharc agus má theipeann air/uirthi nó má dhiúltaíonn sé/sí chun an cheist a cheartú nó a bhreacadh síos i scríbhinn conas a bheartaíonn sé/sí chun na ceisteanna a leagtar amach san fhógra a cheartú, féadfaidh an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre tús a chur le himeachtaí i gcoinne an fhostóra.

I dtaobh réimse sonraíthe gníomhartha neamhchomhlíonta i measc fostóirí, déanfaidh Cigire fógra muirir sheasta a sheirbheáil. Má íocann an duine ar ar seirbheáladh an fógra an muirear, ní ghlactar an cheist a fhad leis an gCúirt.

Má theipeann ar dhuine nó má dhiúltaíonn sé/sí chun an muirear a íoc, is féidir an cheist a chur faoi bhráid na Cúirte Dúiche, áit ar féidir leis an gcosantóir a staid a chosaint ar an ngnáthbhealach.

Ceapann an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta cigirí an CCÁO, chomh maith, mar oifigigh údaraithe ar mhaithe le cuspóirí na nAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 go 2014.

## **Idirghabháil (Saincheistanna Inmheánacha san Áit Oibre)**

Próiseas deonach rúnda is ea idirghabháil a chuireann ar chumas dhá pháirtí díospóide nó níos mó a gcoimhlínt a réiteach le comhaontú frithpháirteach le cabhair ón tríú páirtí neodrach, idirghabhálaí.

Soláthraíonn an tSeirbhís Idirghabhála san Áit Oibre, a sholáthraíonn oifigigh an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (an CCÁO) agus Sheirbhísí Idir-Réitigh agus

Comhairleacha, réiteach mear, rúnda agus éifeachtach ar choimhlintí, díospóidí agus easaontuithe san áit oibre. Oireann idirghabháil san áit oibre go mór do dhíospóidí lena mbaineann daoine aonair nó grúpaí beaga oibríthe. Ar na samplaí de na díospóidí seo, bheadh an méid a leanas:

- Difríochtaí, coimhlintí, deacrachtaí idirphearsanta le hoibriú le chéile
- Cliseadh ar chaidreamh oibre
- Saincheistanna a eascraíonn ó nós imeachta casaoide agus disciplíneach (go háirithe sula ndéantar saincheist dhisciplíneach de cheist)
- Saincheistanna um Chaidreamh Tionsclaíoch nach raibh ina n-ábhar atreoraithe chuig Oifigeach Breithnithe an CCÁO (díospóid trádála), Seirbhís Idir-Réitigh an CCÁO nó an Chúirt Oibreachais.

Tá an tSeirbhís Idirghabhála san Áit Oibre dírithe ar chabhrú le páirtithe chun déileáil go héifeachtach le saincheistanna a thagann chun solais san áit oibre. Bíonn soláthar na seirbhíse seo faoi réir fáil a bheith ar acmhainní laistigh den Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre.

## Seirbhís Idir-Réitigh

Is é cuspóir agus misean sheirbhís idir-réitigh an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre chun seirbhís neamhchlaonta, thapa agus éifeachtach a sholáthar a oibríonn i leith ardchaighdeán aonfhoirmeach sna hearmálacha poiblí agus príobháideacha araon.

Próiseas deonach is ea idir-réiteach ina gcomhaontaínn na páirtithe le díospóid chun páirtí neodrach agus neamhchlaonta a fháil chun cabhrú leo a ndifríochtaí um chaidreamh tionsclaíoch a réiteach.

Soláthraíonn an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre seirbhís idir-réitigh trí Oifigigh um Chaidreamh Tionsclaíoch de chuid an Choimisiúin a chur ar fáil chun cathaoirleacht a dhéanamh ar 'chomhdhálacha idir-réitigh'. Tugtar 'OCTanna' nó 'Oifigigh Idir-Réitigh' ar na hoifigigh seo amanna. Is éard atá i gceist le comhdhálacha idir-réitigh, go bunúsach, ná síneadh ar phróiseas na n-idirbheartaíochtaí díreacha, agus cathaoirleach neamhspleách i láthair chun an plé a stiúradh agus chun bealaí féideartha a fhiosrú chun socraíocht a bhaint amach ar bhealach nach ndéanann dochar.

Glactar páirt sa phróiseas idir-réitigh ar bhonn deonach, agus is amhlaidh a bhíonn na torthaí chomh maith. Ní bhaintear réitigh amach ach trí chomhdhearadh, cibé acu trí idirbheartaíocht agus comhaontuithe a éascaítear idir na páirtithe iad féin, nó má chomhaontaíonn na páirtithe leis na téarmaí socraíochta a bheartaíonn an tOifigeach Idir-Réitigh.

Caitheann an tOifigeach um Chaidreamh Tionsclaíoch leis an bhfaisnéis go léir a fhaightear i gcaitheamh an idir-réitigh mar fhaisnéis rúnda.

Tá an próiseas idir-réitigh neamhfhoirmiúil agus níl sé dleatháíoch i dtaobh cleachtas de. Is faoi na páirtithe a bhíonn sé ionadaíocht a dhéanamh dóibh féin nó go ndéanfaidh ceardchumainn nó eagraíochtaí fostóra ionadaíocht dóibh. Ní chreideann an Coimisiún go dteastaíonn ionadaíocht dhlíthiúil ó cheachtar páirtí ag cruinnithe idir-réitigh ó chineál an phróisis.

Féadtar gach iarratas ar chúnamh agus fiosrúchán a sheoladh ar aghaidh i scríbhinn agus ba cheart iad a sheoladh chuig an Stiúirthóir Idir-Réitigh, an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, Seirbhís Idirghabhála agus Luath-Réitigh san Áit Oibre agus/nó trí theagmháil a dhéanamh le Seirbhís Idir-Réitigh an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre nó tríd an bhFoirm Atreoraithe Idir-Réitigh ar líne a úsáid atá ar fáil ar [www.workplacerelations.ie](http://www.workplacerelations.ie)

## Seirbhís Comhairleacha

Cuireann Seirbhís Chomhairleach an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre dea-chleachtas san áit oibre chun cinn trí chabhrú le heagraíochtaí agus comhairle a chur orthu i ngach gné de chaidreamh tionsclaíoch san áit oibre. Déanann sé idirchaidreamh le fostóirí, fostaithe agus lena n-ionadaithe chun cabhrú leo cleachtais, nósanna imeachta agus struchtúir éifeachtacha chaidrimh thionsclaíoch a fhorbairt. I measc an chúnamh sin, d'fhéadfaí nósanna imeachta san áit oibre a athbhreithniú nó a fhorbairt i limistéir ar nós casaoide, disciplíne, cumarsáide agus comhairliúcháin.

Éascaíonn sé comhfhórim bhainistíochta-foirme chun saincheisteanna a bhaineann leo araon a réiteach; mar shampla, saincheisteanna maidir le hathrú san áit oibre nó saincheisteanna deacra um chaidreamh tionsclaíoch.

Soláthraíonn sé ceardlann dea-chleachtas oiliúna ar ghnéithe éagsúla den chaidreamh fostaíochta, ina measc nósanna imeachta a oibriú agus, trí phróiseas éascaitheach, is féidir leo cabhrú le heagraíochtaí chun iad a chur i bhfeidhm.

Anuas air sin, déanann an tSeirbhís Chomhairleach taighde a choimisiúnú agus a fhoilsiú ar théamaí reatha um chaidreamh tionsclaíoch. Chomh maith leis sin, éascaíonn an tSeirbhís Chomhairleach nós imeachta chun cabhrú leis an lucht bainistíochta agus le hionadaithe fostaithe chun díospóidí a réiteach i gcásanna nach mbíonn socrúite idirbheartaíochta i bhfeidhm agus sa chás go dteipeann ar chomh-mhargáil titim amach.

Tá comhaltaí d'fhoireann na Seirbhíse Comhairlí neamhspleách, neamhchlaonta agus taitheoch i gcleachtas agus i dteoiric um chaidreamh tionsclaíoch.

I bplé leis na páirtithe atá i gceist, déanfaidh comhalta ainmnithe den fhoireann Chomhairleach cúnaimh a shaindearadh go n-oifridh siad do riachtanais eagraíochtaí nó gnóthais aonair, cibé acu má eagraíochtaí nó gnóthais bheaga nó mhóra iad. Tá an cúnaimh seo rúnda i measc na bpáirtithe agus soláthraítear saor in aisce é.

Is féidir iarratais ar chúnamh na Seirbhíse Comhairlí a dhéanamh trí theagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre.

## Teagmhálaithe Tábhachtacha

Comhlacht/Oifig	Ról	R-phost	Guthán
An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta	An beartas agus straitéis fhoriomlán maidir le cearta fostaíochta	<a href="mailto:info@djei.ie">info@djei.ie</a>	01-6312121
	Rialáil an Mhargaidh Shaothair agus ceadanna fostaíochta	employmentpermits@djei.ie	Íosghlao 0818 201616 nó 01-4175333
An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre	Soláthar Faisnéise	Féach an leathanach 'Déan teagmháil linn' ar <a href="http://www.workplacerelements.ie">www.workplacerelements.ie</a>	Íosghlao 0818 - 808090 nó 059 9188990
	Gearáin/Díospóid a fháil agus a chlárú	Féach an leathanach 'Déan teagmháil linn' ar <a href="http://www.workplacerelements.ie">www.workplacerelements.ie</a>	0818-808090
	Seirbhísí Breithnithe	Féach an leathanach 'Déan teagmháil linn' ar <a href="http://www.workplacerelements.ie">www.workplacerelements.ie</a>	01-6313380
	Seirbhísí Cigireachta agus Forfheidhmithe	Féach an leathanach 'Déan teagmháil linn' ar <a href="http://www.workplacerelements.ie">www.workplacerelements.ie</a>	Íosghlao 0818 220100 nó 059 9178800
	Seirbhísí Idirghabhála	Féach an leathanach 'Déan teagmháil linn' ar <a href="http://www.workplacerelements.ie">www.workplacerelements.ie</a>	Íosghlao 0818 220227 nó 01-6136700
	Ceadúnú na Gníomhaireachta um Chosaint Daoine Óga (Fostaíochta) agus Fostaíochta	Féach an leathanach 'Déan teagmháil linn' ar <a href="http://www.workplacerelements.ie">www.workplacerelements.ie</a>	059-9178800
	Seirbhísí Idir-Réitigh agus Éascaíochta	Féach an leathanach 'Déan teagmháil linn' ar <a href="http://www.workplacerelements.ie">www.workplacerelements.ie</a>	Íosghlao 0818 220227 nó 01-6136700
	An tSeirbhís Idirghabhála san Áit Oibre	Féach an leathanach 'Déan teagmháil linn' ar <a href="http://www.workplacerelements.ie">www.workplacerelements.ie</a>	Íosghlao 0818 220227 nó 01-6136700

Comhlacht/Oifig	Ról	R-phost	Guthán
	Seirbhísí Comhairleacha	advisory@workplacelrelations.ie	01-6136700
An Coimisiún um Ísealphá	Comhairle a chur ar an Rialtas maidir le leibhéil le haghaidh pá náisiúnta íosta	secretarylpc@djei.ie	01-6313055
An Binse Achomhairc Fostaíochta	Breithniú a dhéanamh ar ghearáin a chuirtear faoi bhráid an BAF roimh an 1 Deireadh Fómhair 2015	EAT@djei.ie	Íosghlao 0818 220222 nó 01-6313006
An Chúirt Oibreachais	Achomhairc i gcoinne cinní breithnithe agus fógraí comhlíonta agus fiosrú a dhéanamh ar dhíospóidí um chaidreamh tionsclaíoch	info@labourcourt.ie	Íosghlao 0818220228 nó 01-6136666
Coimisiún na hÉireann um Chearta Daonna agus Comhionannas	Comhionannas a chosaint agus a chur chun cinn	publicinfo@ihrec.ie	Íosghlao 0818245545



---

Signature



## 3 Fostaíocht a Thosú

### Conradh Fostaíochta

Tá conradh fostaíochta go huathoibríoch ag aon duine, bíodh sé i scríbhinn nó a mhalairt, ag duine ar bith a oibríonn d'fhostóir le haghaidh pá nó tuarastal rialta. Déantar sainmhíniú sna hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéise), 1994 go 2014 ar chonradh fostaíochta mar chonradh seirbhíse nó printíseacht nó aon chonradh faoin soláthraíonn gníomhaireachtaí fostaíochta oibríthe. Féadfaidh conarthaí a bheith sainráite (ó bhéal nó i scríbhinn) nó curtha in iúl. D'fhéadfadh go leor de théarmaí conradh fostaíochta teacht chun solais ón dlí coiteann, reachtanna nó comhaontuithe frithpháirteacha a dhéantar trí cheardchumainn nó a d'fhéadfadh bheith díorthaithe ón nós nó ón gcleachtas i dtionscal ar leith.

Foráiltear sna hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 go 2014 nach mór d'fhostóir ráiteas scríofa a sholáthar d'fhostaí i leith critéir áirithe i dtaobh na dtéarmaí fostaíochta. Tugtar cuntas breise ar na hAchtanna seo sa Mhír seo.

Foráiltear san Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocráithe), 2003, sa chás go mbeartaíonn fostóir chun conradh téarma sheasta a athnuachan, cuirfidh an fostóir an fostaí téarma sheasta ar an eolas i scríbhinn ar na forais oibiachtúla a thugann údarú le hathnuachan an chonartha téarma sheasta agus le teip ar chonradh d'fhad éiginnte a chur ar fáil, faoi dháta na hathnuachana, ar a dhéanaí. Tugtar cuntas breise ar an Acht seo i Mír 6 den Treoir seo.

Ceanglaítear ar fhostóirí faoi alt 14(1) de na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2007 chun fógra i scríbhinn a thabhairt do gach fostaí ina leagtar amach an nós imeachta ar a léireoidh an fostóir meas sula ndífhostaítear an fostaí, agus an cuspóir lena ndífhostaítear an fostaí. Ní mór an fógra seo a thabhairt tráth nach déanaí ná 28 lá i ndiaidh iontráil i gconradh fostaíochta. Tá mír ar leith sa Treoir seo ar dhífhostú – féach Mír 10 – Foirceannadh Fostaíochta.

Bronntar san Acht um Íoc Pá, 1991 ar gach fostaí an ceart i leith ráiteas scríofa a fháil gach lá pá ar a ndéantar gach asbhaint a mhiondealú. Déantar cur síos ar an teidlíocht seo ag Alt 9 den Treoir.

### Ceadanna Fostaíochta

Teastaíonn cead fostaíochta ó náisiúnaigh Neamh-LEE chun oibriú in Éirinn, seachas sna cásanna a liostaítear thíos. Is éard atá sa LEE ná Ballstáit an Aontais Eorpaigh anuas ar an Íoslainn, an Iorua agus Lichtinstéin.

B'fhéidir go bhfuil cion á dhéanamh ag náisiúnta neamh-LEE atá ag oibriú in Éirinn agus a bhfostóirí mura bhfuil cead fostaíochta ag na náisiúnaigh neamh-LEE agus go gceanglaítear orthu amhlaidh a bheith acu faoi na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 go 2014. Ní féidir le sealbhóirí cead fostaíochta ach oibriú don fhostóir, nó de réir mar a bheidh, an duine nó an conraitheoir bainteach, agus sa ghairm a ainmnítear ar an gcead. Má stopann sealbhóirí cead fostaíochta, ar chúis ar bith, a bheith fostaithe ag an bhfostóir, nó de réir mar a bheidh, an duine nó

an conraitheoir bainteach a ainmnítear ar an gcead i rith thréimhse bhaillóchta an cheada, ní mór an bunchead fostaíochta agus an chóip dheimhnithe atá á coimeád ag an bhfostóir, nó de réir mar a bheidh, an duine nó an conraitheoir bainteach, a thabhairt ar ais láithreach don Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Ní theastaíonn cead fostaíochta ó na náisiúnaigh neamh-LEE a leanas:

- oibrithe neamh-LEE atá fostaithe go dlíthiúil i mBallstát amháin a sheoltar go sealadach ar conradh chuig Ballstát eile – ní gá don fhostóir iarratas a dhéanamh ar cheadanna fostaíochta maidir leis na amhnáisiúnaigh do thréimhse an chonartha.
- náisiúnach neamh-LEE ar deonaíodh cead dó/di chun fanacht sa Stát ar cheann de na forais a leanas:
  - cead chun fanacht mar chéile nó mar chleithiúnaí de náisiúnach Éireannach/LEE,
  - cead chun fanacht mar thuismitheoir saoránaigh Éireannaigh,
  - cead sealadach chun fanacht sa Stát ar fhorais dhaonnúla, i ndiaidh a bheith sa phróiseas Tearmainn,
  - Cead sainráite a bheith faighte ón Roinn Díl agus Cirt agus Comhionannais chun fanacht ag cónaí agus bheith fostaithe sa Stát,
  - cead a bheith sa Stát mar mhac léinn cláraithe a bhfuil cead aige/aici chun oibriú 20 uair an chloig i rith am téarma agus 40 uair an chloig i rith tréimhsí saoire,
  - cead chun bheith sa Stát faoi théarmaí an Achta um Chaidreamh agus Díolúine Taidhleoireachta, 1967, agus a bheith sannta do Mhisean tíre lenar iontráil an Rialtas i gComhaontú Cleithiúnaithe Oibre,

- Náisiúnaigh na hEilvéise: I gcomhréir le téarmaí Acht na gComhphobal Eorpach agus Chónaidhm na hEilvéise, 2001, a tháinig i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2002, cumasaíonn seo saorghluaiseacht oibrithe idir an Eilvéis agus Éirinn, gan gá a bheith le Ceadanna Fostaíochta.

Ceapann an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta cigirí sa Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, chomh maith, mar oifigigh údaraithe ar mhaithe le cuspoír na nAchtanna um Cheadanna Fostaíochta.

## Na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Téarmaí Fostaíochta (Faisnéis))

Ceanglaítear sna hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 go 2014 ar fhostóirí chun ráiteas scríofa a sholáthar d'fhostaithe i leith critéir áirithe a bhaineann le téarmaí fostaíochta a bhfostaithe. Baineann na hAchtanna go ginearálta, le duine ar bith.

- oibriú faoi chonradh fostaíochta nó printíseachta
- fostaithe trí ghníomhaireacht fostaíochta nó
- ag fónamh don Stát (comhaltaí an Gharda Síochána agus na bhFórsaí Cosanta, Státseirbhísigh agus fostaithe aon údaráis áitiúil, bord sláinte, údarás calafoirt, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó bord oideachais agus oiliúna).

Ní bhaineann na hAchtanna le duine a bhí ag fónamh go leanúnach don fhostóir ar feadh breis agus 1 mhí.

I gcás oibrithe gníomhaireachtaí, is ionann an fostóir chun críocha na nAchtanna agus



an duine atá faoi dhliteanas an pá a íoc (an ghníomhaireacht fostaíochta nó an chliantchuideachta) agus tá sé/sí freagrach as an ráiteas scríofa a sholáthar.

Ní mór don fhostóir ráiteas scríofa a sholáthar de chritéir laistigh de 2 mhí de dháta tosaithe na fostaíochta. I gcás fostaithe ar cuireadh tús lena bhfostaíocht roimh an 16 Bealtaine 1994, (dáta tosaithe an Ahta), ní mór don fhostóir an ráiteas scríofa a sholáthar laistigh de dhá mhí i ndiaidh go n-iarrann an fostaí amhlaidh a dhéanamh.

Ní mór go n-áirítear leis an ráiteas scríofa, nach conradh ann féin é, critéir a bhaineann leis na téarmaí fostaíochta a bhaineann le hainm agus seoladh an fhostóra, an áit oibre, teideal an phoist/cineál na hoibre, dáta tosaithe na fostaíochta, fad ionchasach an chonartha (más conradh sealadach é) nó an dáta a éagfaidh an conradh (más conradh téarma sheasta é), ráta nó modh ríofa an phá, eatraimh phá, uaireanta oibre (ragobair san áireamh), tréimhse reachtúil scíthe agus teidlíochtaí do shosanna scíthe, saoire íochta, éagumas chun tabhairt faoi obair mar gheall ar bhreitheacht nó gortú, scéimeanna pinsean agus pinsin, teidlíochtaí fógra, comhaontuithe cláraithe fostaíochta, orduithe rialaithe fostaíochta agus comhaontuithe frithpháirteacha.

Ní mór a thabhairt le fios sa ráiteas, chomh maith, an tréimhse thagartha pá chun críche an Ahta um Pá Íosta Náisiúnta, 2000. Lena chois sin, ní mór go gcuirfidh an ráiteas téarmaí an fostaí ar an eolas go bhfuil sé/sí i dteideal iarraidh ar ráiteas dá m(h)eánráta pá san uair d'aon tréimhse thagartha pá a tháinig aníos le 12 mhí anuas faoi mar a fhoráiltear in alt 23 den Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000.

Mar rogha ar roinnt de na sonraí a sholáthar sa ráiteas, féadfaidh fostóir an ráiteas a úsáid chun an fostaí a atreorú chuig cáipéisí áirithe eile ina gcuimsítear na critéir, a fhad agus atá rochtain réasúnta ag an bhfostaí ar an gcáipéis sin.

Anuas air sin, ceanglaítear ar fhostóir fógra a thabhairt d'fhostaí má thagann athruithe ar na critéir a chuimsítear sa ráiteas scríofa laistigh de 1 mhí i ndiaidh go dtagann an t-athrú i bhfeidhm. Sa chás gur gá d'fhostaí oibriú lasmuigh den Stát ar feadh tréimhse nach lú ná 1 mhí, tá dualgas ar an bhfostóir critéir áirithe a chur leis an ráiteas scríofa agus chun an ráiteas a sholáthar sula n-imíonn an fostaí.

Ceanglaítear i rialacháin a dhéantar faoi na hAchtanna ar fhostóirí cóip a thabhairt dá bhfostaithe atá faoi 18 mbliana d'aois den achoimre oifigiúil ar an Acht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996 laistigh de mhí amháin tar éis glacadh le post.

## **Gearáin**

Foráiltear sna hAchtanna go bhfuil an ceart ag fostaí chun gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (an CCÁO) sa chás go gcreideann fostaí gur theip ar a f(h)ostóir ráiteas scríofa a sholáthar i gcomhréir le téarmaí na hAchtanna nó gur theip orthu fógra a thabhairt don fostaí i leith athruithe ar na critéir a chuimsítear sa ráiteas. Tá an fhoirm ábhartha ghearáin ar fáil ar [www.workplacerelations.ie](http://www.workplacerelations.ie) nó trí theagmháil a dhéanamh le Seirbhís Faisnéise agus Custaiméara an Choimisiúin ar 0818 80 80 90. Tá an ceart ag ceachtar páirtí chun achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Oibreachais i leith cinneadh a rinne Oifigeach Breithnithe an CCÁO.

## Faisnéis Bhreise

Féach na Leabhráin Mhínteacha ar na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 agus 2001, an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocrailthe), 2003, na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2007 agus an tAcht um Íoc Pá, 1991. Tá cóipeanna díobh ar fáil ar iarraidh, nó is féidir iad a íoslódáil ó [www.workplacelrelations.ie](http://www.workplacelrelations.ie)

Tá faisnéis ar fáil ar riachtanais Cheadanna Fostaíochta ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Guthán: (01) 417 5333

Íosghlao: 0818 201 616

Ríomhphost:

[employmentpermits@djei.ie](mailto:employmentpermits@djei.ie)

Láithreán Gréasáin: [www.djei.ie](http://www.djei.ie)





## 4 Uaireanta Oibre

### An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997

Leagtar amach san Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 cearta reachtúla d'fhostaithe a bhfuil scíth, am uasta oibre agus saoirí á bhfáil acu. Baineann na cearta seo cibé acu de réir an dlí faoi mar a leagtar amach san Acht, sna Rialacháin a dhéantar faoin Acht nó trí chomhaontuithe comhchoiteanna atá ina gceanglas dlíthiúil. D'fhéadfadh na comhaontuithe seo na hamanna a éagsúlú a ghlactar scíth nó d'fhéadfaidís an tréimhse mheánaithe a éagsúlú a ríomhtar am oibre a ríomh lena linn.

Ní bhaineann Acht 1997 le Comhaltaí na bhFórsaí Cosanta nó an Gharda Síochána. Ní bhaineann Cuid II den Acht (a dhéileáil le tréimhsí scíthe, agus le huaireanta oibre seachtainiúla) le dochtúir ospidéal faoi oiliúint nó le daoine atá fostaithe in iascaireacht mara nó in obair eile ar muir, daoine atá fostaithe sna seirbhísí um chosaint sibhialta (e.g. príosúin, seirbhísí dóiteáin, Garda Córta na hÉireann)<sup>2</sup>, iad siúd a rialaíonn a n-uaireanta oibre féin nó daoine atá fostaithe ag garghaol i dteach príobháideach cónaithe nó ar fheim ina gcónaíonn nó ar a gcónaíonn an bheirt acu.

Tá eamálacha áirithe a fágadh as an áireamh i dtosach báire ó scóip an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997 cuimsithe anois ag rialacha faoi am oibre trí roinnt sraitheanna Rialachán a rinneadh faoi Acht na gComhphobal Eorpach. Rinne na Rialacháin seo eamáil ar leith a thabhairt isteach laistigh de scóip Acht 1997 nó rinne siad foráil do rialacha aonair d'eamáil ar leith laistigh de shraith Rialachán. Áirítear leis na heamálacha seo oibríthe (seachas iad siúd a thugann faoi ghníomhaíochtaí soghluaiste iompair de bhóthar in eitleocht sibhialta atá cumhdaithe ag Rialacháin ar leith ama oibre a dhéantar faoi Threoracha an AE a bhaineann go sonrach leis na heamálacha siúd), dochtúirí faoi oiliúint, oibríthe iascaireachta mara agus oibríthe eischósta.

### Am Uasta Oibre sa tSeachtain

Is í an mheánseachtain uasta oibre 48 uair an chloig. Féadtar meánú a chothromú thar thréimhse 4, 6 nó 12 mhí ag brath ar na cúinsí.

<sup>1</sup> Féach Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Oibríthe ar bord Árthai Iascaireachta Farraise) (Eagrú Ama Oibre), 2003 (I.R. 709 de 2003)

<sup>2</sup> Féach na Rialacháin um Eagrú Ama Oibre (Díolúine ó Sheirbhísí Cosanta Sibhialta), 1998 (I.R. Uimh. 52 de 1998)

## Is féidir an ghlanseachtain uasta oibre 48 uair an chloig a mheánú i gcomhréir leis na rialacha a leanas:

Catagóir an Oibrí	Tréimhse Thagartha le haghaidh meánú
Fostaithe arb oibrithe oíche iad	2 mhí
Fostaithe go ginearálta	4 mhí
Fostaithe a bhfuil a n-obair faoi réir séasúracha, a dtiocfaidh borradh intuartha ar a ngníomhaíocht nó ina mbíonn baint dhíreach acu i leanúnachas seirbhíse nó táirgthe a chinntiú	6 mhí
Fostaithe a iontrálann i gcomhaontú comhchoiteann lena bhfostóirí a fhaomhann an Chúirt Oibreachais	A fhad le 12 mhí
Daoine óga faoi 18 mbliana	Socraítear uaireanta oibre san Acht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996.

## Scíth

Tá teidlíocht ghinearálta ag gach fostaí i leith na dtréimhsí scíthe a leanas:

Saghas na Scíthe	Teidlíocht
Laethúil	Scíth 11 uair an chloig laethúil i ndiaidh a chéile sa lá in aghaidh gach tréimhse 24 uair an chloig
Seachtainiúil	Tréimhse scíthe amháin 24 uair an chloig sa tseachtain a leanann tréimhse scíthe laethúil (11 uair an chloig i ndiaidh a chéile)
Sosanna Scíthe	15 nóiméad sa chás nár oibríodh breis agus 4 go leith uair an chloig; 30 nóiméad sa chás gur oibríodh breis agus 6 huair an chloig a bhféadfaí an chéad sos a áireamh leis.

Ní mór sos uair an chloig a cheadú d'fhostaithe siopa a oibríonn breis agus 6 huair an chloig agus a n-áirítear lena n-uaireanta oibre na huairteanta idir 11.30am agus 2.30pm agus caithfidh an sos seo tosú sna huairteanta idir 11.30am agus 2.30 pm.

Is féidir na tréimhsí scíthe agus na heatraimh scíthe seo a éagsúlú má tá comhaontú comhchoiteann i bhfeidhm a fhaomhann an Chúirt Oibreachais nó má rinneadh rialachán le haghaidh earnáil ar leith. Má thagann éagsúlú ar thréimhsí scíthe agus ar eatraimh scíthe faoi chomhaontuithe nó sna hearnálacha ceadaithe, ní mór go bhfuil scíth chomhionann chúiteach ar fáil don fhostaí.

## Oibrithe Oíche

Is ionann 'oíche' agus an tréimhse idir meán oíche agus 7am an lá dar gcionn.

Is ionann oibrithe oíche agus fostaithe a oibríonn de ghnáth ar feadh 3 huaire, ar a laghad, dá n-am laethúil oibre i rith na hoíche agus más ionann an líon bliantúil uaireanta a oibríoch istoíche agus 50%, ar a laghad, den am bliantúil oibre.

## Am uasta oibre istoíche

I dtaobh oibrithe oíche go ginearálta, is iad na huaireanta uasta oibre oíche 8 n-uaire san oíche a dhéantar a mheánú thar 2 mhí nó tréimhse níos faide a shonraítear i gcomhaontú comhchoiteann nach mór a fhaomhadh ag an gCúirt Oibreachais. I dtaobh oibrithe oíche a mbaireann guaiseacha speisialta nó strus trom fisiciúil lena n-obair, tá teorainn dhaingean 8 n-uaire an chloig i dtréimhse 24 uair an chloig i gceist, ar féidir leo tabhairt faoi obair istoíche lena linn.

## Sainmhínte, díolúintí agus gnéithe eile de chuid an Achta um Eagrú Oibre

Is ionann am oibre agus glanam oibre, i.e. cuirtear sosanna, an t-am a bhítear ar ghlaodhualgas nó ar fuireachas. Is é an sainmhíniú a thugtar san Acht ar am oibre ná an t-am sin a bhíonn an fostaí ina (h)áit oibre nó curtha ar fáil don fhostóir agus ag tabhairt faoi dhualgais nó gníomhaíochtaí a f(h)ostaíochta.

**Cúinsí Eisceachtúla nó Neamh-Intuartha – Ceadáitear san Acht díolúine ó na forálacha scíthe má tá cúinsí eisceachtúla, neamhghnácha agus neamh-intuartha i gceist.** Ní mór an scíth chúiteach chomhionann a ghlacadh laistigh de thréimhse réasúnta ama.

**Sealoibriú agus Sealoibriú Scoilte –** Foráiltear san Acht do dhíolúine uathoibríoch ó na forálacha laethúla agus seachtainiúla scíthe le haghaidh oibrithe sealoibre nuair a athraíonn siad a seal agus le haghaidh oibrithe a oibríonn sealanna scoilte. Ní mór an scíth chúiteach chomhionann a ghlacadh laistigh de thréimhse réasúnta ama.

**Díolúine ag Rialachán –** D'fhéadfadh catagóirí áirithe a bheith díolmhaithe ó na forálacha scíthe ag rialachán. D'fhéadfadh catagóirí fostaithe sna hearnálacha a leagtar amach sna Rialacháin um Eagrú Ama Oibre (Díolúintí Ginearálta), 1998 (I.R. Uimh. 21 de 1998), faoi réir scíth chúiteach chomhionann a fháil, a bheith díolmhaithe ó fhorálacha scíthe an Achta. Foráiltear in I.R. Uimh. 52 de 1998 (Díolúine ó Sheirbhísí Cosanta Sibhialta) do dhíolúintí ó fhorálacha scíthe agus seachtain uasta oibre an Achta gan gá a bheith le scíth chúiteach chomhionann.

**Díolúine trí Chomhaontú Comhchoiteann –** Féadfaidh aon eamáil nó gnólacht a bheith díolmhaithe ó na hamanna reachtúla scíthe trí chomhaontú comhchoiteann a fhaomhann an Chúirt Oibreachais, faoi réir go gcuirtear scíth chúiteach chomhionann ar fáil don fhostaí. Féadtar comhaontuithe comhchoiteanna chun na hamanna scíthe a éagsúlú a chur i dtoll a chéile idir an bhainistíocht agus ceardchumann nó comhlacht ionadaíoch foime eile in aon ghnólacht, eagraíocht nó frontar.

Tá na díolúintí seo faoi réir go gcuirtear scíth chúiteach chomhionann ar fáil don fhostaí. Ciallaíonn sin, cé go bhféadfadh go bhfuil córas solúbtha oibre á oibriú ag fostóirí, ní mór nach mbíonn fostaithe thíos le cailleanas scíthe.

Faoi na cúinsí seo, féadtar scíth a chur siar go sealadach agus a ghlacadh laistigh de thréimhse réasúnta ama.

## Saoirí

Tá pá saoire tuillte i gcoinne an ama a oibríodh. Tuilleann gach fostaí, idir fhostaithe lánaimseartha, páirtaimseartha, sealadacha agus ócáideacha teidlíochtaí saoire ón tráth a thosaítear an obair. Tabhair faoi deara, ar mhaithe le teidlíochtaí saoire a dheimhniú, meastar gurb ionann lá a bhí fostaí ar asláithreacht dheimhnithe i ngeall ar bhreiteacht agus lá oibre<sup>3</sup>.

Foráiltear san Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 go bhfuil formhór na bhfostaithe i dteideal saoirí bliantúla 4 seachtaine do gach bliain saoire agus teidlíochtaí pro rata a fháil do thréimhsí fostaíochta níos lú ná bliain amháin. I gcás fostaithe a oibríonn gnáthsheachtain 5 lá, b'ionann seo agus 1.66 lá sa mhí a oibríodh nó 20 lá.

Ag brath ar an am a oibríodh, ba cheart teidlíochtaí saoire fostaithe a ríomh ar cheann de na bealaí a leanas:

- (i) 4 seachtaine oibre i mbliain saoire ina n-oibríonn an fostaí 1,365 uair an chloig, ar a laghad (murach gur bliain atá i gceist ina n-athraíonn sé/sí fostaíocht).
- (ii) 1/3 de sheachtain oibre in aghaidh na míosa féilire ina n-oibríonn an fostaí 117 uair an chloig, ar a laghad.
- (iii) 8% de na huaireanta a oibríonn fostaí i mbliain saoire (ach faoi réir 4 seachtain oibre, ar a mhéid).

Deimhniú an fostóir an t-am is féidir Saoire bhliantúil a ghlacadh, agus aird ar riachtanais oibre, agus faoi réir go gcuireann an fostóir san áireamh an gá atá leis an bhfostaí chun freagrachtaí oibre agus teaghligh a thabhairt chun réitigh, agus na deiseanna atá ar fáil don fhostaí le haghaidh scíthe agus áineasa.

Foráiltear san Acht um Eagrú Ama Oibre go dtéitear i gcomhairle leis na fostaithe atá i gceist nó lena gceardchumainn ar a laghad 1 mhí roimh na dátaí a roghnaíonn an fostóir le haghaidh saoire bhliantúil. Ní mór saoire bhliantúil an fostaí a ghlacadh laistigh de bhliain na saoire lena mbaineann sí nó, le toiliú an fostaí, laistigh de 6 mhí den chéad bhliain saoire eile. Sa chás nach bhfuil an fostaí in ann an tsaoire go léir nó cuid di a ghlacadh i rith na thréimhse 6 mhí sin, i ngeall ar asláithreacht dheimhnithe nó breiteachta, féadtar an tsaoire sin a ghlacadh laistigh de 15 mhí i ndiaidh dheireadh na bliana saoire sin<sup>4</sup>.

Ní mór an pá don tsaoire bhliantúil a thabhairt sula dtosaítear Saoire bhliantúil an fostaí, agus ríomhtar í ar an ngnáthrata seachtainiúil.

Sa chás nach mbíonn fostaí fostaithe a thuilleadh agus go bhfuil saoire bhliantúil le glacadh go fóill, ba cheart do dtabharfaí cúiteamh don fostaí d'aon saoire nár glacadh a chailleadh a ríomhtar ar an ngnáthrata seachtainiúil pá nó ar ráta atá i gcomhréir leis an ngnáthrata seachtainiúil pá a gheobhadh sé/sí dá ndeonófaí an tsaoire sin dó/di.

<sup>3</sup> Féach Alt 19(1)(A) den Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 (arna leasú ag Alt 86(1)(a) den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015)

<sup>4</sup> Féach Alt 20(1)(c) d'Acht 1997 (arna iontráil ag Alt 86(1)(b) den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015)

## Saoirí Poiblí

Foráiltear san Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 do na naoi saoire phoiblí a leanas:

### Saoirí Poiblí

An 1 Eanáir (Lá Caille)  
Lá Fhéile Pádraig;  
Luan Cásca;  
An chéad Luan i mBealtaine;  
An chéad Luan i Meitheamh;  
An chéad Luan i Lúnasa;  
An Luan deireanach i nDeireadh Fómhair;  
Lá Nollag;  
Lá Fhéile Stiofán.

Maidir le gach saoire phoiblí, tá fostaí i dteideal an méid a leanas a fháil:

- (i) lá saor íoctha ar an tsaoire, nó
- (ii) lá saor íoctha laistigh de mhí amháin, nó
- (iii) lá saoire bliantúla breise, nó
- (iv) pá breise lae de réir

mar a chinnfidh an fostóir.

Má thagann an tsaoire phoiblí aníos ar lá a oibríonn an fostaí de ghnáth, tá an fostaí i dteideal lá saor íoctha a fháil, pá breise lae a fháil, lá saor íoctha a ghlacadh laistigh de mhí amháin i ndiaidh an lae, nó lá breise de shaoire bhliantúil íoctha a fháil don tsaoire phoiblí.

Má thagann an tsaoire phoiblí aníos ar lá nach gnách go n-oibríonn an fostaí, tá an fostaí i dteideal an cúigiú (1/5ú) cuid dá g(h)náthphá seachtainiúil a fháil don lá seo. Féadfaidh an fostóir an cinneadh a dhéanamh ar cén ráta pá a íoctar má chuirtear roghanna (i), (ii) nó (iv) thuas ar fáil dó/di.

Má iarrtar ar an bhfostaí oibriú ar an tsaoire phoiblí, tá sé/sí i dteideal pá lae breise a fháil don lá, nó lá saor íoctha a fháil laistigh de mhí amháin i ndiaidh an lae, nó lá breise saoire íoctha bliantúla a fháil.

Níl aon riachtanas seirbhíse ann maidir le saoirí poiblí i measc fostaithe coibhéise lánaimseartha. Cáilíonn catagóirí eile d'fhostaithe (páirtaimseartha) do theidliocht do shaoire phoiblí a fhad agus a d'oibrigh siad ar a laghad 40 uair an chloig le linn na 5 seachtaine dar críoch an lá roimh shaoire phoiblí.

(Tabhair faoi deara go dtagraíonn an tAcht seo do shaoirí poiblí seachas saoirí bainc. Ní hionann gach saoire oifigiúil bhainc agus saoire phoiblí, cé go dtagann an chuid is mó díobh aníos ar an lá céanna, i gcleachtas.)

## Biseach an Domhnaigh

Mura gcuirtear san áireamh cheana féin sa ráta pá é, is gnách go mbíonn fostaithe i dteideal am saor a fháil ina ionad nó íocaíocht bisigh a fháil má oibríonn siad ar an Domhnach. Tá fostaí i dteideal an íocaíocht bhisigh a fháil má oibríonn siad ar an Domhnach, atá iníoctha le fostaí inchomparáide i gcomhaontú comhchoiteann atá i bhfeidhm ina mhacasamhail de thionscal nó d'earnáil. Ciallaíonn seo gurb ionann a bheidh Biseach an Domhnaigh, mura n-íoctar cheana féin é, agus an comhaontú comhchoiteann infheidhme is gaire a bhaineann leis an obair chéanna nó le hobair chomhchosúil faoi chúinsí comhchosúla agus a sholáthraíonn biseach an Domhnaigh. Féadfaidh na rudaí a leanas a bheith i gceist leis an mbiseach:

- Liúntas
- Ráta méadaithe pá
- Am saor íoctha
- Meascán den dá rud

## Náid Uaireanta

Beidh fostaithe i dteideal íocaíocht a fháil do 25% den am is gá dóibh a bheith ar fáil nó 15 huair an chloig, pé ceann is lú, e.g. má oibrítear conradh fostaíochta fostaí lena cheangal ar an bhfostaí a bheith ar fáil ar feadh 48 uair an chloig in aon seachtain amháin, beidh sé/sí i dteideal íocaíocht íosta 12 uair an chloig a fháil fiú mura gá dó/di oibriú an seachtain sin.

Ní bhaineann an fhoráil Náid Uaireanta le leagan as, cúinsí gearrthéarma, éigeandála nó eisceachtúla, breoiteacht fostaí nó fostaí ar glao-dhualgas.

## Taifid

Forordaítear na taifid a cheanglaítear ar an bhfostóir a choimeád in I.R. Uimh. 473 de 2001, na Rialacháin um Eagrú Ama Oibre (Taifid) (Foirm Fhorordaithe agus Díolúintí), 2001. Ní mór na taifid a choimeád ar feadh 3 bliana agus ní mór go mbíonn siad ar fáil le haghaidh cigireachta ag Cigirí an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre.

Foráiltear sna rialacháin seo go gceanglaítear ar fhostóirí an méid a leanas a choimeád:

- (i) taifead ar líon na n-uaireanta a d'oibrigh fostaithe (gan béilí agus sosanna scíthe a áireamh) ar bhonn laethúil agus seachtainiúil;
- (ii) taifead den tsaoire a deonaíodh d'fhostaithe i ngach seachtain trí shaoire bhliantúil nó maidir le saoire phoiblí agus íocaíocht a rinneadh maidir leis an tsaoire sin;
- (iii) taifead seachtainiúil ar an bhfógra i leith am tosaigh agus críochnaithe na bhfostaithe.

Maidir le (i) thuas, cuimsítear Foirm OWT1 sna Rialacháin nach mór d'fhostóirí nach bhfuil meáin leictreonacha acu chun taifead a dhéanamh, líon na n-uaireanta a d'oibrigh na fostaithe a chur i dtaifead ar bhonn laethúil agus seachtainiúil.

Cheanglaítear sna Rialacháin, chomh maith, go gcoimeádann fostóir cóip den ráiteas a sholáthraítear do gach fostaí faoi fhorálacha na nAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994-2014 – Féach Téarmaí Fostaíochta – Mír 3.

Foráiltear sna Rialacháin do dhíolúintí, faoi réir coinníollacha áirithe, maidir le taifid a choimeád ag fostóirí ar shosanna scíthe agus tréimhsí scíthe faoin Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997.

## Gearáin

Foráiltear sna hAchtanna go bhfuil ceart gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (an CCAO) sa chás go gcreideann fostaí gur tharla sárú ar an Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997. Tá an fhoirm ábhartha ghearáin ar fáil ar [www.workplacerelations.ie](http://www.workplacerelations.ie) nó trí theagmháil a dhéanamh le Seirbhísí Faisnéise agus Custaiméara an Choimisiúin ar 0818 80 80 90. Tá an ceart ag ceachtar páirtí chun achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Oibreachais i leith cinneadh a rinne Oifigeach Breithnithe an CCAO.

Sa chás go bhfuil cigire an CCAO sásta gur thit sárúithe áirithe faoin Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 amach, féadfaidh sé/sí, i gcomhréir le hAlt 28 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015, Fógra Comhlíonta a eisiúint don fhostóir ina leagtar amach na gníomhartha comhlíonta atá le glacadh faoi dháta shonraithe. Féadfaidh fostóir achomharc a dhéanamh i leith an fhógra sin leis an gCúirt Oibreachais tráth nach déanaí ná 42 lá i ndiaidh gur seirbheáladh an fógra. Is ionann teip ar Fhógra Comhlíonta a chomhlíonadh agus cion. Féadtar Fógraí Comhlíonta a eisiúint maidir leis na sárúithe a leanas ar Act 1997:



An tAlt d'Acht 1997	Sárú
Alt 6(2)	Teip ar fhostóir chun tréimhsí cúiteacha scíthe a dheonú.
Alt 11	Teip ar fhostóir chun tréimhse laethúil scíthe a dheonú
Alt 12	Teip ar fhostóir chun sosanna scíthe a dheonú
Alt 13	Teip ar fhostóir chun tréimhse sheachtainiúil scíthe a dheonú
Alt 14(1)	Teip ar fhostóir chun fostaí a chúiteamh le haghaidh oibre ar an Domhnach
Alt 15(1)	Ceadaíonn fostóir fostaí chun oibriú níos mó ná an tseachtain uasta oibre
Alt 16(2)	Ceadaíonn fostóir oibrí oíche chun níos mó a oibriú ná na huaireanta ceadaithe le haghaidh tréimhse 24 uair
Alt 17	Teip ar fhostóir chun fostaí a chur ar an eolas ar uaireanta oibre
Alt 18	Teip ar fhostóir chun íocaíocht a dhéanamh faoi Alt 18(2) le fostaí ag a bhfuil uaireanta oibre bunaithe ar náid uaireanta
Alt 19(1)	Teip ar fhostóir chun teidlíochtaí saoire bliantúla a dheonú
Alt 19(1)(a)	Teip ar fhostóir chun asláithreacht dheimhnithe a áireamh i ngeall ar bhreiteacht ar mhaithe le teidlíocht do shaoire bhliantúil
Alt 21	Teip ar fhostóir chun teidlíochtaí saoire bliantúla poiblí a dheonú
Alt 22	Teip ar fhostóir chun forálacha forlíontacha saoire poiblí a chomhlíonadh
Alt 23(1)	Teip ar fhostóir chun cúiteamh a dheonú ar dheireadh fostaíochta ar chaillteanas saoire bliantúla
Alt 23(2)	Teip ar fhostóir chun cúiteamh a dheonú ar dheireadh fostaíochta ar chaillteanas saoirí poiblí

## Faisnéis Bhreise

Féach an Bhileog Mhínitheach ar Bhiseach an Domhnaigh agus Náid Uaireanta, an Bhileog Mhínitheach ar an Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 nó an Cód Cleachtais maidir le Scíth Chúiteach, a bhfuil cóipeanna díobh ar fáil ar iarraidh, nó ar féidir iad a íoslódáil ó [www.workplacereactions.ie](http://www.workplacereactions.ie).





## 5 Fostaithe Páirtaimseartha

### Ginearálta

Foráiltear an méid a leanas san Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001:

- (i) Ní féidir caitheamh le fostaí páirtaimseartha (faoi mar a dtugtar sainmhíniú air thíos) ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna leis an mbealach a chaitear le fostaí inchomparáide lánaimseartha maidir le coinníollacha fostaíochta.
- (ii) Baineann an reachtaíocht um chosaint fostaithe go léir le fostaithe páirtaimseartha ar an mbealach céanna a bhaineann sí cheana féin le fostaithe lánaimseartha. Baineann aon choinníollacha cáilitheacha (seachas aon tairseacha uaireanta) a bhaineann le fostaithe lánaimseartha in aon chuid den reachtaíocht sin, le fostaithe páirtaimseartha chomh maith.

### FORÁILTEAR IN ACHT 2001 AN MÉID A LEANAS, CHOMH MAITH

- (i) Féadtar caitheamh le fostaí páirtaimseartha ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna leis an mbealach a chaitear le fostaí inchomparáide sa chás gur féidir údar a thabhairt leis an gcaitheamh sin ar fhorais oibiachtúla (féach an sainmhíniú thíos).

- (ii) Féadtar caitheamh le fostaí páirtaimseartha ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna leis an mbealach a chaitear le fostaí lánaimseartha maidir le haon scéim nó socrú pinsin nuair is ionann a (h)uaireanta oibre agus níos lú ná 20 faoin gcéad de ghnáthuaireanta oibre an fhostaí inchomparáide lánaimseartha. Ní chuireann an fhoráil seo cosc ar fhostóir agus ar fhostaí páirtaimseartha ó chomhaontú a iontráil ina bhféadfadh fostaí na sochair chéanna phinsin a fháil a fhaigheann fostaí inchomparáide lánaimseartha.

### Cé atá Cumhdaithe ag an Act?

Go ginearálta, baineann an tAcht le haon fhostaí páirtaimseartha

- (i) atá ag oibriú faoi chonradh fostaíochta nó printíseachta
- (ii) atá fostaithe trí ghníomhaireacht fostaíochta, nó
- (iii) a bhfuil oifig á sealbhú aige/aici, nó a fhónann don Stát, ina measc comhaltaí an Gharda Síochána agus na bhFórsaí Cosanta, Státseirbhíisigh agus fostaithe aon údarais áitiúil, bhord sláinte, údarás calafoirt, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó bord oideachais agus oiliúna.

I gcás oibríthe gníomhaireachtaí, is ionann an fostóir chun críocha an Ahta, de ghnáth, agus an duine atá faoi dhliteanas an pá a íoc (an ghníomhaireacht fostaíochta nó an chliantchuideachta) agus is é/í a bheidh freagrach as a chinntiú nach gcaitear le fostaí páirtaimseartha ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna le fostaí inchomparáide lánaimseartha.

## Forais oibiachtúla

Mheasfaí gurbh ionann foras agus foras oibiachtúil le haghaidh caithimh ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna, má tá sé bunaithe ar bhreithniúcháin, seachas ar stádas an fhostaí mar oibrí páirtaimseartha agus go bhfuil an caitheamh nach bhfuil chomh fabhrach céanna ar mhaithe le cuspóir dlísteanaigh an fhostóra a bhaint amach agus go dteastaíonn an caitheamh sin don chuspóir sin.

## Fostaí Páirtaimseartha

Ciallaíonn fostaí páirtaimseartha fostaí ar lú a g(h)náthuaireanta oibre agus gnáthuaireanta oibre fostaí inchomparáide i gcoibhneas leis/léi.

## Fostaí Lánaimseartha

Ciallaíonn fostaí lánaimseartha fostaí nach fostaí páirtaimseartha é/í.

## Fostaí Inchomparáide

Is ionann fostaí inchomparáide agus fostaí lánaimseartha (den ghnéas céanna nó eile) a gcuireann fostaí páirtaimseartha é/í féin i gcomparáid leis/léi (a shainmhínítear san Acht mar “fostaí ábhartha páirtaimseartha”) sa chás go gcomhlíontar na coinníollacha a leanas:

- (a) sa chás go bhfuil an fostaí inchomparáide agus an fostaí páirtaimseartha fostaithe ag an bhfostóir céanna nó ag fostóir gaolmhar agus comhlíontar ceann amháin de na coinníollacha dá dtagraítear in (i), (ii) nó (iii) thíos,
- (b) sa chás nach bhfuil feidhm ag (a) thuas (an cás san áireamh gurb é an fostaí páirtaimseartha an t-aon fhostaí de chuid an fhostóra), sonraítear an fostaí lánaimseartha i gcomhaontú comhchoiteann a bheith ina f(h)ostaí inchomparáide maidir leis an bhfostaí páirtaimseartha, nó
- (c) sa chás nach mbaineann ceachtar (a) nó (b) thuas, tá an fostaí lánaimseartha fostaithe sa tionscal nó san eamáil chéanna fostaíochta leis an bhfostaí páirtaimseartha agus comhlíontar ceann amháin de na coinníollacha dá dtagraítear in (i), (ii) nó (iii) thíos.

Seo a leanas coinníollacha (i), (ii) agus (iii) dá dtagraítear thuas –

- (i) sa chás go dtugann an bheirt fostaithe faoin obair chéanna faoi na coinníollacha céanna nó comhchosúla nó go bhfuil fostaí amháin inmhalartaithe leis an bhfostaí eile maidir leis an obair,
- (ii) sa chás go bhfuil an obair faoina dtugann duine de na fostaithe lena mbaineann den chineál céanna nó comhchosúil leis sin faoina dtugann an fostaí eile agus gur beag an tábhacht aon difríochtaí idir an obair faoina dtugtar nó idir na coinníollacha faoina dtugann gach fostaí, maidir leis an obair ina hiomláine nó go dtarlaíonn siad chomh neamhrialta sin nach mbaineann tábhacht leis, agus
- (iii) tá an obair faoina dtugann an fostaí páirtaimseartha cothrom le nó níos mó ó thaobh luacha de ná an obair faoina dtugann an fostaí eile lena mbaineann, agus aird ar cheisteanna ar nós scile, riachtanais fhisiciúla nó mheabhracha, freagrachta agus coinníollacha oibre.

## Oibrí Gníomhaireachta

Ciallaíonn oibrí gníomhaireachta duine aonair a chomhaontaíonn le duine eile, atá ag tabhairt faoi ghnó gníomhaireacht fostaíochta, chun tabhairt faoi aon obair nó seirbhís go pearsanta don tríú duine (cé acu más páirtí leis an gconradh nó mura páirtí leis an gconradh an tríú duine). Ní féidir le hoibrí gníomhaireachta tríú páirtí é/í féin a chur i gcomparáid ach le fostaí inchomparáide arb oibrí gníomhaireachta é/í, chomh maith, agus ní féidir le fostaí páirtaimseartha, nach oibrí gníomhaireachta é/í, é/í féin a chur i gcomparáid le hoibrí gníomhaireachta.

## Gearáin

Foráiltear in Acht 2001 go bhfuil ceart gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (an CCÁO) sa chás go gcreideann fostaí gur tharla sárú ar an Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001. Tá an fhoirm ábhartha ghearáin ar fáil ar [www.workplacerelations.ie](http://www.workplacerelations.ie) nó trí theagmháil a dhéanamh le Seirbhísí Faisnéise agus Custaiméara an Choimisiúin ar 0818 80 80 90. Tá an ceart ag ceachtar páirtí chun achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Oibreachais i leith cinneadh a rinne Oifigeach Breithnithe an CCÁO.

## Faisnéis Bhreise

Féach an Leabhrán Mínitheach ar an Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001. Tá cóip de ar fáil ar iarraidh, nó is féidir é a íoslódáil ó [www.workplacerelations.ie](http://www.workplacerelations.ie)





## 6 Oibrithe Téarma Sheasta

### Ginearálta

Foráiltear an méid a leanas san Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003

- (i) Ní féidir caitheamh le fostaí téarma sheasta (faoi mar a dtugtar sainmhíniú air thíos) ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna leis an mbealach a chaitear le fostaí inchomparáide buan maidir le coinníollacha fostaíochta
- (ii) Baineann an reachtaíocht um chosaint fostaithe go léir, seachas le difhostú éagórach faoi chúinsí áirithe, le fostaí téarma sheasta ar an mbealach céanna a bhaineann sí cheana féin le fostaí buan Baineann aon choinníollacha cáilitheacha a bhaineann le fostaithe buana in aon chuid den reachtaíocht sin, le fostaí téarma sheasta chomh maith,
- (iii) I gcás fostaí téarma sheasta a earcaíodh i ndiaidh achtú an Achta, sa chás go bhfuil sé nó sí fostaithe ag a fhostóir nó a fostóir nó fostóir gaolmhar ar dhá chonradh téarma sheasta leanúnacha nó níos mó, ní sháróidh fad comhiomlán na gconarthaí siúd ceithre bliana, agus meastar, ina dhiaidh sin, má rinneadh an conradh a athnuachan arís eile, gur chonradh d'fhad éiginnte a bhí ann, mura raibh forais oibiachtúla ag an bhfostóir leis an gconradh sin a athnuachan arís ar bhonn téarma seasta. I gcás fostaí téarma sheasta a

earcaíodh sular achtaíodh an tAcht, foráladh san Acht, sa chás gur chríochnaigh fostaí a t(h)riú bliain d'fhostaíocht leanúnach lena f(h)ostóir, ní fhéadfadh ach an fostóir sin a c(h)onradh téarma sheasta a athnuachan ar bhonn téarma seasta uair amháin eile agus ar feadh téarma nach faide ná bliain amháin, agus measadh, ina dhiaidh sin, má rinneadh an conradh a athnuachan arís eile, gur conradh d'fhad éiginnte a bhí ann, mura raibh forais oibiachtúla ag an bhfostóir leis an gconradh sin a athnuachan arís ar bhonn téarma seasta.

Foráiltear san Acht an méid a leanas, chomh maith

- (i) Féadtar caitheamh le fostaí téarma sheasta ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna leis an mbealach a chaitear le fostaí inchomparáide buan sa chás gur féidir údar a thabhairt leis an gcaitheamh sin ar fhorais oibiachtúla (féach an sainmhíniú thíos).
- (ii) Féadtar caitheamh le fostaí téarma sheasta ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna leis an mbealach a chaitear le fostaí inchomparáide buan maidir le haon scéim nó socrú pinsin nuair is ionann a (h)uireanta oibre agus níos lú ná 20 faoin gcéad de ghnáthuireanta oibre an fhostaí inchomparáide bhuaín. Ní

chuireann an fhoráil seo cosc ar fhostóir agus ar fhostaí téarma sheasta ó chomhaontú a iontráil ina bhféadfadh an fostaí sin na sochair chéanna phinsin a fháil a fhaigheann fostaí inchomparáide buan.

## Cé atá Cumhdaithe ag an tAcht?

Go ginearálta, baineann an tAcht le haon fhostaí téarma sheasta

- (i) atá ag oibriú faoi chonradh fostaíochta nó printíseachta
- (ii) atá i seilbh oifige faoin Stát, nó a dhéanann fónamh don Stát, ina measc Comhaltaí an Gharda Síochána, státseirbhísis agus fostaithe aon bhord sláinte, údarás calafoirt, údarás áitiúil nó coiste gairmoideachais.

Ní bhaineann an tAcht le hoibríthe gníomhaireachta a chuireann gníomhaireacht fostaíochta ar fáil d'fhiontar úsáideora; printíseach; comhalta de na Fórsaí Cosanta; Garda faoi oiliúint nó altra faoi oiliúint. Baineann an tAcht le hoibríthe gníomhaireachta atá fostaithe go díreach ag gníomhaireachta fostaíochta, áfach.

## Foras oibiachtúla

Mheasfaí gurbh ionann foras agus foras oibiachtúil le haghaidh caitimh ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna, má tá sé bunaithe ar bhreithniúcháin, seachas ar stádas an fhostaí mar oibrí téarma sheasta agus go bhfuil an caitheamh nach bhfuil chomh fabhrach céanna ar mhaithe le cuspóir dlísteanaigh an fhostóra a bhaint amach agus go dteastaíonn an caitheamh sin don chuspóir sin.

Sa chás, i dtaobh aon téarma dá c(h)onradh, go gcaitheann a f(h)ostóir le fostaí téarma sheasta ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna leis an mbealach a chaitear le fostaí inchomparáide buan, measfar go mbeidh údar leis an gcaitheamh atá i gceist (chun críocha alt 6(2) den Acht) ar fhorais oibiachtúla, má bhíonn téarmaí an chonartha téarma sheasta fostaíochta, agus aird ar na téarmaí iomlána, chomh fabhrach céanna, ar a laghad, le téarmaí chonradh fostaíochta an fhostaí inchomparáide bhuaín.

## Fostaí Téarma Sheasta

Ciallaíonn fostaí téarma sheasta duine a d'iontráil i gconradh fostaíochta le fostóir sa chás go ndéanann coinníoll oibiachtúil, ar nós dáta sonracha a bhaint amach, tasc sonracha a chríochnú nó tarlú imeachta shonraigh, deireadh an chonartha a chinneadh.

Ní áirítear leis an téarma "fostaí téarma sheasta" fostaithe atá faoi ghairmoiliúint tosaigh nó atá ag tabhairt faoi scéimeanna printíseachta ná fostaithe a bhfuil conradh fostaíochta acu a tugadh chun críche laistigh de chreatlach chlár oiliúna, lánpháirtithe nó athoiliúna gairme lena dtacaítear go poiblí.

## Fostaí Buan

Ciallaíonn fostaí buan fostaí nach fostaí téarma sheasta é/í.



## Fostaí Buan Inchomparáide

Fostaí inchomparáide buan is ea fostaí maidir le fostaí téarma sheasta

- (a) má tá an fostaí buan agus an fostaí téarma sheasta fostaithe ag an bhfostóir céanna nó ag fostóir gaolmhar agus comhlíontar ceann amháin de na coinníollacha dá dtagraítear in (i), (ii) nó (iii) thíos,
- (b) sa chás nach mbaineann (a) thuas (an cás san áireamh ina bhfuil an fostaí téarma sheasta mar fhostaí aonair an fhostóra), sonraítear an fostaí buan i gcomhaontú comhchoiteann, arb ionann sin agus comhaontú a bhfuil éifeacht aige i dturas an ama i dtaca leis an bhfostaí téarma sheasta ábhartha, gurb ionann é/í agus fostaí inchomparáide buan i dtaca leis an bhfostaí téarma sheasta, nó
- (c) sa chás nach mbaineann ceachtar (a) nó (b) thuas, tá an fostaí fostaithe sa tionscal nó san eamail chéanna fostaíochta leis an bhfostaí téarma sheasta agus comhlíontar ceann amháin de na coinníollacha dá dtagraítear in (i), (ii) nó (iii) thíos.

Seo a leanas coinníollacha (i), (ii) agus (iii) dá dtagraítear thuas -

- (i) tugann an bheirt fostaithe faoin obair chéanna faoi na coinníollacha céanna nó comhchosúla nó go bhfuil fostaí amháin inmhalartaíthe leis an bhfostaí eile maidir leis an obair,
- (ii) tá an obair faoina dtugann duine de na fostaithe atá i gceist den chineál céanna nó comhchosúil faoina dtugann an fostaí eile agus is beag an tábhacht aon difríochtaí idir an obair

faoina dtugtar nó idir na coinníollacha faoina dtugann gach fostaí, maidir leis an obair ina hiomláine nó go dtarlaíonn siad chomh neamhrialta sin nach mbaineann tábhacht leis, agus

- (iii) tá an obair faoina dtugann an fostaí ábhartha téarma sheasta cothrom le nó níos mó ó thaobh luacha de ná an obair faoina dtugann an fostaí eile lena mbaineann, agus aird ar cheisteanna ar nós scile, riachtanais fhisiciúla nó mheabhreacha, freagrachta agus coinníollacha oibre.

Tig leis an bhfostaí inchomparáide buan a bheith de cheachtar den ghnéas eile leis an bhfostaí téarma sheasta lena mbaineann nó den ghnéas céanna leis nó léi.

## Coinníollacha Oibiachtúla

Foráiltear san Acht go gcuirfidh a f(h)ostóir fógra i scríbhinn d'fhostaí téarma sheasta a luaithe agus is indéanta ar an gcoinníoll oibiachtúil a chinneann an Conradh, i.e. cibé a leanas atá i gceist leis

- (i) beidh sé i gceist ag dáta sonrach,
- (ii) beidh tasc sonrach á chríochnú aige, nó
- (iii) beidh tarlú imeachta shonraigh i gceist leis

## Forais Oibiachtúla a thugann Údar le hAthnuachan

Foráiltear san Acht, sa chás go mbeartaíonn fostóir chun Conradh téarma sheasta a athnuachan, cuirfeadh an fostaí ar an eolas i scríbhinn, tráth nach déanaí ná an dáta athnuachana, ar na forais oibiachtúla a thugann údarú le hathnuachan an chonartha téarma sheasta agus le teip ar chonradh d'fhad éiginnte.

Foráiltear, lena chois sin, go bhfuil na ráitis scríofa dá dtagraítear san alt seo agus san alt díreach os a chionn seo ceadaithe mar fhianaise in aon imeachtaí faoin Acht. Foráiltear san Acht, chomh maith, gur féidir le hOifigeach Breithnithe de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre nó an Chúirt Oibreachais aon tatal a bhaint a mheasann sé nó sí is ceart agus is cóir más dealraitheach dó nó di nó dó sin (a) gur theip ar fhostóir ráiteas scríofa a sholáthar, nó (b) go bhfuil ráiteas scríofa seachantach nó débhríoch.

## **Conarthaí Téarma Sheasta Éiginnte**

Ní féidir le fostóir fostaí a fhostú ar shraith conarthaí téarma sheasta go héiginnte.

## **Fostaithe ar conarthaí téarma sheasta**

A luaithe a chríochnaíonn nó a chríochnaigh fostaí téarma sheasta 3 bliana leanúnacha d'fhostaíocht lena f(h)ostóir nó lena f(h)ostóir gaolmhar, ní fhéadfaidh an fostóir an Conradh a athnuachan do théarma seasta ach uair amháin eile agus féadfaidh an athnuachan sin a dhéanamh do thréimhse nach faide ná 1 bliain.

Sa chás go bhfuil fostaí fostaithe ag a f(h)ostóir nó a f(h)ostóir gaolmhar ar 2 chonradh téarma sheasta leanúnacha nó níos mó, ní féidir le fad comhiolán na gconarthaí siúd 4 bliana a shárú.

Sa chás go n-airbheartaíonn téarma fostaíochta le téarma an chonartha fostaíochta de chuid ceachtar fostaí a luaitear thuas a theorannú, mar shárú ar na rialacha thuas, beidh an téarma sin ar neamhní agus ní bheidh aon éifeacht aige agus measfar gurb ionann an Conradh atá i gceist agus Conradh

d'fhad éiginnte – i.e. gurb ionann agus Conradh buan é.

Ní bhaineann na rialacha thuasluaite nuair atá forais oibiachtúla ann a thugann údar le Conradh fostaíochta a athnuachan le haghaidh téarma seasta amháin.

Deimhníonn an Chéad Sceideal leis an Acht um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 – a bhaineann le fostaíocht leanúnach – cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil fostaíocht ar chonarthaí téarma sheasta leanúnach nó nach bhfuil.

## **Folúntais agus deiseanna oiliúna**

Foráiltear in Acht 2003, d'fhonn go mbeidh an deis chéanna ag fostaí téarma sheasta atá ag fostaithe eile chun post buan a bhaint amach, tabharfaidh fostóir fógra dó nó di maidir le folúntais ábhartha a thagann aníos sa ghnóthas.

Féadtar an fhaisnéis seo a sholáthar trí fhógra ginearálta ag áit oiriúnach in áit fostaíochta an fostaí. Maidir le rochtain ag fostaí téarma sheasta, áfach, ar dheiseanna cuí oiliúna, foráiltear san Acht go soláthróidh fostóir an rochtain seo a mhéid agus indéanta.

## **Faisnéis faoi oibriú téarma sheasta**

Foráiltear san Acht go ndéanfaidh fostóirí, a mhéid agus is indéanta, breithniú ar ionadaithe fostaithe a chur ar an eolas faoi obair théarma seasta sa ghnóthas.

## Gearáin

Foráiltear in Acht 2003 go bhfuil ceart gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (an CCÁO) sa chás go gcreideann fostaí gur tharla sárú ar an Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003. Tá an fhoirm ábhartha ghearán ar fáil ar [www.workplacerelations.ie](http://www.workplacerelations.ie) nó trí theagmháil a dhéanamh le Seirbhísí Faisnéise agus Custaiméara an Choimisiúin ar 0818 80 80 90. Tá an ceart ag ceachtar páirtí chun achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Oibreachais i leith cinneadh a rinne Oifigeach Breithnithe an CCÁO.

## Faisnéis Bhreise

Féach an Leabhrán Mínitheach ar an Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003. Tá cóip de ar fáil ar iarraidh, nó is féidir é a íoslódáil ó [www.workplacerelations.ie](http://www.workplacerelations.ie)



## 7 Fostaíocht Leanaí agus Daoine Óga

### Ginearálta

Cé go gcoisctear leanaí faoi 16 bliana a fhostú go ginearálta san Acht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996, féadtar leambh os cionn 14 bliana d'aois a cheadú chun obair éadroim a dhéanamh i rith saoirí scoile a fhad agus nach ndéanann sé díobháil don tsláinte, don fhorbairt nó don scolaíocht nó féadtar an leambh a fhostú mar chuid de clár taithí oibre nó oideachais faofa. Féadfaidh leambh os cionn 15 bliana d'aois an obair sin a dhéanamh, chomh maith, ar feadh a fhad le 8 n-uaire an chloig sa tseachtain i rith téarma na scoile. Féadtar aon leambh faoi 16 a fhostú i ngníomhaíochtaí scannáin, amharclainne, spóirt nó fógraíochta faoi cheadúnas ón Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta<sup>5</sup>.

Ní mór go ndéanfaidh fostóir ar mian leis nó léi aon duine faoi 18 mbliana d'aois a fhostú soláthar a dteastais bhreithe a iarraidh. Sula bhfostaítear leambh faoi 16 bliana d'aois, ní mór d'fhostóir cead scríofa a fháil ó na tuismitheoirí nó ón gcaomhnóir.

Foráiltear in Acht 1996, anuas air sin, go leagtar teorainneacha ar uaireanta oibre daoine óga (i.e. leanaí 16 agus 17 mbliana d'aois) agus d'eatraimh scíthe agus cuirtear toirmeasc ar obair oíche.

I dtaobh uaireanta oibre, ní fhéadfaidh daoine óga (leanaí 16 agus 17 mbliana d'aois) oibriú ar feadh breis agus 8 n-uaire in aon lá nó 40 uair in aon seachtain.

Ní mór d'fhostóir a fhostaíonn daoine óga faoi 18 mbliana d'aois achoimre a thaispeáint den Acht (atá ar fáil i bhfoirm phóstaer), agus achoimre a thabhairt, chomh maith leis sin, ar an Acht don fhostaí laistigh de 1 mhí i ndiaidh go dtosaítear an fhostaíocht.

Féadfaidh an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre nó ceardchumann an fhostóra (beidh eisceachtaí áirithe i gceist) dul i mbun imeachtaí i dtaobh sárúithe ar fhorálacha Acht 1996 laistigh de 12 mhí i ndiaidh an tsárúithe líomhnaithe. Lena chois sin, féadfaidh daoine óga agus tuismitheoirí/caomhnóirí (linbh) sárúithe áirithe ar an Acht a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre go ndéanfar breithniú orthu.

<sup>5</sup> Déanann an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre iarratais ar na ceadúnais sin a fháil agus a phróiseáil

## Leanaí os cionn 14 bliana d’aois

Achoimre ar Fhorálacha maidir le Leanaí os cionn 14 bliana d’aois a Fhostú

Aois	Uaireanta uasta sa lá/tseachtain i rith théarma na scoile	Uaireanta uasta sa lá/tseachtain lasmuigh de théarma na scoile	Uaireanta ceadaithe oibre	Taithí uasta sa tseachtain/lá **
14	Nialas	35/7	8am - 8pm	40 uair/8 n-uaire
15	8	35/7	8am - 8pm	40 uair/8 n-uaire

*\*\*Tagraíonn an tagairt do "taithí oibre" sa tábla thuas do chlár oiliúna nó thaithí oibre a fhaomhann an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta nó an tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna (SOLAS).*

Ní féidir leanaí os cionn aois 14 bliana a fhostú ach in obair éadroim, is é sin, obair neamhthionsclaíoch sa chás nach ann d’aon bhaol do shláinte agus sábháilteacht an linbh, agus nach ndéanann díobháil dá bhfreastal ar scoil. Ní mór sos 21 lá a cheadú do leanaí 14 agus 15 bliana d’aois ó obair sa Samhradh.

Chomh maith leis sin, ní mór sos 30 nóiméad a thabhairt dóibh má oibríonn siad breis agus 4 huair. Má oibríonn siad i rith shaoire an tsamhraidh, ní mór go dtugtar 2 lá shaor do leanaí 14 agus 15 bliana d’aois i ngach seachtain, a bheidh i ndiaidh a chéile, a mhéid agus is indéanta.

## Daoine Óga

Achoimre ar Fhorálacha maidir le Daoine Óga a Fhostú.

Aois	Uaireanta uasta sa lá/tseachtain i rith théarma na scoile	Uaireanta uasta sa tseachtain	Uaireanta ceadaithe oibre
16 & 17	8	40	6am-10pm

Ní mór go dtugtar sos 30 nóiméad do leanaí 16 agus 17 mbliana d’aois má oibríonn siad ar feadh breis agus tréimhse 4.5 uair an chloig. Ní mór dóibh 2 lá a fháil saor in aghaidh gach 7 lá, a bheidh i ndiaidh a chéile, a mhéid agus is indéanta.

Rinneadh rialacháin a cheadaíonn daoine óga (i.e. leanaí 16 agus 17 mbliana d’aois) atá fostaithe ar dualgais ghinearálta nó mar phrintísigh, in áitreabh ceadúnaithe chun oibriú i ndiaidh 10pm faoi chúinsí áirithe agus faoi réir riachtanais shonracha. Chomh maith leis sin, tá Cód Cleachtais ann a bhaineann le Daoine Óga a Fhostú in Áitreabh Ceadúnaithe.

## Faisnéis Bhreise

Tá an Leabhrán Mínteach ar an Acht um Chosaint Dhaoine Óga (Fostaíocht), 1996, achoimre ar an Acht i bhformáid phóstaeir agus bhileoige araon agus an Cód Cleachtais ar fáil ar iarraidh, nó is féidir iad a íoslódáil ó [www.workplacerelations.ie](http://www.workplacerelations.ie).



## 8 Saoire Chúramóra

### Ginearálta

Bronntar san Acht um Shaoire Chúramóra, 2001 teidlíocht ar fhostaí chun saoire neamhíochta a fháil óna f(h)ostaíocht lena chur ar a c(h)umas cúram agus aird lánaimseartha a sholáthar go pearsanta do dhuine óna dteastaíonn an cúram sin. Tá an tréimhse shaoire dá bhfuil fostaí i dteideal faoi réir 104 seachtain ar a mhéid maidir le haon fhaighteoir cúraim (dá dtagraítear anseo feasta mar “duine ábhartha”). Is é an teidlíocht íosta reachtúil 13 seachtaine.

### Cé atá Cumhdaithe ag an Act?

Baineann an tAcht, go ginearálta, le duine ar bith

- (i) atá ag oibriú faoi chonradh fostaíochta nó printíseachta,
- (ii) atá fostaíthe trí ghníomhaireacht fostaíochta nó
- (iii) atá i seilbh oifige faoin Stát, nó a fhónann don Stát (státseirbhíseach ina measc laistigh de bhrí an Achta Rialaithe Státseirbhíse), oifigeach nó sáirsint údaráis áitiúil chun cíocha an Achta Rialtais Áitiúil, 1941, nó údarás calafoirt, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, bord oideachais agus oiliúna agus comhalta den Gharda Síochána nó de na Fórsaí Cosanta.

I gcás oibríthe gníomhaireachtaí, is ionann an fostóir chun críocha an Achta seo agus an páirtí atá faoi dhliteanas an pá a íoc (an ghníomhaireacht fostaíochta nó an chliantchuideacht).

### Teidlíocht do Shaoire Chúramóra

Ní mór d'fhostaí ar mian leis/léi Saoire Chúramóra a fháil na coinníollacha a leanas a chomhlíonadh:

**(i) Riachtanas seirbhíse:** ní mór gur chríochnaigh fostaí 12 mhí de sheirbhís leanúnach, ar a laghad, leis an bhfostóir a nglactar an tsaoire óna f(h)ostaíocht sula gcuirtear tús leis an tsaoire. Níl aon tairseach uaireanta sonraithe san Acht.

**(ii) Cúram agus Aire Lánaimseartha a Sholáthar** ní mór go mbeartaíonn an fostaí chun glacadh le Saoire Chúramóra chun críocha cúram agus aire lánaimseartha a sholáthar do dhuine (“duine ábhartha”) óna dteastaíonn sin agus ní mór dó nó di amhlaidh a dhéanamh d’fhad na saoire.

Déanfaidh an Roinn Coimirce Sóisialaí measúnú ar bhonn aonair ar an ngá atá le cúram agus aire lánaimseartha a sholáthar. Ní bheartaítear ná ní inmhianaithe go mbeifí ag súil leis go soláthródh fostaí atá ar Saoire Chúramóra cúram ar bhonn 24 uair an chloig.

(iii) **'Duine Ábhartha' – Gá le Cúram agus Aire Lánaimseartha:** ní mór go measann oifigeach breithiúnachta (nó oifigeach achomhairc) de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí go dteastaíonn cúram agus aire lánaimseartha ón duine ábhartha (i.e. an duine a fhaigheann an cúram agus aire lánaimseartha). Bunaítear an cinneadh seo ar fhaisnéis a sholáthraíonn liachleachtóir ginearálta an duine ábhartha agus déanann comhairleoir leighis na Roinne sin measúnú ar an gcinneadh seo.

Tá fáil ar fhoirmeacha iarratais (Foirm CARB1) ó Rannóg Sochar Cúramóra na Roinne sin (Guthán: 043 -40087). Ba cheart an fhoirm chomhlánaithe a sheoladh ar ais chuig an Rannóg Sochar Cúramóra, an Roinn Coimirce Sóisialaí, Bóthar Bhéal Átha na Lao, an Longfort.

Is leor an t-aon mheasúnacht leighis amháin le haghaidh Saoire Chúramóra agus Sochar Cúramóra (íocaíocht Stáit na Roinne Coimirce Sóisialaí).

## **An Bhrí atá le 'Cúram agus aire lánaimseartha'**

I gcomhréir le Rialacháin na Roinne Coimirce Sóisialaí, ciallaíonn seo nach mór go mbíonn an duine a bhfuil cúram á thabhairt dó nó di a bheith faoin míchumas sin go dteastaíonn an méid seo a leanas uaidh/uaithe:

(a) maoirseacht leanúnach agus cúnamh rialta i gcaitheamh an lae maidir lena g(h)náthriachtanais phearsanta, e.g. cabhair chun siúl agus gabháil thart, ithe nó ól, ní, folcadh, gléasadh, etc. nó

(b) maoirseacht leanúnach lena sheachaint díobháil a dhéanamh dó nó di féin.

Teastaíonn na critéir theidlíochta a dtugtar cuntas orthu ag (a) agus (b) thuas, chomh maith, chun cáiliú d'íocaíocht chomhuaineach Stáit Sochar Cúramóra.

Riartar an dá scéim, Saoire Chúramóra agus Sochar Cúramóra, i gcomhthráth maidir leis na critéir seo. Féadtar breis faisnéise a fháil maidir leis an Scéim Sochar Cúramóra a fháil ón Rannóg Sochar Cúramóra (tá sonraí teagmhála thuas). Féach chomh maith an leabhrán ar an Scéim Sochar Cúramóra.

Tá critéir eile incháilitheacha do Shaoire Chúramóra leagtha amach i Leabhrán Mínitheach faoi Shaoire Chúramóra.

## **An bealach inar féidir Saoire Chúramóra a ghlacadh**

Fóirítear san go nglacfar an tsaoire i dtréimhse leanúnach 104 seachtain nó i dtréimhse amháin nó níos mó, arb ionann an fad iomlán agus tréimhse nach faide ná 104 seachtain.

Is ionann an teidlíocht fosta reachtúil is féidir a ghlacadh in aon tréimhse amháin faoi lánrogha an fhostaí agus 13 seachtaine. Féadfaidh fostóir agus fostaí, áfach, comhaontú a dhéanamh ar théarmaí níos fabhraí don fhostaí.

## Eatrainmh idir tréimhsí de Shaoire Chúramóra

Sa chás nach nglacann fostaí Saoire Chúramóra i dtréimhse leanúnach amháin 104 seachtain, ní mór go bhfuil bearna ar a laghad 6 seachtaine ann idir tréimhsí de Shaoire Chúramóra a ghlactar maidir leis an duine ábhartha céanna. Ní féidir le fostaí a bheartaíonn chun Saoire Chúramóar a fháil do dhuine ábhartha eile amhlaidh a dhéanamh, go ginearálta, go dtí go bhfuil tréimhse 6 mhí éagtha ó dháta foirceanta na saoire maidir leis an duine ábhartha roimhe sin. Ní bhaineann an fhoráil seo sa chás go gcónaíonn beirt daoine ábhartha le chéile.

## Ceartha Fostaíochta a Chosaint

I rith asláithreachta ar Shaoire Chúramóra, measfar go mbeidh fostaí fós ag oibriú san fhostaíocht chun gach críche a bhaineann lena f(h)ostaíocht agus ní dhéanfar aon difear d'aon chinn dá c(h)earta nó dualgais a bhaineann leis an bhfostaíocht tríd an tsaoire a ghlacadh, seachas i gcás na n-eisceachtaí a leanas:

- (i) ní aon cheart aige/aici chun luach saothair nó sochair aoisliúntais a fháil agus ní aon dualgas chun ranníocaíochtaí aoisliúntais san fhostaíocht, nó maidir leis an bhfostaíocht.
- (ii) cuirtear cosc ar an gceart chun saoire bhliantúil a ghlacadh ach le linn na chéad 13 seachtaine den teidlíocht do Shaoire Chúramóra maidir le haon duine ábhartha ar leith.
- (iii) ar an gcuma céanna, cuirtear cosc ar an gceart chun saoirí poiblí a ghlacadh ach le linn na chéad 13 seachtaine den teidlíocht do Shaoire Chúramóra maidir le haon duine ábhartha ar leith.

Ní chaithfead le hasláithreacht ó fhostaíocht fad atáthar ar Saoire Chúramóra mar aon chuid d'aon Saoire eile a bhfuil an fostaí i dteideal a ghlacadh (e.g. Saoire bhreiteachta, saoire bhliantúil, saoire uchtaíoch, saoire mháithreachais, saoire thuismitheora nó saoire force majeure.)

## Cosaint i gcoinne Pionósú, Dífhostú san áireamh

Cuirtear toirmeasc san Acht um Shaoire Chúramóra, 2001, ar fhostóir ó pionós a ghearradh ar fhostaí ar an mbunús gur fheidhmigh sé/sí go mbeartaíonn sé/sí a c(h)earth a fheidhmiú i leith Saoire Chúramóra.

Áirítear le fostaí a pionósú (a) an fostaí a dhífhostú (b) caitheamh éagórach leis an bhfostaí, an fostaí a roghnú le haghaidh iomarcaíochta ina measc, agus (c) athrú neamhfhabhrach ar choinníollacha fostaíochta an fhostaí.

Níl an riachtanas ginearálta seirbhíse ar feadh 1 bhliain faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach infheidhme sa chás go ndífhostaítear fostaí mar gheall gur fheidhmigh sé/sí a c(h)earta faoin Acht um Shaoire Chúramóra.

## Fógra Rúin chun Saoire Chúramóra a ghlacadh

Ní mór d'fhostaí fógra scríofa a thabhairt dá f(h)ostóir go mbeartaíonn sé/sí Saoire Chúramóra a ghlacadh tráth nach déanaí ná 6 seachtaine sula mbeartaíonn an fostaí tús a chur leis an tsaoire. Ní mór go gcuimsítear na sonraí a leanas i ráiteas an fhógra:



- (i) an dáta a bheartaíonn an fostaí tús a chur leis an tsaoire;
- (ii) fad na saoire;
- (iii) an bealach a bheartaíonn an fostaí an tsaoire a ghlacadh;
- (iv) rinneadh ráiteas go bhfuil iarratas ar chinneadh (sa chéad ásc nó ar achomharc) gur duine ábhartha an duine a bheartaíonn an fostaí Saoire Chúramóra a ghlacadh dó/di, i.e. go ndeimhneítear i dtuairimseartha uaidh/uaithi.
- (v) síniú agus dáta an fostaí.

Tá sampla den Fhógra Rúin chun Saoire Chúramóra a ghlacadh leagtha amach ag Aguisín A leis an Leabhrán um Shaoire Chúramóra.

## Cúinsí Eisceachtúla nó Éigeandála

Faoi chúinsí eisceachtúla nó éigeandála, sa chás nach bhfuil sé indéanta go réasúnta go dtugann fostaí fógra i gcomhréir leis an Acht, ní mór an fógra sin a thabhairt a luaithe agus is indéanta go réasúnta don fostaí amhlaidh a dhéanamh.

## Deimhniú Saoire Chúramóra

A luaithe a tugadh fógra d'fhostaí i leith a rúin chun Saoire Chúramóra a ghlacadh, ní mór don fostaí cóip den chinneadh a thabhairt don fhostóir ó oifigeach breithiúnachta (nó ón oifigeach achomhairc) na Roinne Coimirce Sóisialaí gur duine ábhartha an duine a bheartaíonn an fostaí Saoire Chúramóra a ghlacadh dó/di, i.e. go ndeimhneítear i dtuairimseartha uaidh/uaithi.

Ní mór don fhostaí agus don fhostóir, ansin, cáipéis deimhnithe a ullmhú. Ní mór an cháipéis seo a ullmhú agus a shíniú tráth nach déanaí ná 2 sheachtain sula mbíonn an tsaoire le tosú agus ní mór go n-áirítear léi an dáta ar a dtosóidh tréimhse na saoire; fad na tréimhse saoire; sínithe an fhostóra agus an fostaí.

Tá cáipéis shamplach deimhnithe leagtha amach ag Aguisín B leis an Leabhrán Mínitheach um Shaoire Chúramóra.

## Gearáin

Foráiltear in Acht 2001 go bhfuil ceart gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (an CCÁO) sa chás go gcreideann fostaí gur tharla sárú ar an Acht um Shaoire Chúramóra, 2001. Tá an fhoirm ábhartha ghearáin ar fáil ar [www.workplacerelations.ie](http://www.workplacerelations.ie) nó trí theagmháil a dhéanamh le Seirbhísí Faisnéise agus Custaiméara an Choimisiúin ar 0818 80 80 90. Tá an ceart ag ceachtar páirtí chun achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Oibreachais i leith cinneadh a rinne Oifigeach Breithnithe an CCÁO.

Sa chás go bhfuil cigire an CCÁO sásta gur theip ar fhostóir teidlíochtaí um shaoire bhliantúil a dheonú d'fhostaí ar saoire chúramóra, in aghaidh Alt 13(2) den Acht um Shaoire Chúramóra, 2001, féadfaidh sé, i gcomhréir le hAlt 28 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015, Fógra Comhlíonta a eisiúint don fhostóir ina leagtar amach na gníomhartha comhlíonta atá le glacadh faoi dháta ar leith. Féadfaidh fostóir achomharc a dhéanamh i leith an fhógra sin leis an gCúirt Oibreachais tráth nach déanaí ná 42 lá i ndiaidh gur seirbheáladh an fógra. Is ionann teip ar Fhógra Comhlíonta a chomhlíonadh agus cion.

## Faisnéis Bhreise

Féach an Leabhrán Mínitheach ar an Acht um Shaoire Chúramóra, 2001. Tá cóip de ar fáil ar iarraidh, nó is féidir é a íoslódáil ó [www.workplacerelations.ie](http://www.workplacerelations.ie)



## 9 Íocaíocht/Pá

### Ginearálta

Is gnách go gcinntear rátaí pá sa chonradh fostaíochta. Anuas air sin, is féidir rátaí pá, san áit go sonraítear i gcomhaontuithe idir ceardchumann agus fostóirí, a chorpú go sainráite nó go hintuigthe i gconradh aonair fostaíochta an fhostaí.

### Íosrátaí Pá

Foráiltear sna hAchtanna um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 agus 2015 gur cheart fostaithe a íoc dá n-uaireanta oibre ar ráta pá san uair, nach lú sin ná an ráta forordaithe pá san uair, ar an meán. Forordáitear an ráta náisiúnta íosta pá ó thráth go tráth in ordú a dhéanann an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta faoi Alt 10(D) d'Acht 2000. Tá sonraí faoin ráta reatha ar fáil ar [www.workplacelrelations.ie](http://www.workplacelrelations.ie) nó trí theagmháil a dhéanamh le Seirbhísí Faisnéise agus Custaiméirí an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre ar 0818 80 80 90.

Anuas air sin, féadtar rátaí dlíthiúla íosta pá do chatagóirí ar leith fostaithe a leagan síos in Orduithe Rialaithe Fostaíochta (ORFanna), Comhaontuithe Cláraithe Fostaíochta (CCFanna) agus Orduithe Fostaíochta Eamála (OFEanna). Tá sonraí breise orthu seo ar fáil in Alt 2 den Treoir seo faoin teideal – Meicníochtaí chun Téarmaí agus Coinníollacha a Shocrú.

Gné bhunúsach de dhualgais fostóra is ea an dualgas chun pá a íoc. Má theipeann ar an bhfostóir amhlaidh a dhéanamh, féadfaidh fostaí gearán a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre faoin Acht um Íoc Pá, 1991 nó, mar ríoga air sin, agairt a dhéanamh le haghaidh pá atá dlite sna gnáthchúirteanna. Má rialaíonn Ordú Rialaithe Fostaíochta nó Comhaontú Cláraithe Fostaíochta pá fostaí, beidh fostóirí ciontach i gcion faoi na hAchtanna um Chaidreamh Tionscail má theipeann orthu pá a íoc nó má íocann siad níos lú ná an ráta forordaithe reachtúil. Lorgóidh an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, trína Sheirbhísí Cigireachta agus Forfheidhmithe, a lorg chun pá neamhíochta a aisghabháil sna cásanna siúd agus cuirfidh sé tús le himeachtaí dlíthiúla más gá – féach Mír 2.

### Cé atá cumhdaithe?

Baineann na hAchtanna um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 agus 2015 le gach fostaí, fostaithe lánaimseartha, páirtaimseartha, sealadacha agus ócáideacha ina measc, seachas na catagóirí a leanas d'fhostaithe a eisítear óna bhforálacha:

- (i) neasgholta an fhostóra, ar nós céile, athar, máthar, mic, iníne, dearthár agus deirféar; nó

- (ii) printísigh laistigh den bhrí an Achta Oiliúna Tionscail, 1967 nó faoin Acht sin nó de bhrí an Achta um Áiseanna Saothair, 1987 nó faoin Acht sin, lena n-áirítear clódóir, brícléir, meicneoir, pluiméir, siúinéir agus leictreoir printísigh, nó
- (iii) aon obair neamhthráchtála a dhéanann príosúnaigh.

## Íosrátaí Pá san Uair

Fóirítear sna hAchtanna um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 agus 2015 nach mór meánráta pá san uair a íoc le hoibrí taithíoch fásta nach lú sin ná an pá íosta náisiúnta i dtréimhse thagartha pá. Is féidir le seachtain, coicís nó tráth nach faide ná mí a bheith i gceist le tréimhse thagartha pá. Ar mhaithe le cuspóirí na nAchtanna, is ionann oibrí taithíoch fásta agus fostaí:

- (i) nach bhfuil 18 mbliana d’aois
- (ii) nach bhfuil os cionn 18 mbliana d’aois sa chéad dá bhliain i ndiaidh dháta na chéad fhostaíochta, nó
- (iii) oiliúnaí atá ag tabhairt faoi chúrsa a shásaíonn na coinníollacha a leagtar amach in I.R. Uimh.99 de 2000.

Léirítear sa tábla lastall na cúinsí inar féidir le fostóir ráta níos ísle a íoc ná rata an phá íosta náisiúnta a thaispeántar thuas.

## An meánráta pá san uair a dheimhniú

Roinntear an t-ollphá inríofa a thuilleann fostaí i dtréimhse thagartha pá faoi uaireanta oibre an fhostaí i gcaitheamh na tréimhse thagartha pá sin. Ní mór nach mbíonn an meánráta pá san uair a fhaightear níos lú ná an ráta íosta

san uair de theidlíocht phá an fhostaí, faoi mar a shonraítear sa Tábla lastall. Ollsuimeanna atá sna rátaí reachtúla pá san uair, i.e. sula n-asbhaintear cáin/ÁSPC.

## Uaireanta Oibre

Áirítear le huaireanta oibre fostaí ar mhaithe le cuspóirí na nAchtanna aon uaireanta ragoibre a oibríodh i rith na tréimhse thagartha pá, aon am a caitheadh ar fuireachas san áit oibre, agus aon am oiliúna i rith na ngráthuaireanta oibre. Ní áirítear le huaireanta oibre, chun críocha an Achta, an t-am a bhíonn fostaí as láthair ón obair ar saoire bhliantúil, saoire bhreiteachta, saoire chosanta, saoire uchtaíoch, saoire thuismitheora, fad a bhítear leagtha as, ar stailc nó an t-am sin dá n-íoctar fostaí in ionad fógra.

## Pá Inríofa agus Neamh-Inríofa

Ciallaíonn pá inríofa na híocaíochtaí nó sochair chomhchineáil siúd atá incheadaithe nuair a ríomhtar meánráta pá fostaí, lena dheimhniú cé acu ar íocadh nó nár íocadh a t(h)eidlíocht íosta ráta pá san uair leis an bhfostaí faoin Acht. Cuimsítear faisnéis ar chomhábhair inríofa agus neamh-inríofa sa Treoir Mhionsonraithe atá leis na hAchtanna um Pá Íosta Náisiúnta, ar féidir iad a íoslódáil ó [www.workplacerelations.ie](http://www.workplacerelations.ie) nó a fháil ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (Guthán: 0818 80 80 90).

## Critéir Oiliúna / Staidéir

Leagtar amach na critéir nach mór do chúrsa oiliúna nó staidéir a shásamh ar mhaithe le cuspóirí an Achta, d’fhonn go n-íocfaidh fostóir na rátaí oiliúnaí leis an bhfostaí, sa Treoir Mhionsonraithe leis na hAchtanna um Pá Íosta Náisiúnta. Ní féidir le fostóir, fiú má athraíonn fostaí a p(h)ost, na rátaí oiliúnaí a íoc le fostaí an dara huair mura dtugann an fostaí faoi chúrsa oiliúna nó staidéir atá difriúil i dtaobh cuspóra nó ábhair de ón oiliúint nó staidéar faoinar thug an fostaí roimhe seo.

Fostaí	% den Ráta Íosta Náisiúnta Pá
Oibrí fásta le taithí	100%
Fostaí faoi bhun 18 mbliana d'aois	70%
Fostaí atá sa dara bliain i ndiaidh dháta na chéad fhostaíochta os cionn 18 mbliana d'aois, cé acu an n-athraíonn nó nach n-athraíonn an fostaí fostóir sa bhliain	90%
Fostaí sa chéad bhliain i ndiaidh dháta na chéad fhostaíochta Os cionn 18 mbliana d'aois, cé acu an athraíonn nó nach n-athraíonn an fostaí fostóir i rith na bliana*	80%
Fostaí i gcúrsa oiliúna nó staidéir os cionn 18 mbliana d'aois, faoinar tugadh i rith gnáthuaireanta oibre	
An 1ú/3ú tréimhse	75%
An 2ra/an 3ú tréimhse	80%
An 3ú 1/3ú tréimhse	90%
Nóta: Ní mór go mairfidh gach 1/3ú tréimhse mí amháin, ar a laghad agus níor cheart di bheith níos faide ná 12 mhí.	
Oibrí taithíoch fásta a d'ainmnigh an Chúirt Oibreachais agus díolúine shealadach á deonú d'fhostóir ón ráta íosta náisiúnta pá san uair a íoc.	Déanfaidh an Chúirt Oibreachais cinneadh ar an ráta níos ísle san uair nach mór a íoc leis an bhfostaí do thréimhse na díolúine sealadaí.
Nóta: Is ionann an tréimhse uasta de dhíolúine shealadach agus 3 mhí agus is é an tréimhse uasta 12 mhí	

\*Ní chuirtear taithí fostaíochta roimh aois 18 mbliana san áireamh do na rátaí seo.

Ollsúimeanna atá sna rátaí reachtúla pá san uair, i.e. sula n-asbhaintear cáin/ÁSPC.

## Taifid

Ní mór d'fhostóir gach taifead a choimeád atá riachtanach lena thaispeáint cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an tAcht seo á chur i dtoll a chéile maidir le fostaí, ar feadh 3 bliana, ar a laghad, ón dáta a dhéantar an

taifead. Ní mór don fhostóir na taifid a choimeád ag an áitreabh nó ag an áit ina n-oibríonn an fostaí, nó má oibríonn an fostaí ag 2 áitreabh nó áit nó níos mó, an t-áitreabh nó an áit óna dtreoraítear nó a rialaítear gníomhaíochtaí an fhostaí go príomha.

## Ragobair

Go ginearálta, ní fhoráiltear sa reachtaíocht um chearta fostaíochta do ragobair. Cé go rialaítear san Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 sosanna scíthe agus uaireanta uasta oibre sa tseachtain, ní chumhdaítear íocaíocht ragoibre. Níl teidlíocht reachtúil ag fostaithe d'íocaíocht ragoibre.

Féadfaidh an fostóir cinneadh a dhéanamh ar bheartas maidir le pá ragoibre agus féadtar comhaontú a dhéanamh air mar chuid de théarmaí agus coinníollacha fostaíochta an fhostaí nó trí chomhaontuithe comhchoiteanna ar a ndéantar idirbheartaíocht idir ionadaithe fostóirí agus fostaithe.

D'fhéadfadh pá agus coinníollacha fostaíochta a bheith ag roinnt eamálacha fostaíochta a rialaítear trí Orduithe Rialaithe Fostaíochta (ORFanna) nó Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe (CFCanna), atá ina gceanglas dlíthiúil ar fhostóirí sna heamálacha lena mbaireann siad. Anuas air sin, d'fhéadfadh CFCanna atá ina gceanglas ag líon beag gnóthais aonair. D'fhéadfadh roinnt de na ORFanna/CFCanna pá ragoibre a rialáil.

Foráiltear san Acht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 go 2014 nach mór d'fhostóir ráiteas scríofa a sholáthar d'fhostaí i leith téarmaí fostaíochta laistigh de 2 mhí tar éis dó/di tús a chur le fostaíocht. Ní mór go n-áireofar leis an ráiteas scríofa téarmaí faisnéis ar aon téarmaí nó coinníollacha a bhaineann le huaireanta oibre, ragobair ina measc, anuas ar fhaisnéis ar ráta pá an fhostaí nó ar conas a ríomhtar an pá.

## Modhanna Íocaíochta

Foráiltear san Acht um Íoc Pá, 1991 go bhfuil an ceart ag gach fostaí chun modh íocaíochta a fháil ar féidir idirbheartaíocht gan stró a dhéanamh air. I measc na modhanna íocaíochta a fhorordaítear san Acht, tá seic, aistriú creidmheasa, airgead tirim, ordú poist/airgid agus dréacht bainc.

## Ráiteas Pá

Leagtar dualgas in Acht 1991 ar fhostóirí chun ráiteas i leith ollphá (duillín pá) ina miondealaítear gach asbhaint do gach fostaí a bhfuil pápaicéad acu. Is cion é mura ndéantar amhlaidh. Má íoctar pá trí aistriú creidmheasa, ba cheart an ráiteas pá a thabhairt don fhostaí go luath i ndiaidh go ndeamadh an t-aistriú creidmheasa. Déanfaidh cigire cigireacht ar ghearáin a dhéantar leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre maidir le neamhsoláthar duillíní pá/ráitis scríofa ollphá.

## Asbhaintí

Ní fhéadfaidh fostóirí asbhaintí a dhéanamh ó phá nó íocaíocht a fháil óna n-oibrithe murach sna cásanna a leanas:

- ceanglaítear sa dlí, ar nós ÍMAT nó ÁSPC;
- déantar foráil dó sa chonradh fostaíochta, mar shampla, ranníocaíochtaí áirithe pinsean ceirde; nó chun easnaimh a chur ina gceart, ar nós drochshaoirseacht; bristeacha nó ganntanais tráidire; nó foráil d'earraí agus seirbhísí a sholáthar atá riachtanach don phost, ar nós éidí a sholáthar;
- rinneadh na hasbhaintí le toiliú scríofa an fhostaí, mar shampla, íocaíocht árachas sláinte príobháideach nó suibscríbhinní ceardchumainn.

Leagtar srianta speisialta ar fhostóirí maidir le hasbhaintí (nó le híocaíochtaí a fháil) ó thuarastail:-

- (i) a eascraíonn ó aon ghníomh nó easnamh an fhostaí, nó
- (ii) a dhéantar maidir le hearraí nó seirbhísí a sholáthar don fhostaí ag an bhfostaí atá riachtanach maidir leis an bhfostaíocht.

Ní mór asbhaint ó thuarastail den chineál sin ar a ndéantar cur síos ag (i) nó (ii) thuas a údarú de bhua téarma i gconradh fostaíochta an fhostaí.

Ní mór go soláthrófar don fhostaí ag tráth éigin roimh an ngníomh nó an t-easnamh, nó soláthar na n-earraí nó na seirbhísí, sonraí scríofa faoi na téarmaí sa chonradh fostaíochta ina rialaítear an asbhaint (nó an íocaíocht leis an bhfostóir) ó thuarastail.

Nuair is ann do chonradh scríofa, ní mór cóip de théarma an chonartha a fhorálan don asbhaint (nó don íocaíocht) a thabhairt don fhostaí. In aon chás eile, ní mór fógra scríofa a thabhairt don fhostaí gurb ann don téarma agus maidir le héifeacht an téarma.

Ní mór gurb ionann méid na hasbhainte ar a ndéantar cur síos ag (i) nó (ii) thuas a bheith cothrom agus réasúnta agus aird ar na cúinsí go léir, méid thuarastail an fhostaí ina measc.

Anuas ar an méid thuas, i gcás asbhainte a bhaineann le gníomh nó easnamh fostaí, ní mór critéir a thabhairt don fhostaí i scríbhinn den ghníomh nó den easnamh agus de mhéid na hasbhainte (nó den íocaíocht) ar a laghad uair sa tseachtain sula ndéantar an asbhaint (nó an íocaíocht).

## **Pá Breoiteachta agus Saoire Bhreoiteachta**

Go ginearálta, ní chumhdaítear saincheist an phá breoiteachta agus na saoire breoiteachta faoin reachtaíocht um chearta fostaíochta. Féadfaidh an fostóir cinneadh a dhéanamh ar bheartas maidir le pá breoiteachta agus saoire bhreoiteachta agus féadtar comhaontú a dhéanamh air mar chuid de théarmaí agus coinníollacha fostaíochta an fhostaí nó trí chomhaontuithe comhchoiteanna ar a ndéantar idirbheartaíocht idir ionadaithe fostóirí agus fostaithe.

Foráiltear sna hAcht um Théarmaí Fostaíochta, 1994 go 2014 go bhfuil dualgas ar fhostóir ráiteas scríofa a sholáthar d'fhostaí i leith téarmaí fostaíochta laistigh de 2 mhí tar éis dó/di tús a chur le fostaíocht. Ní mór go n-áireofar leis an ráiteas scríofa téarmaí faisnéis ar na téarmaí nó coinníollacha a bhaineann le héagumas le haghaidh oibre mar gheall ar bhreoiteacht nó gortú.

Foráiltear san Acht um Íoc Pá, 1991 gur féidir le fostaí nach bhfaigheann pá breoiteachta, de réir a t(h)éarmaí fostaíochta gearán a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre go ndéanfar breithniú air. Tá an fhoirm ábhartha ghearáin ar fáil ar [www.workplacerelations.ie](http://www.workplacerelations.ie)

## **Gearáin**

Tá an ceart ag fostaithe chun gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre maidir le teidíochtaí faoi na hAchtanna um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 agus 2015, asbhaint (nó íocaíocht) neamhdhleathach ó phá nó i gcás neamhíocaíocht pá. Tá an fhoirm ábhartha ghearáin ar fáil ar [www.workplacerelations.ie](http://www.workplacerelations.ie) nó trí theagmháil a dhéanamh le Seirbhísí Faisnéise agus Custaiméirí an Choimisiúin trí ghlaó ar 0818 80 80 90.

Tá an ceart ag ceachtar páirtí chun achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Oibreachais i leith cinneadh a rinne Oifigeach Breithnithe an CCÁO.

Ní féidir le fostaí díospóid a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre go ndéanfaidh Oifigeach Breithnithe breithniú air maidir le teidlíochtaí faoi na hAchtanna um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 agus 2015 murar scríobh an fostaí leis an bhfostóir agus iarraidh ar ráiteas scríofa ar a m(h)jeánráta pá san uair ón bhfostóir, maidir le tréimhse shonrach phá nó tréimhsí atá mar ábhar na díospóide, agus go bhfuair sé/sí an ráiteas sin uathu, nó gur fhan sé/sí go n-éagfaidh na 4 seachtaine a gceadaítear don fhostóir freagairt d'iaratas an fostaí lena linn.

Sa chás go bhfuil cigire an CCÁO sásta go ndearnadh asbhaint neamhdhleathach ó phá, in aghaidh Alt 5 den Acht um Íoc Pá, 1991, féadfaidh sé/sí, i gcomhréir le hAlt 28 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015, Fógra Comhlíonta a eisiúint don fhostóir ina leagtar amach na gníomhartha comhlíonta atá le glacadh faoi dháta shonraithe. Féadfaidh fostaí achomharc a dhéanamh i leith an fhógra sin leis an gCúirt Oibreachais tráth nach déanaí ná 42 lá i ndiaidh gur seirbheáladh an fógra. Is ionann teip ar Fhógra Comhlíonta a chomhlíonadh agus cion.

Foráiltear in Alt 23 den Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 don chion a bhaineann le teip ar iaratas a chomhlíonadh ar ráiteas scríofa ar mheánráta pá san uair an fostaí. Sa chás go bhfuil forais réasúnta ag cigire an CCÁO lena chreidiúint gur tharla an cion sin, féadfaidh sé/sí Fógra um Íocaíocht Sheasta a sheirbheáil ar an bhfostóir sin i gcomhréir le hAlt 36 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015. Má íocann an fostóir an muirear a shonraítear ar an bhFógra, ní ghabhann an cheist ar aghaidh chun na Cúirte. Má theipeann ar dhuine nó má dhiúltaíonn sé/sí chun an muirear a íoc, is féidir an cheist a chur faoi bhráid na Cúirte Dúiche, áit ar féidir leis an gcosantóir a staid a chosaint ar an ngnáthbhealach.

áit ar féidir leis an gcosantóir a staid a chosaint ar an ngnáthbhealach.

Lena chois sin, féadfaidh fostaí iarraidh ar chigire an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre líomhain a imscrúdú gur theip ar fhostóir na rátaí pá san uair a íoc a fhorordaítear faoi na hAchtanna um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 agus 2015. Chomh maith leis sin, féadtar an fhoirm ghearáin atá ar fáil ar [www.workplacerelations.ie](http://www.workplacerelations.ie) a úsáid chun a leithéid d'iaratas a chur i láthair. Ní féidir le fostaí díospóid a chur ar aghaidh go ndéanfaidh Oifigeach Breithnithe breithniú air agus iarraidh ar chigire chun ganníocaíocht líomhnaithe chéanna theidlíocht reachtúil ráta íosta pá san uair an fostaí a imscrúdú.

Foráiltear in Alt 4 den Acht um Íoc Pá, 1991 nach mór d'fhostóir ráiteas scríofa i leith ollphá (duilín pá) ina miondealaítear gach asbhaint a thabhairt d'fhostaithe. Sa chás go bhfuil forais réasúnta ag cigire an CCÁO lena chreidiúint gur tharla an cion sin ina dteiptear chun an ráiteas sin a sholáthar, féadfaidh sé/sí Fógra um Íocaíocht Sheasta a sheirbheáil ar an bhfostóir sin i gcomhréir le hAlt 36 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015. Má íocann an fostóir an muirear a shonraítear ar an bhFógra, ní ghabhann an cheist ar aghaidh chun na Cúirte. Má theipeann ar dhuine nó má dhiúltaíonn sé/sí chun an muirear a íoc, is féidir an cheist a chur faoi bhráid na Cúirte Dúiche, áit ar féidir leis an gcosantóir a staid a chosaint ar an ngnáthbhealach.

## Faisnéis Bhreise

Féach na Leabhráin Mhínteacha ar an Acht um Íoc Pá, 1991 agus ar na hAchtanna um Pá Íosta Náisiúnta. Tá cóipeanna díobh ar fáil ar iarraidh, nó is féidir iad a íoslódáil ó [www.workplacerelations.ie](http://www.workplacerelations.ie)





## 10 Foirceannadh Fostaíochta

### Fógra Íosta

Foráiltear sna hAchtanna um Fógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005 go bhfuil fostaithe a fhónann go leanúnach leis an bhfostóir céanna ar feadh 13 seachtaine, ar a laghad, i teideal tréimhse íosta d'fhógra a fháil sular féidir leis an bhfostóir iad a dhífhostú.

Tá gach fostaí páirtaimseartha, gan aird ar an líon uaireanta a d'óibrigh siad, cumhdaithe ag na hAchtanna chomh maith.

Is éagsúil an tréimhse fógra a bhfuil fostaí i dteideal a fháil i gcomhréir le fad na seirbhíse, mar seo a leanas:

Fad Íosta na Seirbhíse	Fógra
Idir trí seachtaine dhéag agus níos lú ná dhá bhliain	Seachtain amháin
Idir dhá bhliain agus níos lú ná cúig bliana	Coicís
Idir cúig bliana agus níos lú ná deich mbliana	Ceithre seachtaine
Idir deich mbliana agus níos lú ná cúig bliana dhéag	Sé seachtaine
Níos mó ná cúig bliana dhéag	Ocht seachtaine

Foráiltear sna hAchtanna, chomh maith, go bhfuil fostóirí i dteideal fógra seachtaine, ar a laghad, i leith foirceanta a fháil ó fhostaithe a bhí fostaithe acu ar feadh trí seachtaine dhéag nó ní b'fháide.

Féadfaidh teidlíochtaí fógra faoin gconradh fostaíochta na tréimhsí íosta a ordaítear sna hAchtanna ach níl aon éifeacht ag aon fhoráil i gconradh fostaíochta le haghaidh tréimhsí níos giorra fógra ná na tréimhsí íosta reachtúla. Ní chuirtear cosc sna hAchtanna, áfach, ar fhostóir nó ar fhostaí óna gceart i leith fógra a fháil a tharscaoileadh nó ó ghlacadh le híocaíocht in ionad fógra.

Ní dhéanann na hAchtanna difear do cheart fostóra nó fostaí chun conradh fostaíochta a fhoirceannadh gan fógra a thabhairt i ngeall ar mhí-iompar an pháirtí eile.

Baineann an Chéad Sceideal leis na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005 ar mhaithe le tréimhse sheirbhíse fostaí a dheimhniú agus cé acu an raibh nó nach raibh an tseirbhís sin leanúnach, chun críocha roinnt de na hAchtanna a dhéileáilann le cearta fostaíochta.

## Iomarcaíocht

Leagtar sna hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967-2014 dualgas reachtúil ar fhostóirí chun cúiteamh a íoc le fostaithe a dhífhostaítear i ngeall ar chúiseanna iomarcaíochta nó leagadh as nó ar coimeádadh fostaithe iad ar obair ghearr-ama ar feadh tréimhse íosta<sup>6</sup>. Eascraíonn iomarcaíocht sa chás gur stop an fhostóir ag tabhairt faoi ghnó, nach ann do phost fostaí a thuilleadh, gur cuireadh stop le hobair de chineál ar leith, tá laghdú buan tagtha ar na líonta daoine a fhostaítear nó tá an laghdú sin le tarlú, atheagrú, etc.

Foráiltear an méid a leanas sna hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967-2014:

- (i) Tá fostaí a d'fhóin ar feadh 104 seachtaine go leanúnach, atá níos sine ná 16 bliana d'aois, agus a ndéantar a f(h)ostaíocht a fhoirceannadh i ngeall ar iomarcaíocht, i dteideal íocaíocht cnapshuime iomarcaíochta a fháil. Cuirtear oibríthe páirtaimseartha

san áireamh leis seo de bhua an Achta um Chaomhnú Fostaíochta (Obair Pháirtaimseartha), 2001 agus an tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 2003.

- (ii) Go ríomhtar an teidlíocht do chnapshuim reachtúil iomarcaíochta ar an mbealach a leanas:

- Pá 2 sheachtain do gach bliain seirbhíse, faoi réir na huasteorann reachtúla.
- Nuair a ríomhadh an figiúr sin, suimítear ollphá seachtaine bónais, faoi réir na huasteorann reachtúla atá i gceist, leis chun figiúr deiridh na cnapshuime reachtúla a dheimhniú.

## Áireamhán Iomarcaíochta

Chun do chuid teidlíochtaí iomarcaíochta a ríomh, iantar ort cuairt a thabhairt ar [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie) agus rochtain a fháil ar an Áireamhán Iomarcaíochta.

### Redundancy Calculator

All fields marked with an asterisk (\*) are mandatory.

All dates are in the format DD/MM/YYYY, for example to enter the 27th September 1973 you should type 07/09/1973.

Employment Dates & Date of Birth	Hours Worked & Gross Pay
Date of Birth* <input type="text"/>	Weekly hours* <input type="text"/>
Employment Start Date* <input type="text"/>	Gross Weekly Wage in Euro(€)* <input type="text"/>
Date of Notice of Termination* <input type="text"/>	
Employment End Date* <input type="text"/>	

  

Breaks in Service			
Only breaks in service in the three years prior to your employment end date are required for calculation purposes.			
1) Start Date: <input type="text"/>	End Date: <input type="text"/>	Reason: <input type="text"/>	
2) Start Date: <input type="text"/>	End Date: <input type="text"/>	Reason: <input type="text"/>	
If required, add extra Breaks in your Service <input type="button" value="Add Tax Breaks"/> <input type="button" value="Add Breaks"/>			
<input type="button" value="Calculate"/>			

<sup>6</sup> Is í an tréimhse íosta 4 seachtaine i ndiaidh a chéile nó níos faide nó tréimhse 6 seachtaine nó níos mó nach bhfuil i ndiaidh a chéile laistigh de thréimhse 13 seachtaine i ndiaidh a chéile.

Moltar go mór go n-úsáideann fostóirí/fostaithe/leachtaitheoirí, etc. áis an áireamhain iomarcaíochta seo ar mhaithe le cruinneas agus luas an ríofa.

Tabhair faoi deara nach n-eascraíonn aon seirbhís neamh-inríofa ach sna 3 bliana dheireanacha fostaíochta. Tá an tseirbhís eile go léir a fhad leis an tréimhse 3 bliana seo, ar an ábhar sin, go hiomlán inríofa chun críocha iomarcaíochta a ríomh. Sa mhullach air sin, déantar laethanta "breise" (tréimhsí níos lú ná bliain iomlán) a chreidiúnú mar chuid de bhliain.

Fóráiltear, anuas air sin, sna hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2014, gur cheart don fhostóir an íocaíocht chnapshuime a íoc go díreach leis an bhfostaí. Féadfaidh fostóir a chinneadh chun íocaíocht a dhéanamh anuas ar an gceanglas reachtúil le fostaithe – ceist í seo atá faoin bhfostóir go hiomlán. Baineann ról na Roinne Coimirce Sóisialaí leis an teidlíocht reachtúil a íoc go heisiach.

Ba cheart a thabhairt faoi deara nach mbeidh aisíocaíochtaí iomarcaíochta fostóra i gceist sa chás gurb é an dáta dífhostaithe i ngeall ar iomarcaíocht an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Sa chás gur thit dáta an dífhostaithe amach in 2012, is ionann aisíocaíocht an fhostóra agus 15%. Má bhí dáta an dífhostaithe in 2011 nó ní ba luaithe, is ionann aisíocaíocht an fhostóra agus 60%.

Ní mór d'fhostóirí fógra scríofa 2 sheachtain, ar a laghad a thabhairt i leith iomarcaíochtaí. Ar dháta fhoirceannadh na fostaíochta, ba cheart don fhostóir an chnapshuim iomarcaíochta atá dlite a íoc.

**Tá faisnéis d'fhostóirí a dhéanann éileamh iomarcaíochta** agus leas á bhaint as **an áis ar líne (Foirm RP50)** ar fáil ar [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie).

Murar íoc fostóir chnapshuim iomarcaíochta, ba cheart don fhostaí iarratas a dhéanamh

ar a f(h)ostóir agus leas á bhaint as foirm RP 77 (pdf), atá ar fáil, chomh maith, ar [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie).

Mura n-íocann an fostóir an chnapshuim fós féin, féadfaidh na fostaithe iarratas a dhéanamh ar an Roinn Coimirce Sóisialaí ar íocaíocht dhíreach ón gCiste Árachais

- ▶ Mura bhfuil ar chumas an fhostóra an chnapshuim iomarcaíochta a íoc, ba cheart don fhostóir an RP50 a chomhlánú agus a shíniú. Chomh maith leis sin, ba cheart dóibh litir a sheoladh ar aghaidh ó chuntasóir nó ó atumae ina luaitear nach féidir leo íoc agus go nglacann siad le dliteanas as 100% den chnapshuim (85% le haghaidh dífhostú in 2012) atá le híoc leis an gCiste Árachais Shóisialaigh. Ba cheart fianaise cháipéisíochta, ar nós cuntais iniúchta a chur san áireamh, chomh maith.
- ▶ Má dhiúltaíonn an fostóir chun an chnapshuim iomarcaíochta a íoc nó má bhíonn díospóid ann faoi iomarcaíocht, féadfaidh an fostaí gearán a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (an CCÁO). Ní mór seo a dhéanamh ar an ngnáthchúrsa laistigh de bhliain amháin i ndiaidh fhoirceannadh na fostaíochta. Ansin féadfaidh an fostaí iarratas a dhéanamh ar an gcnapshuim trí fhoirm RP50 chomhlánaithe a sheoladh chuig Rannóg Íocaíochtaí Iomarcaíochta na Roinne Coimirce Sóisialaí anuas ar chinneadh fabhrach ó Oifigeach Breithnithe an CCÁO.

Shóisialaigh mar seo a leanas:

## Comhiomarcaíochtaí

Foráiltear sna hAchtanna um Chaomhnú Fostaíochta, 1977 go 2014, sa chás go bhfuil comhiomarcaíochtaí á mbeartú ag fostóirí, leagtar dualgas orthu faisnéis shonrach a sholáthar d'ionadaithe na bhfostóirí maidir leis na hiomarcaíochtaí beartaithe agus chun dul i gcomhairle leis na hionadaithe siúd, ar a laghad 30 lá sula dtéann an chéad dífhostú amach féachaint an féidir na hiomarcaíochtaí a sheachaint nó a laghdú nó a n-éifeachtaí a mhaolú.

Ní mór go gcumhdaíonn na comhairliúcháin seo an bonn ar a gcinnfear cén fostaithe ar leith a dhéanfar iomarcach, chomh maith. Ina theannta sin, ní mór d'fhostóirí fógra scríofa a thabhairt don Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, i leith a ruin ar a laghad 30 lá sula ndéantar an chéad dífhostú. Geartar pionóis má theipeann orthu na forálacha seo a chomhlíonadh.

Ciallaíonn comhiomarcaíocht dífhostú a dhéanamh ar chúiseanna iomarcaíochta i gcaitheamh aon tréimhse 30 lá i ndiaidh a chéile:

- (i) i leith 5 dhuine, ar a laghad, i mbunaíocht inar gnách go bhfostaítear os cionn 20 fostaí agus níos lú ná 50 fostaí,
- (ii) i leith 10 nduine, ar a laghad, i mbunaíocht inar gnách go bhfostaítear ar a laghad 50 fostaí agus níos lú ná 100 fostaí,
- (iii) i leith 10% den líon fostaithe, ar a laghad, i mbunaíocht inar gnách go bhfostaítear ar a laghad 100 fostaí agus níos lú ná 300 fostaí,
- (iv) i leith 30 duine, ar a laghad, i mbunaíocht inar gnách go bhfostaítear os cionn 300 fostaí nó níos mó.

Tá rialacháin i bhfeidhm ón 21 Nollaig 2000 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Caomhnú Fostaíochta), 2000 (I.R. Uimh. 488 de 2000) – lena leasaítear an tAcht um Chaomhnú Fostaíochta, 1977 chun ionadaíocht do, agus comhairliúchán le, a sholáthar d'fhostaithe in éagmais ceardchumainn, comhlachas foime etc.

## Dócmhainneacht

### CUSPÓIR NA SCÉIME ÍOCAÍOCHTAÍ DÓCMHAINNEACHTA

Is é cuspóir na Scéime Íocaíochtaí Dócmhainneachta, dá bhforáiltear san Acht um Chosaint (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984 go 2012, chun teidlíochtaí áirithe pábhunaithe fostaithe gan íoc a chosaint sa chás go n-éiríonn a bhfostóirí dócmhainneach, faoi mar a shainmhínítear sa reachtaíocht. Áirítear le dócmhainneacht na cúinsí siúd ar nós leachtú, glacadóireachta agus féimheachta.

### TEIDLÍOCHTAÍ A CHUMHDAÍONN AN SCÉIM

Áirítear leis na príomhtheidlíochtaí fostaí seo atá iníoctha faoin Scéim riaráistí pá, pá breoiteachta, pá saoire agus pá in ionad an fhógra atá dlite faoi na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta. Is féidir íocaíochtaí de bhun cinní breithnithe nó réitigh idirghabhála <sup>7</sup> faoin reachtaíocht um chomhionannas, saoire mháithreachais, saoire uchtaíoch, saoire thuismitheora, dífhostú éagórach agus caidreamh tionscail a íoc, chomh maith. Baineann teorainn aoise €600 sa tseachtain le gach teidlíocht pábhunaithe atá iníoctha faoin Scéim.

Anuas air sin, íocann an Scéim Íocaíochtaí Dócmhainneachta ranníocaíochtaí fostaithe gan íoc a dhéantar le scéimeanna pinsean

<sup>7</sup> Réitigh a baineadh amach i gcomhréir le hAlt 39 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015

ceirde a asbhaineadh ó phá na bhfostaithe ach nár íocadh isteach sa scéim pinsin. Anuas air sin, is féidir ranníocaíochtaí neamhíoctha pinsean fostóra a íoc ón gCiste faoi réir teorainneacha áirithe.

Tá teorainneacha reachtúla ar mhéideanna na n-íocaíochtaí agus ar na tréimhsí lena mbaineann siad. Déantar íocaíochtaí ón gCiste Árachais Shóisialaigh.

## **FOSTAITHE ATÁ CUMHDAITHE AG AN SCÉIM**

Cumhdaíonn an scéim fostaithe atá os cionn 16 bliana d'aois agus atá i bhfostaíocht faoi árachas i dtaobh gach socair faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh ag dáta foirceanta na fostaíochta; áirítear leis seo fostaithe atá os cionn 66 bliain d'aois atá fostaithe, ach, murach a n-aois, bheidís inárachaithe do gach sochar faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh.

## **ÉILEAMH A DHÉANAMH**

Déantar éilimh tríd an duine a cheaptar go dlíthiúil chun an gnólacht a fhoirceannadh (an Leachtaitheoir nó an Glacadóir de ghnáth), a dheimhneoidh na héilimh ó na taifid atá ar fáil, agus iad a chur faoi bhráid Rannóg Íocaíochtaí Dócmhainneachta na Roinne Coimirce Sóisialaí lena bpróiseáil. Nuair a próiseáladh na héilimh, déantar íocaíochtaí leis an Leachtaitheoir, Glacadóir, etc., a íocfaidh na fostaithe atá i gceist, tar éis aon cháin reachtúil a asbhaint nó aon asbhaintí eile a dhéanamh.

## **Dífhostú**

Soláthraítear sna hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2015 cosaint d'fhostaithe óna ndífhostú go héagórach óna bpoist trí chritéir a leagan síos trína mbreithnítear dífhostú a bheith éagórach agus trí chóras breithnithe agus sásamh a sholáthar d'fhostaí

a ndeimhnítear go raibh a d(h)ífhostú gan údar. Baineann na hAchtanna le fostaithe a d'fhóin go leanúnach ar feadh bliana, ar a laghad, (tá eisceachtaí áirithe i gceist, féach thíos), leis an bhfostóir céanna.

Féadfaidh Oifigeach Breithnithe an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre breithniú a dhéanamh ar cé acu ar fostaíodh nó nár fostaíodh duine ar shraith 2 chonradh fostaíochta nó níos mó, a raibh sos nach faide ná 26 seachtain eatarthu, ar mhaithe le dliteanas an fhostóra a sheachaint faoi na hAchtanna. Sa chás go ndeimhnítear go ndeamadh amhlaidh, féadtar fad na gconarthaí éagsúla a shuimiú le chéile chun measúnú a dhéanamh ar fhad seirbhíse fostaí le haghaidh incháilitheachta faoi na hAchtanna.

Tá daoine a fhostaítear trí ghníomhaireachtaí fostaíochta cumhdaithe ag scóip na reachtaíochta. Ar mhaithe le cuspóir na nAchtanna um Dhífhostú Éagórach, meastar gurb ionann an páirtí (an t-úsáideoir deiridh) a fhostaíonn an duine aonair ón ngníomhaireacht fostaíochta agus an fostóir.

Ní chumhdaítear sna hAchtanna fostaithe ar chonarthaí téarma sheasta nó cuspóra sheasta a gcuirtear a bhfostaíocht chun deiridh ar éag an chonartha nó nuair a chuirtear an cuspóir chun deiridh, a fhad agus a shonraítear sa chonradh, atá sínithe ag an dá pháirtí, nach mbaineann na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach le héag an chonartha amháin. Má mheastar gurbh ann do shraith dhá cheann nó níos mó de na conarthaí seo, nach raibh sos breis agus 3 mhí eatarthu, meastar gurbh ann dó ar mhaithe le seachaint ag an bhfostóir ar dliteanas faoi na hAchtanna, suimeofar le chéile iad nuair a bhíonn seirbhís leanúnach fostaí á ríomh i dtaobh incháilitheachta faoi na hAchtanna. Seachas seo, tá aon fhoráil i gcomhaontú, bíodh conradh fostaíochta nó a mhálairt i gceist, chun cur i bhfeidhm na nAchtanna a eisiáimh nó a theorannú ar neamhní.

Ní chumhdaítear sna hAchtanna, mar shampla, printíseachtaí sainithe sa chás go leagtar an fostaí as i gcaitheamh na míosa ina dhiaidh sin i ndiaidh go gcríochnaítear an phrintíseacht (mura n-eascaíonn an dífhostú go hiomlán nó go príomha ó (i), (vi), (vii), (viii), (ix) or (xiii) thíos).

Ní bhaineann na hAchtanna i ndífhostú sa chás go gcuireann an fostóir an fostaí ar an eolas i scríbhinn ag tosú na fostaíochta go gcuirfead deireadh leis an bhfostaíocht nuair a fhilleann fostaí eile ar obair leis an bhfostóir sin ata as láthair ó obair fad atá saoire chosanta á glacadh aige/aici nó fad atá sé/sí as láthair i ngeall ar chúram breithe, laistigh de bhrí Chuid IV den Acht um Chosaint Máithreachais, 1994, nó má tá sé/sí as láthair ó obair ag freastal ar ranganna réamhbhreithe i gcomhréir le halt 15A (ama iontráil ag alt 8 den Acht um Chosaint Máithreachais (Leasú), 2004), nó chun críche cothú cíche i gcomhréir le halt 15B (ama iontráil ag alt 9 den Acht um Chosaint Máithreachais (Leasú), 2004, den Acht chéadluaite, agus go dtarlaíonn dífhostú an fostaí chéadluaite, mar is cuí, chun críche filleadh ar obair an fostaí eile a éascú.

## FORAIS LE HAGHAIDH DÍFHOSTÚ

Foráiltear sna hAchtanna go measfar go mbeidh gach dífhostú fostaí éagórach murar féidir leis an bhfostóir forais shubstainteacha a thaispeáint a thugann údar leis an dífhostú. D'fhonn údar a thabhairt le dífhostú, ní mór d'fhostóir a thaispeáint gur eascair sé go hiomlán nó go príomha as ceann amháin nó níos mó de na cúiseanna seo a leanas:

- (i) cumas, inniúlacht nó cáilíochtaí an fostaí,
- (ii) iompar an fostaí,
- (iii) iomarcaíocht an fostaí,
- (iv) an chaoi go sáródh leanúint na fostaíochta ceanglas eile reachtúil,

nó go raibh forais shubstainteacha eile ann leis an dífhostú.

## DÍFHOSTÚ ÉAGÓRACH

Ní mór d'fhostóir a dhífhostaigh fostaí, má iarrtar air/uirthe, an chúis a sholáthar i scríbhinn laistigh de 14 lá a bhí leis an dífhostú. Tá dífhostú éagórach faoi na hAchtanna sa chás go dtaispeántar gur eascair siad go hiomlán nó go príomha as ceann amháin nó níos mó den mhéid a leanas:

- (i) ballraíocht nó gníomhaíochtaí cheardchumann an fostaí, cé acu lasmuigh d'uaireanta oibre nó i rith na n-amanna siúd i gcaitheamh uaireanta oibre nuair a cheadaíonn an fostóir,
- (ii) tuairimí reiligiúnacha nó polaitiúla an fostaí,
- (iii) rinne an fostaí nochtadh cosanta,
- (iv) imeachtaí sibhialta nó coiriúla i gcoinne an fostaí ina bhfuil, nó inar dócha go mbeidh, baint ag an bhfostaí (mar pháirtí, gearánaí nó finné),
- (v) feidhmiú nó feidhmiú beartaithe ag an bhfostaí ar an gceart i leith saoire thuismitheora nó saoire force majeure faoin Acht um Shaoire Thuismitheora, 1998 nó i leith saoire chúramóra faoi agus i gcomhréir leis an Acht um Shaoire Chúramóra, 2001,
- (vi) cineál nó dath nó gnéaschlaonadh an fostaí,
- (vii) aois an fostaí,
- (viii) ballraíocht an fostaí den Lucht Siúil,
- (ix) toircheas, freastal ag ranganna réamhbhreithe, saolú nó cothú cíche an fostaí nó aon cheisteanna lena mbaineann,
- (x) feidhmiú nó feidhmiú beartaithe ag an bhfostaí ar an gceart faoi na hAchtanna um Chosaint

Máithreachais, 1994 i leith aon fhoirme de shaoire chosanta nó d'asláithreacht chúram breithe nó d'am saor ón obair chun freastal ar ranganna réamhbhreithe nó d'am saor ón obair nó do laghdú ar uaireanta oibre ar mhaithe le cothú cíche dá réir

- (xi) feidhmiú nó feidhmiú beartaithe ag an bhfostaí ar an gceart i leith an chirt do shaoire uchtaíoch, saoire bhreise uchtaíoch nó am saor chun freastal ar ranganna nó cruinnithe áirithe réamhuchtála faoi na hAchtanna um Shaoire Uchtaíoch, 1995 agus 2005,
- (xii) roghnú éagórach an fhostaí d'iomarcaíocht,
- (xiii) feidhmiú nó feidhmiú beartaithe ag an bhfostaí ar an gceart i leith faoin Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 agus 2015 nó faoin Acht um Shláinte agus Sábháilteacht ag an Obair, 2005.

- a) ballraíocht nó gníomhaíocht cheardchumann an fhostaí, cé acu lasmuigh d'uaireanta oibre nó i rith na n-amanna siúd i gcaitheamh uaireanta oibre nuair a cheadaíonn an fostóir,
- b) toircheas nó ceisteanna lena mbaineann,
- c) an ceart i leith saoire uchtaíoch a fheidhmiú,
- d) an ceart a fheidhmiú i leith saoire thuismitheora nó force majeure,
- e) cearta a fheidhmiú faoi na hAchtanna um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 agus 2015,
- f) an ceart a fheidhmiú i leith saoire chúramóra, agus
- g) **i ndiaidh nochtadh cosanta a dhéanamh.**

Is féidir a mheas, anuas air sin, gurb ionann agus dífhostú é má dhéantar coinníollacha oibre duine chomh deacair sin go mbraitheann sé nó sí go bhfuil dualgas orthu fágáil. Tugtar dífhostú inchiallaithe.

## **EISCEACHTAÍ I LEITH RIACHTANAS SEIRBHÍSE**

Tá roinnt eisceachtaí ann i leith an cheanglais i dtaobh fostaithe a éilíonn dífhostú gur fhóin siad ar feadh bliain iomlán leanúnach lena bhfostóir. Ina measc seo, tá dífhostú i ngeall ar an méid a leanas

## SÁSAMH

Is ionann an sásamh i dtaobh dífhostú éagórach:

- (i) athfhostú sa seanphost, nó
- (ii) athfhostú sa seanjab nó i bpost oiriúnach malartach ar choinníollacha a mheasann na comhlachtaí breithnithe atá réasúnta, nó
- (iii) sa chás gur thit cailteanas airgeadais amach, cúiteamh airgeadais (nach mó ná pá 104 seachtain nó, i gcás dífhostú nochtadh cosanta, pá 260 seachtain – ar féidir leis an méid cruinn brath ar na ceisteanna siúd ar nós na limistéar ina a raibh an fhreagracht as an dífhostú, na bearta a rinneadh chun cailteanas airgeadais nó a laghdú nó an méid ar leanadh na nósanna imeachta dífhostaithe ar a ndearmadh idirbheartaíocht (más ann dóibh seo) nó a leanadh an Cód Cleachtas maidir le Casaid agus Nósanna Imeachta (Disciplíne), nó
- (iv) sa chás nár tharla aon chaillteanas airgeadais, cúiteamh airgeadais ar fead a mhéid le pá 4 seachtaine.

## Gearáin

Foráiltear sna hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta 1973 go 2005 go bhfuil ceart gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (an CCÁO) sa chás go greideann fostaí gur tharla sárú ar na hAchtanna.

Foráiltear sna hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2014 go bhfuil ceart gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (an CCÁO) sa chás go greideann fostaí nach bhfuair sé/sí a theidlíochtaí faoi na hAchtanna siúd.

Foráiltear in Alt 11A den Acht um Chosaint Fostaíochta, 1977 go bhfuil ceart gearán a dhéanamh leis an CCÁO sa chás go líomhnaítear gur sháraigh fostóirí a ndualgais chun dul i gcomhairle le fostaithe, agus faisnéis a thabhairt dóibh i gcomhchás iomarcaíochta.

Foráiltear in Alt 9 den Acht um Chosaint Fostaíochta, 1977 nach mór d'fhostóir tús a chur le comhairliúcháin le hionadaithe fostaithe sa chás go mbeartaíonn sé/sí chun comhiomarcaíocht a chruthú. Sa chás go bhfuil forais réasúnta ag cigire an CCÁO lena chreidiúint gur tharla an cion sin ina dteiptear ar dhul i gcomhairle, féadfaidh sé/sí Fógra um Íocaíocht Sheasta a sheirbheáil ar an bhfostóir sin i gcomhréir le hAlt 36 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015. Má íocann an fostóir an muirear a shonraítear ar an bhFógra, ní ghabhann an cheist ar aghaidh chun na Cúirte. Má theipeann ar dhuine nó má dhiúltaíonn sé/sí chun an muirear a íoc, is féidir an cheist a chur faoi bhráid na Cúirte Dúiche, áit ar féidir leis an gosantóir a staid a chosaint ar an ngnáthbhealach.

Foráiltear sna hAchtanna um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984 go 2012 gur féidir le díospóidí maidir le cinntí na Roinne Coimirce Sóisialaí ar iarratais ar íocaíocht maidir le riaráistí pá, pá breoiteachta, pá saoire agus maidir le ranníocaíochtaí na scéime pinsin a chur faoi bhráid an CCÁO go ndéanfar breithniú orthu.

Foráiltear sna hAchtanna um Dhífhostú Éagórach go bhfuil ceart ann chun gearán a dhéanamh leis an CCÁO sa chás go measann fostaithe gur caitheadh go héagórach leo. Féadfaidh fostaithe a measann gur caitheadh go héagórach leo ach nach gcáilítear iad faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach ar chúiseanna áirithe (e.g. níor fhóin siad ar feadh bliain amháin go leanúnach, mar shampla), i dtromlach na gcásanna, an cheist atreorú chuig an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre go ndéanfar breithniú uirthi faoin Acht



um Chaidreamh Tionscail, 1969. Chomh maith leis sin, féadtar atreoruithe a dhéanamh chuig an gCoimisiún má bhíonn dífhostú ceangailte le haon cheann de na naoi bhforas idirdhealaitheacha a fhorordaítear sna hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015.

Tá an fhoim ábhartha ghearáin ar fáil ar [www.workplacerelations.ie](http://www.workplacerelations.ie) nó trí theagmháil a dhéanamh le Seirbhísí Faisnéise agus Custaiméara an Choimisiúin ar 0818 80 80 90. Tá an ceart ag ceachtar páirtí chun achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Oibreachais i leith cinneadh a rinne Oifigeach Breithnithe an CCÁO.

## Faisnéis Bhreise

Féach na Leabhráin Mhínteacha ar na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, an tAcht um Chosaint Fostaíochta, 1977, an Treoir maidir leis an Scéim Íocaíochtaí Iomarcaíochta, an Scéim Íocaíochtaí Iomarcaíochta agus na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach. Tá cóipeanna díobh ar fáil ar iarraidh, nó is féidir iad a íoslódáil ó [www.workplacerelations.ie](http://www.workplacerelations.ie). Tá Nósanna Imeachta Mionsonraithe faoin Scéim Íocaíochtaí Iomarcaíochta agus Íocaíochtaí Dócmhainneachta ar fáil ón Roinn Coimirce Sóisialaí ag [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie).



## 11 Comhionannas

### Comhionannas Fostaíochta

Cuimsíonn na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2011 fostaithe sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha anuas ar iarratasóirí ar fhostaíocht agus oiliúint.

Eisreachtaítear sna hAchtanna an t-idirdhealú i limistéir a bhaineann leis an obair, ar nós pá, gaimoiliúna, rochtana ar fhostaíocht, taithí oibre agus ardú céime. Chomh maith leis sin, cumhdaítear sna hAchtanna cásanna ina bhfuil ciapadh agus íospairt i gceist. Eisreachtaítear fógraí idirdhealaitheacha agus idirdhealú a fhoilsiú ag gníomhaireachtaí fostaíochta, comhlachtaí gaimoiliúna agus comhlachtaí áirithe eile, e.g. ceardchumann agus cumainn fostóirí. Féadtar comhaontuithe comhchoiteanna a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre go ndéanfar idirghabháil agus imscrúdú orthu.

Seo a leanas na naoi bhforas ar a n-eisreachtaítear idirdhealú sna hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta:

- Inscne
- Stádas teaghlaigh
- Stádas sibhialta
- Claonadh gnéasach
- Creideamh reiligiúnach
- Aois
- Míchumas
- Cineál, dath an chraicinn, náisiúntacht nó bunús eitneach nó náisiúnta
- Ballraíocht den Lucht Siúil

### Comhaontuithe Comhchoiteanna

I gcásanna ina n-aithníonn fostóir ceardchumann nó grúpa ceardchumann, is gnách go dtugtar faoi chomh-mhargáil chun idirbheartaíocht a dhéanamh ar chomhaontuithe. Is éard is comhaontú comhchoiteann ná comhaontú a dhéanann fostóir nó a dhéantar thar ceann fostóra agus ceardchumann ionadaíoch a rialaíonn pá agus/nó coinníollacha eile fostaíochta.

Faoi alt 9 de na hAchtanna um Chomhionannas, 1998 go 2011, féadfaidh aon fhoráil i gcomhaontú comhchoiteann nó in ordú eile a dhéanann idirdhealú ar aon cheann de na naoi bhforas a dhearbhu amhail bheith ar neamhní go hiomlán. Áirítear leis seo comhaontú óna n-eascaíonn difríocht idirdhealaitheach i bpá.

Is iad na comhaontuithe agus na horduithe ar féidir cur ina n-aghaidh: comhaontuithe comhchoiteanna, Oruithe Rialaithe Fostaíochta agus Comhaontuithe Cláraithe Fostaíochta.

## Pinsin Cheirde

Is éard is pinsin cheirde, go bunúsach, pinsin a bhunaíonn fostóirí d'fhostaithe (seachas pinsin a sholáthraíonn an Stát tríd an gcóras slándála sóisialaí).

I gcomhréir le Cuid VII d'Acht na bPinsean, 1990 (ama leasú ag an Acht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004, tá sé in aghaidh an dlí idirdhealú díreach nó indíreach a dhéanamh maidir le pinsin cheirde ar aon cheann de na naoi bhforas a liostaítear thuas.

## Stádas Comhionann

Cuirtear toirmeasc sna hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000 go 2012 ar earraí agus seirbhísí a sholáthar, réadmhaoin agus rochtain ar oideachas a dhiúscairt, ar aon cheann de na naoi bhforas a leagtar amach thíos. Eisreachtaítear sna hAchtanna idirdhealú i ngach seirbhísí atá ar fáil go ginearálta don phobal, cé acu má sholáthraíonn an stát nó an eamail phríobháideach iad. Ina measc seo tá áiseanna le haghaidh sólaistí, siamsaíochta, baincéireachta, árachais, deontas, áiseanna creidmheasa, iompair agus seirbhísí taistil. Chomh maith leis sin, leagtar toirmeasc ar idirdhealú ar dhiúscairt áitreabh, cóiríocht a sholáthar, cead isteach nó rochtain ar chúrsaí oideachais nó ar bhunaíochtaí, faoi réir roinnt díolúintí.

Seo a leanas an t-aon fhoras déag ar a ndéantar idirdhealú a eisrechtú ag na hAchtanna um Stádas Comhionann:

- Inscne
- Stádas sibhialta
- Stádas teaghlaigh
- Claonadh gnéasach
- Creideamh reiligiúnach
- Aois
- Míchumas
- Cineál, dath an chraicinn, náisiúntacht, bunús eitneach nó náisiúnta
- Ballraíocht den Lucht Siúil
- Íospairt
- Cúnamh Tithíochta

Ní féidir gearáin maidir le cumainn chláraithe agus áitribh cheadúnaithe ach a chur faoi bhráid na Cúirte Dúiche amháin.

Tugtar íospairt ar phionós a ghearradh ar dhuine as ucht gearán faoi idirdhealú a dhéanamh nó as fianaise a thabhairt i ngearán duine eile nó cur in aghaidh idirdhealú neamhdhleathach go neamhdhleathach agus cosnaítear san Acht um Stádas Comhionann duine i gcoinne na híospairte sin.

## Gearáin

Féadfaidh duine a maíonn go ndeamadh idirdhealú ina leith nó go raibh sé/sí thíos le híospairt nó nach bhfuair sé/sí pá nó sochar comhionann faoi chlásal comhionannais sásamh a lorg tríd an gcás a chur faoi bhráid Ard-Stiúrthóir an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 go 2011. Féadtar éileamh ar shásamh a bhaineann le hidirdhealú ar fhorais inscne a chur faoi bhráid na Cúirte Cuarda seachas a chur faoi bhráid an Ard-Stiúrthóra.

Féadfaidh duine a ndéanann comhaontú comhchoiteann nó ordú difear dó/di gearán a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre.

Féadtar gach éileamh i leith idirdhealú maidir le pinsin cheirde a chur faoi bhráid Ard-Stiúrthóir an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre, ar féidir leis an cheist a atreorú chuig an mBord Pinsean más mian leis/léi amhlaidh a dhéanamh ar mhaithe le comhairle theicniúil a fháil ar cheisteanna pinsin.

Féadfaidh daoine a measann go ndeamadh iompar toirmisce, faoi mar a shainmhínítear faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann, a dhírú ina leith sásamh a lorg tríd an gcás a chur faoi bhráid Ard-Stiúrthóir an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre. Anuas air sin, féadfaidh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas na hatreoruithe siúd a dhéanamh.



## 12 Forálacha Ábhartha Eile

### Aistriú Gnóthas

#### NA RIALACHÁIN

Tá de chuspóir ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaithe ar Aistriú Gnóthas), 2003 cearta conarthacha fostaithe a chosaint maidir lena bhfostaíocht i gcás go n-aistrítear an gnólacht nó cuid den ghnólacht ina bhfuil siad fostaithe chuig fostaí eile an ghnólachta.

#### AISTRÍÚ CEART/DUALGAS CONARTHACH

Foráiltear sna Rialacháin go n-aistrefar cearta agus dualgais an bhunfhostóra (“an t-aistreoír”) a eascraíonn ó chonradh fostaíochta arb ann dó ag dáta aistrithe, i ngeall ar an aistriú sin, chuig an bhfostóir nua (“an t-aistrí”). De bhreis air sin, ní mór go leanann an t-aistrí le haird a thabhairt ar na téarmaí agus coinníollacha lenar comhaontaíodh in aon chomhaontú comhchoiteann ar na téarmaí céanna a bhí infheidhme leis an aistrí faoin gcomhaontú sin go dtí dáta an fhoirceanta nó éag an chomhaontaithe nó go gcuirtear comhaontú comhchoiteann eile i bhfeidhm.

#### EISCEACT NA BPINSEAN

Ní bhaineann an rial tuas maidir le cearta fostaí i leith sochair sheanaoise, easláinte nó mharthanóra faoi scéimeanna forlíontacha cuideachta nó idirchuideachta lasmuigh de na hAchtanna Leasa Shóisialaigh.

Go héifeachtach, ní aistrítear na cearta pinsin seo ar dháta an aistrithe anonn chuig an teagmhálaí nua ach cosnaítear iad faoi Achtanna na bPinsean 1990 go 2003 – sa chás gur scéim pinsean ceirde atá i scéim pinsin na cuideachta forlíontaí ábhartha laistigh de bhri na nAchtanna siúd (i.e. scéim pinsin fhaofa). Maidir le scéimeanna neamhfhaofa pinsean ceirde, ceanglaítear ar an aistrí (an fostóir nua) chun cearta fosaithe a ‘chosaint’ sna cásanna siúd.

#### DÍFHOSTÚ

Ní féidir fostaí a dhífhostú mar gheall ar aistriú gnóthais. Ní leagtar toirmeasc, áfach, ar dhífhostú i ngeall ar “cúiseanna eacnamaíocha, teicniúla nó eagraíochtúla faoina ndéantar athruithe sa lucht saothair”.

Má chuirtear deireadh le conradh fostaíochta fostaí mar gheall go mbaineann athrú substainteach le haistriú ar choinníollacha oibre nach dtéann chun sochair an fostaí, meastar go raibh an fostóir a bhí i gceist freagrach as an bhfoirceannadh.

#### DÓCMHAINNEACT FOSTÓRA

Ní bhaineann na dualgais thuas thar ceann fostóra, i gcás aistrithe, sa chás go mbíonn an fostóir atá ag fágáil faoi réir imeachtaí ina bhféadfadh é/í a dhearbhú ina f(h)éimheach, nó a fhoirceannadh (i gcás cuideachta) ar chúiseanna dócmhainneachta, trí ordú na hArd-Chúirte.

## IONADAITHE FOSTAITHE

Cosnaítear staid ionadaithe na bhfostaithe i gcaitheamh aistriú.

## FAISNÉIS AGUS COMHAIRLIÚCHÁN

Tá dualgas ar an mbunfhostóir agus ar an bhfostóir nua araon chun ionadaithe a bhfostaithe faoi seach a chur ar an eolas ar dháta an aistrithe, na cúiseanna atá leis an aistriú agus ar impleachtaí dlíthiúla, sóisialta agus geilleagracha an aistrithe. Ní mór seo a dhéanamh, sa chás gurb indéanta go réasúnta é, tráth nach déanaí ná 30 lá roimh dháta an aistrithe, agus in aon chás, tráth sách fada sula dtugtar faoin aistriú (nó i gcás an aistrí, tráth sách fada sula n-imríonn an t-aistriú maidir le coinníollacha fostaíochta tionchar díreach orthu). Ní mór plé a dhéanamh ar shonraí faoi aon bhearta maidir leis na fostaithe le hionadaithe na bhfostaithe “d’fhonn comhaontú a bhaint amach”. Sa chás nach ann d’aon ionadaí, ní mór do na fostóirí socrú a dhéanamh go roghnóidh na fostaithe ionadaithe don chuspóir seo.

## Cearta Oibríthe ar Phostú agus oibríthe neamhnáisiúnta in Éirinn

### TREOIR ÓN AE

Ceanglaíonn Treoir an AE 96/71/CE maidir le hoibríthe a phostú i gcreatlach sholáthar seirbhísí ar gach Ballstát a chinntiú go deimhnítear coinníollacha fostaíochta d’oibrí a rinneadh a phostú dá c(h)ríoch ó ghnóthas i mBallstát eile, maidir le ceisteanna áirithe, a dheimhnítear d’fhostaithe faoi dlí an Bhallstáit sin.

Ceanglaítear sa Treoir, chomh maith leis sin, ar gach Ballstát a chinntiú go ndeimhnítear d’oibríthe a dhéantar a phostú dá c(h)ríoch, téarma agus coinníollacha fostaíochta maidir leis na ceisteanna céanna siúd a dheimhnítear d’fhostaithe sa Bhallstát sin faoi chomhaontú comhchoiteann atá infheidhme go huilíoch a bhaineann le tógáil nó obair ghaolmhar.

Sainmhínítear “oibrí postaithe” chun críocha na Treorach mar “oibrí a thugann faoina (h)obair, ar feadh tréimhse theoranta, i gcríoch Bhallstáit seachas an Stát ina n-oibríonn sé/sí de ghnáth”.

### DLÍ NA HÉIREANN

Tá cosaint reachtaíocht fostaíochta na hÉireann ag oibríthe a postáíodh d’obair in Éirinn ó Bhallstáit eile an AE ar an mbealach céanna a phostaítear fostaithe a bhfuil conradh fostaíochta Éireannach acu. Déantar seo de bhua an Achta um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001, alt 20, ina luaitear go mbaineann an reachtaíocht fostaíochta go léir a bhronnann cearta nó teidlíochtaí ar fhostaí le hoibrí postaithe ar an mbealach céanna a bhaineann sé le haon fhostaí eile agus go bhfuil na cearta céanna ag duine, gan aird ar náisiúntacht nó áit chónaithe, a oibríonn sa Stát faoi chonradh fostaíochta, faoi reachtaíocht um chosaint fostaíochta na hÉireann a bhíonn ag fostaithe Éireannacha.

Mar gheall go mbaineann an tAcht um Chaidreamh Tionscail, 1946 le hoibríthe postaithe, baineann gach comhaontú comhchoiteann faoi alt 27 den Acht le hoibríthe postaithe.

## Ionstraimí sonracha a bhronnann cearta a chumhdaítear sa Treoir

I measc na n-achtachán a rialaíonn na cearta a cheanglaítear a dheimhniú d’oibríthe postaithe ag Treoir 96/71/CE agus a bhaineann le hoibrí postaithe d’Éirinn, tá an méid a leanas:

- An tAcht um Ghníomhaireacht Fostaíochta, 1971;
- An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989;
- An tAcht um Chosaint Máithreachais, 1994;
- An tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996;
- An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997;
- Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 2011 agus 2015
- Na hAchtanna um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 agus 2015.

- comhionannas caithimh idir fir agus mná agus forálacha eile maidir le neamh-írdirdhealú.

Is iad na gníomhaíochtaí lena mbaineann na comhaontuithe comhchoiteanna atá infheidhme go huilíoch, a cheanglaíonn an Treoir ar Bhallstát a chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm iad ar oibríthe atá postaithe ina c(h)ríoch, le tochailt, créchartadh, obair foirgníochta féin, cóimeáil agus díchóimeáil rudaí réamhdhéanta, feistiú nó suiteáil, athruithe, athchóiriú, deisiúcháin, díchóimeáil, scartáil, cothabháil, coimeád, péinteáil agus obair ghlantacháin, feabhsúcháin.

I measc na gcomhaontuithe comhchoiteanna a rialaíonn na cearta ar gá iad a dheimhniú d'oibríthe postaithe a bhfuil baint acu i ngníomhaíocht tógála nó ghaolmhar eile agus a bhaineann le hoibrí atá postaithe in Éirinn, aon Chomhaontuithe Cláraithe Fostaíochta a d'fhéadfadh bheith i bhfeidhm san eamáil Tógála.

Seo a leanas na ceisteanna a gceanglaítear ar Bhallstát ina leith (ag Airteagal 3.1 den Treoir) a chinntiú go ndeimhnítear téarmaí agus coinníollacha fostaíochta d'oibrí postaithe d'fhostaithe sa Bhallstát sin (ag an dlí, comhaontú comhchoiteann etc.):

- tréimhsí uasta oibre agus tréimhsí íosta scíthe;
- saoirí íosta íochta bliantúla;
- rátaí íosta pá, lena n-áirítear rátaí ragoibre;
- coinníollacha a bhaineann le hoibríthe a fhrúiliú amach, go háirithe ag gnóthais shealadacha fostaíochta;
- sláinte, sábháilteacht agus sláinteachas ag an obair;
- bearta cosanta maidir le téarmaí agus coinníollacha fostaíochta ban torrach nó ban a thug leanbh ar an saol le déanaí, leanaí agus daoine óga; agus

## Oibríthe Intíre

Baineann oibríthe intíre taitneamh as an gcosaint chéanna faoi reachtaíocht fostaíochta na hÉireann a bhaineann gach oibrí eile a fhostaítear go dlíthiúil. Féadtar a áireamh le hobair thí, glantachán, cócaireacht, níochán, feighlíocht leanaí, cúram do dhaoine breacaosta nó daoine muinteartha breoite, garraíodóireacht agus cothabháil, tiomáint agus aon dualgais eile a bhaineann le teaghlach.

Deimhnítear cé acu an fostaí nó nach fostaí duine trí thagairt a dhéanamh d'fhorálacha na reachtaíochta reatha fostaíochta agus an dlí bunaithe conarthaí. Ní chiallaíonn úsáid na sannachán ar nós Au Pair nó cur síos eile ar shocruithe idir páirtithe toilithe, iontu féin, nach ann do chonradh fostaíochta.

Thabharfaí caidreamh conartha le fios go mór má thugann duine faoi dhualgas do dhuine eile chun íocaíocht a fháil.

Tugadh isteach san Acht um Chaidreamh Tionscail, 1990 (Cód Cleachtais um Chosaint Daoine a Fhostaítear i dtithe Daoine Eile) (Dearbhú), 2007 cód cleachtais ina leagtar amach cearta agus cosaintí reatha fostaíochta do dhaoine atá fostaíte i dtithe daoine eile agus chun foráil a dhéanamh don mhéid a leanas

- an dualgas chun ráiteas scríofa a sholáthar ar théarmaí agus coinníollacha fostaíochta faoi mar a cheanglaítear faoi na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), ina sonraítear uaireanta, rátaí, dualgais, sosanna, teidlíochtaí saoire, caitheamh le ham taistil etc;
- cosaint próbháideachais;
- nach gcoimeádfaidh aon fostóir aon cháipéis phearsanta ar le fostaí í;
- caitheamh le cóiríocht agus aon asbhaintí a dhéanamh;
- déanfar comhaontú roimh ré, amháin, ar gach dualgas breise agus aisíofar costais as póca go mear;
- éascóidh an fostóir an fostaí i saorfheidhmiú gníomhaíochtaí pearsanta; agus
- ní chuirfidh an fostóir cosc ar an gceart atá ag an bhfostaí bheith mar bhall de cheardchumann.

## Rannpháirtíocht Oibríthe

Foráiltear sna Achtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2011, do rannpháirtíocht fostaí ar leibhéal boird agus fobhoird i bhfiontair áirithe Stáit.

Cuirtear toghcháin do stiúrthóirí oibrí, faoina dtugtar trí bhallóid rúnda, gach 4 bliana. Tá fostaithe atá 18 mbliana d'aois, ar a laghad, a d'fhóin ar feadh bliain iomlán leis an bhfiontar, incháilithe chun vóta a chaitheamh ag toghcháin stiúrthóra oibríthe.

Ní mór gurb ionann ainmnithe le haghaidh toghcháin agus fostaithe idir 18 agus 65 bliain d'aois a d'fhóin go leanúnach ar feadh 3 bliana, ar a laghad. Féadfaidh ceardchumann agus comhlachtaí eile a aithnítear do chomh-idirbheartaíochtaí margála iarrthóirí a ainmniú le haghaidh toghcháin.

Foráiltear in Acht 1988 do shocrúite rannpháirteacha fobhoird a thabhairt isteach in 35 fiontar Stáit. Féadtar socruithe fobhoird a shocrú i ndiaidh go ndéanann ceardchumann nó aontais iarratas air sin nó ar iarraidh thromlach fhostaithe an fhiontair. Déantar foráil do chomhaontú a dhréachtú idir an fiontar Stáit agus a fhostaithe maidir leis na socruithe sonracha atá le tabhairt isteach. Níl an reachtaíocht forordaitheach maidir le cineál na socruithe a tugadh isteach, ach foráiltear nach mór go n-áireofar leo seo na gnéithe ríthábhachtacha a leanas:

- (i) malartú rialta tuairimí agus faisnéise idir an bhainistíocht agus fostaithe maidir le ceistanna a shonraítear sa chomhaontú;
- (ii) go dtugann an bhainistíocht faisnéis go tráthúil d'fhostaithe faoi chinntí áirithe a d'fhéadfadh tionchar suntasach a imirt ar leasanna fostaithe;
- (iii) faisnéis agus tuairimí a scaipeadh ar gach fostaí a eascraíonn as na socruithe rannpháirteacha.



## Gníomhaireachtaí Fostaíochta

Foráiltear san Acht um Gníomhaireacht Fostaíochta, 1971 nach mór do dhuine ar bith ag thugann faoi ghnó gníomhaireacht fostaíochta ceadúnas a fháil chun amhlaidh a dhéanamh ón Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Is é an sainmhíniú a thugtar ar gníomhaireacht fostaíochta (gníomhaireacht oibre sealadái ina measc) ná duine a thugann faoi ghníomhaíocht gheilleagrach a fhóstaíonn duine aonair faoi chonradh fostaíochta ar féidir an duine aonair a shannadh chun oibriú dó/di dá bhua, agus faoi threoir agus maoirseacht, duine eile seachas an duine chéadluaite.

Ba cheart do dhaoine a lorgaíonn fostaíochta trí gníomhaireacht fostaíochta a chinntiú nach ndéileálann siad ach le gníomhaireachtaí ceadúnaithe amháin. Ní féidir le gníomhaireacht aon táille a ghearradh ar chuardaitheoir poist díreach i ngeall gur chomhaontaigh siad chun fostaíocht a lorg dóibh. Déanann an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre iarratais ar cheadúnais gníomhaireacht fostaíochta a fháil agus a phróiseáil, thar ceann an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta ([féach www.workplacerelations.ie](http://www.workplacerelations.ie)).

Lena chois sin, ní féidir le gníomhaireacht fostaíochta muirear a ghearradh ar fhostaí Náisiúnaigh Neamh-LEE ar Chead Oibre a d'eisigh an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Is ionann oibrí gníomhaireacht agus duine aonair atá fostaíthe ag gníomhaireacht fostaíochta faoi chonradh fostaíochta ar féidir an duine aonair a shannadh chun oibriú dó/di dá bhua, agus faoi threoir agus maoirseacht, duine eile seachas gníomhaireacht fostaíochta.

Foráiltear san Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Gníomhaireachta Shealadach), 2012 go mbeidh oibrí gníomhaireachta, ar feadh fhada a s(h)annacháin d'fhruilitheoir, i dteideal na coinníollacha céanna bunúsacha

oibre agus fostaíochta a fháil a mbeadh sé nó sí ina dteideal dá mbeadh sé nó sí fostaíthe ag an bhfruilitheoir faoi chonradh fostaíochta chun obair a dhéanamh atá mar an gcéanna le nó cosúil le, an obair ar gá dó nó di a dhéanamh i rith an tsannacháin sin.

Foráiltear in Acht 2012 go gcaithfear le sannacháin a chruthaíonn cuid den tsraith chéanna sannachán, chun críocha cinntiúcháin a dhéanamh i dtaca le coinníollacha bunúsacha oibre agus fostaíochta oibrí gníomhaireachta, mar shannachán singil.

## Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair

Is é an príomhphíosa reatha reachtaíochta a dhéileálann le sláinte agus sábháilteacht cheirde ant Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 a bhaineann le gach áit oibre, le gach fostóir agus fostaí agus le daoine féinfhostaithe, chomh maith. Leagtar san Acht dualgais ar fhostóirí agus ar fhostaithe maidir le timpeallacht shlán agus fholláine oibre a sholáthar. Anuas air sin, leagtar oibleagáidí áirithe orthu siúd a dhéanann earraí nó substaintí a dhearadh, a iompórtáil, a sholáthar nó a dhéantúsú lena n-úsáid ag an obair. Tháinig Acht 2005 in ionad an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989 a d'fhoráil don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta a bhunú agus do chumhachtaí agus d'fheidhmeanna a shannadh don Údarás sin.

## REACHTAÍOCHT SÁBHÁILTEACHT AGUS SLÁINTE CHEIRDE EILE

Déantar breis fairsingiú ar an reachtaíocht um shábháilteacht agus sláinte sna Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta, 2007 go 2012). Soláthraítear sna Rialacháin seo na forálacha reachtúla i bhformáid fhéinchiimsithe, atá

inrochtana gan stró agus atá furasta le húsáid.

Téitear i ngleic sna Rialacháin seo, chomh maith leis sin, le ceanglais dhlíthiúla a bhaineann le háiteanna oibre agus trealamh oibre, úsáid shábháilte leictreachais san áit oibre, nósanna imeachta um obair shábháilte ar airde, gníomhairí fisiciúla a rialú ag an obair (i.e. torann, creathadh agus radaíocht shaorga optúil), grúpaí íogaire riosca a chosaint (i.e. leanaí agus daoine óga, fostaithe torracha agus a bhfuil cothú cíche á dhéanamh acu agus oibríthe oíche agus seala), comharthaí sábháilteachta a sholáthar agus garchabhair ag an obair, daoine a oibríonn in atmaisféir phléascacha a chosaint agus córais bhrú a oibriú go sábháilte.

Leagtar na nósanna imeachta amach a rialaíonn fógra a thabhairt don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta ar thimpistí agus tarluithe contúirteacha i gCuid X agus sa Dara Sceideal Déag de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 1993 (I.R. Uimh. 44 de 1993). Leagtar sna Rialacháin oibleagáidí ginearálta agus sonracha ar fhostóirí i dtaca le measúnú agus laghdú a dhéanamh ar nochtadh fostaithe do riosca agus guaiseacha ceirde, beartais um chosc ar riosca a fhorbairt, comhairliúchán, oiliúint agus faisnéis oibríthe agus faireachas sláinte. Anuas air sin, leagtar oibleagáidí sna Rialacháin seo chun comhoibriú le fostóirí i saincheisteanna a bhaineann lena sábháilteacht agus sláinte féin a chosaint ag an obair.

Tá rialacháin ann, ina theannta sin, a bhaineann go sonracha le saincheist agus eamáil, e.g. aispeist, carcanaigin, oibreáin cheimiceacha, tógáil, atmaisféir phléascacha, mianaigh agus cairéil. Leanann roinnt reachtaíocht thánaisteach ag cur le hAcht 2005 a léiríonn forbairtí leanúnacha ar leibhéal an AE i limistéar na Sábháilteachta agus na Sláinte Ceirde.

## BULAÍOCHT SAN ÁIT OIBRE

Is é an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta an Ghníomhaireacht Stáit lámach agus chomhordaithe i dtobh ceisteanna a bhaineann le bulaíocht san áit oibre. Ina leith seo, ba dheart d'aon duine aonair atá buartha faoi bhulaíocht san áit oibre teagmháil a dhéanamh leis an Aonad Freagartha Frithbhulaíochta, atá bunaithe ag Ceannoifig an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta ag Foirgneamh Metropolitan, Sráid James Joyce, Baile Átha Cliath 2, DO1 KOY8.

Tá trí Chód Cleachtas ábhartha ann sa limistéar seo:

- An Cód Cleachtas d'Fhostóirí agus d'Fhostaithe um Chosc agus Réiteach Bulaíochta ag an Obair, a tugadh isteach in 2007 faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, atá dírithe ar chosc a chur ar bhulaíocht agus déileáil le bulaíocht sa chás go dtéann sé amach in áiteanna oibre in Éirinn. Tá an cód dírithe ar fhostóirí agus fostaithe araon agus riarann é ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.
- An Cód Cleachtas ina sonraítear Nósanna Imeachta chun Dul i nGleic le Bulaíocht san Áit Oibre – a rinneadh faoin Acht um Chaidreamh Tionscail, 1990 agus a riarann an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre.
- An Cód Cleachtas um Threoir maidir le Cosc agus Déileáil le Ciapadh Gnéasach agus Ciapadh ag an Obair a rinneadh faoin Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 a riarann Coimisiún um Chearta an Duine agus Comhionannas.

## Gearáin

Féadfaidh fostaí (nó a c(h)eardchumann) gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um

Chaidreamh san Áit Oibre (an CCÁO) gur sháraigh fostóir a (h)oibleagáidí i leith an fhostaí faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaí ar Aistriú Gnóthas), 2003.

Féadtar gearáin a bhaineann le sárúithe ar an Acht um Chosaint Fostaithe (Oibrithe Gníomhaireachta Sealadacha), 2012 a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre go ndéanfar breithniú orthu.

Sa chás go bhfuil cigire an CCÁO sásta gur theip ar fhruilitheoir chun caitheamh le hoibrí gníomhaireacht ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna leis an mbealach a chaitear le fostaithe an fhruilitheora maidir le rochtain ar chomhshaoráidí agus chomhfhóntais ag áit oibre, in aghaidh Alt 14 den Acht um Chosaint Fostaithe (Oibrithe Gníomhaireachta Sealadach), 2012, féadfaidh sé/sí, i gcomhréir le hAlt 28 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015, Fógra Comhlíonta a eisiúint ar an bhfostóir ina leagtar amach na gníomhartha comhlíonta atá le glacadh faoi dháta sonraithe.

Féadfaidh fostóir achomharc a dhéanamh i leith an fhógra sin leis an gCúirt Oibreachais tráth nach déanaí ná 42 lá i ndiaidh gur seirbheáladh an fógra. Is ionann teip ar Fhógra Comhlíonta a chomhlíonadh agus cion.

Tá an fhoirm ábhartha ghearáin ar fáil ar [www.workplacerelations.ie](http://www.workplacerelations.ie) nó trí theagmháil a dhéanamh le Seirbhísí Faisnéise agus Custaiméara an Choimisiúin ar 0818 80 80 90. Tá an ceart ag ceachtar páirtí chun achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Oibreachais i leith cinneadh a rinne Oifigeach Breithnithe an CCÁO.

## Breis Faisnéise

Féach an Leabhrán Mínitheach ar Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaithe ar Aistriú Gnóthas), 2003 agus an Treoir maidir leis an Acht um Rannpháirtíocht Oibrithe (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Tá cóip de ar fáil ar iarraidh, nó is féidir é a íoslódáil ó [www.workplacerelations.ie](http://www.workplacerelations.ie)



## **Aguisín I** **Forálacha um Shásamh Breithnithe**

Acht	Alt nó Rialachán	Sárú	Sásamh
An tAcht Caidrimh Thionscail, 1946 go 2015	Acht 1946, Caibidil 2 d'Acht 2015, Caibidil 3 d'Acht 2015	Sárú ar Ordú Rialaithe Fostaíochta, Ordú Fostaíochta Earnála nó Comhaontú Fostaíochta Cláraithe	B'fhéidir go gceanglófar ar an bhfostóir chun an tOrdú Rialaithe Fostaíochta ábhartha a chomhlíonadh nó cúiteamh a bhronnadh nach mó ná luach saothair 2 bhliain
An tAcht um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973	4(2), 5, 6	Teip ar fhógra íosta a thabhairt; teip ar chearta an fhostaí a dheonú i rith tréimhse an fhógra; teip ar fhógra a thabhairt don fhostóir.	Cúiteamh a thabhairt d'aon chailteanas a rabhthas thíos leis arb é sárú (Ailt 4(2) agus 5) is cúis leis; na treoracha siúd a mheastar gur cuí.
An tAcht um Chosaint Fostaíochta, 1977	9 agus 10	Teip ar fhostóir chun dul i gcomhairle le hionadaithe fostaithe sa chás go mbeartaítear comhiomarcaíochtaí; teip ar fhostóir chun faisnéis a sholáthar d'ionadaithe fostaithe maidir le hiomarcaíochtaí a bheartaítear	A cheangal ar an bhfostóir chun Alt 9 nó 10 a chomhlíonadh agus/nó cúiteamh nach mó ná pá 4 seachtaine a íoc
Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach	3, 4, 5, 6	Dífhostú Éagórach	Féadtar a áireamh leis athfhostú an fhostaí sa phost a bhí aige/aici díreach sular dífhostaíodh é/í, agus na téarmaí agus coinníollacha i gceist faoinar fostaíodh é/í díreach sular dífhostaíodh é/í; athfhostú an fhostaí ag an bhfostóir cibé acu sa phost a bhí aige/aici díreach sular dífhostaíodh é nó i bpost éagsúil a d'oirfeadh go réasúnta dó/di faoi na téarmaí agus coinníollacha siúd atá réasúnta agus aird ar na cúinsí uile; má thabhaigh an fostaí aon chailteanas airgeadais, arb é an dífhostú is cúis leis, an cúiteamh sin a íoc leis/léi ag an bhfostóir (nach sáraíonn luach saothair 104 seachtain); murar thabhaigh an fostaí an cailteanas airgeadais sin, an cúiteamh sin a íoc leis an bhfostaí ag an bhfostóir (más ann dó, ach nach sáraíonn luach saothair 4 seachtaine)

Acht	Alt nó Rialachán	Sárú	Sásamh
Na hAchtanna um Chosaint Fostaithe (Dómhainne acht Fostóirí), 1984 go 2012	6, 7	Teip ar theidlíochtaí a íoc faoin Scéim Dócmhainneachta (e.g. riaráistí pá, pá breoiteachta, pá saoire agus pá in aonad fógra, íocaíochtaí de bhun cinní breithnithe nó réitigh idirghabhála)	Treoir chun an méid atá dlite a íoc leis an bhfostaí.
Acht na bPinsean, 1990		Neamhchomhlíonadh aon rialach a bhaineann le scéim sochair neamhcheirde, seachas scéim pinsin cheirde, ag a bhfuil prionsabal an chaithimh chomhionainn; neamhchomhlíonadh aon téarma de chomhaontú comhchoiteann, ordú rialaithe fostaíochta nó conradh fostaíochta, sa mhéid go mbaineann sé le sochair cheirde, ag a bhfuil prionsabal an chaithimh chomhionainn; neamhchomhlíonadh phrionsabal an chaithimh chomhionainn maidir leis an mbealach a sholáthraíonn fostóir rochtain dá f(h)ostaithe ar scéim sochar ceirde.	Ordú a cheanglaíonn go gcomhlíontar prionsabal an chaithimh chomhionainn; ordú chun cúrsa ar leith gníomhartha a ghlacadh; ordú um chúiteamh ar ghníomhartha íospairte.
An tAcht um Íoc Pá, 1991	5	Asbhaint neamhdhleathach ó phá	Treoir don fhostóir chun cúiteamh a íoc nach mó ná an glanphá a d'íocfaí i gcaitheamh na seachtaine sula ndearnadh an asbhaint/íocaíocht nó, más mó an asbhaint/íocaíocht ná an glanphá, dhá uair an mhéid sin.

Acht	Alt nó Rialachán	Sárú	Sásamh
An tAcht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéise), 1994	3, 4, 5 agus 6	Teip ar fhostóir chun ráiteas scríofa téarmaí fostaíochta a sholáthar, chun scríofa téarmaí fostaíochta a sholáthar, sula n-imítear, nuair is gá d'fhostaí oibriú lasmuigh den stát, chun cineál agus dáta athraithe ar théarmaí fostaíochta a chur in iúl nó chun ráiteas a sholáthar ar iarraidh fostaí, a bhfuil conradh reatha fostaíochta aige/aici sular cuireadh tús leis an Acht	D'fhéadfaí deimhniú nó athrú na gcritéar a áireamh a chuimsítear i ráiteas, a cheangal ar an bhfostóir chun an ráiteas a athrú nó chun cur leis agus cúiteamh nach sáraíonn luach saothair 4 seachtaine a íoc.
An tAcht um Chosaint Máithreachais, 1994	Codanna II, III nó IV	Teidlíochtaí maidir le saoire mháithreachais, filleadh ar obair, etc.	D'fhéadfaí treoracha maidir le deonú saoire agus/nó bronnadh cúiteamh a áireamh nach mó ná luach saothair 20 seachtain.
An tAcht Shaoire Uchtaíoch, 1995	Codanna II, III	Teip ar theidlíochtaí an tuismitheora uchtaíoch a dheonú	D'fhéadfaí treoracha a áireamh leis na páirtithe chun an cheist a réiteach agus cúiteamh nach mó ná luach saothair 20 seachtaine a bhronnadh.
An tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996	13 agus 17	Teip ar na rátaí agus na coinníollacha pá atá i bhfeidhm a chaomhnú sular cuireadh tús le hAcht 1996 (13): Pionós a ghearradh ar fhostaí le hintinn mhaith seachas gníomh neamhdhleathach faoi Acht 1996 (17).	Féadtar treoracha a áireamh chun cúrsa sonraithe gnímh a ghlacadh agus cúiteamh a bhronnadh.
An tAcht um Fhaisnéis agus Comhchomhairle Thrasnáisiúnta d'Fhostaithe, 1996	17	Pionós a ghearradh ar fhostaí mar gheall ar a stádas mar ionadaí fostaí; teip ar fhostóir chun saoráidí réasúnta a sholáthar d'ionadaithe	Féadtar treoracha a áireamh chun cúrsa sonraithe gnímh a ghlacadh agus cúiteamh a bhronnadh.
An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	6(2), 11 go 23 agus 26	Teip ar thréimhsí scíthe, saoire bhliantúil, teidlíochtaí saoire poiblí, faisnéis a bhaineann le ham oibre nó cleachtas náid uaireanta agus pá le haghaidh saoire agus saoirí poiblí ar scor fostaíochta a dheonú; pionós a ghearradh ar fhostaí; teip ar scíth nó sosanna cúiteacha a dheonú.	Féadtar a cheangal ar an bhfostóir chun an fhoráil ábhartha a chomhlíonadh agus cúiteamh a bhronnadh nach mó ná luach saothair 2 bhliain

Acht	Alt nó Rialachán	Sárú	Sásamh
An tAcht um Shaoire Thuismitheora, 1998 agus Rialachán na gComhphobal Eorpach (Saoire Thuismitheora), 2000	Codanna II, agus Rialachán 8 de Rialacháin 2000 Regulations	Teip ar theidliochtaí an tuismitheora a dheonú faoi Acht 1998	Féadtar deonú na saoire tuismitheora, bronnadh cúitimh nach mó ná luach saothair 20 seachtain, nó an dá rud, a shonrú.
An tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998	4(1)	Pionós a ghearradh ar fhostaí mar gheall gur thuairiscigh sé/sí mí-úsáid leanaí.	Féadtar a cheangal ar an bhfostóir an fhoráil ábhartha a chomhlíonadh, cúrsa sonraithe gnímh a ghlacadh agus bronnadh cúitimh a dhéanamh nach mó ná luach saothair 104 seachtain
Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 go 2011	Codanna II, III agus IV d'Acht 1998 (arna leasú)	Idirdhealú, íospairt, dífhostú faoi chúinsí arb ionann iad agus idirdhealú nó íospairt; teip ar luach saothair comhionann a íoc; neamhfháil sochar faoi chlásal comhionannais.	Cúiteamh, ordú um luach saothair comhionann, ordú um chaitheamh comhionann, ordú chun cúrsa sonraithe gnímh a ghlacadh, ordú um aischur i bpost nó athfhostú le nó gan chúiteamh
Na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000 go 2004	Cuid II	Idirdhealú i gcoinne ciapadh gnéasach nó duine a chiapadh, nó ciapadh gnéasach ar dhuine a cheadú, a sháraíonn na hAchtanna um Stádas Comhionann.	Cúiteamh; ordú um chúrsa sonraithe gnímh a ghlacadh
An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000	14	Teip ar an teidlíocht cheart phá a íoc faoi Acht 2000	Féadtar ordú a áireamh don fhostóir chun riaráistí agus costais an fhostaí a íoc maidir leis an díospóireacht; féadtar a cheangal ar an bhfostóir chun an sárú a chur ina cheart agus aon mhéid a íoc atá á shárú ag an bhfostóir.



Acht	Alt nó Rialachán	Sárú	Sásamh
An tAcht um Shaoire Chúramóra, 2001	Díospóireachtaí seachas iad siúd a bhaineann le ceisteanna faoi Ailt 6(1) (a), (b) nó (c), 6(5), 6(6) nó 18.	Teip ar theidlíocht do shaoire chúramóra a dheonú,	Féadtar deonú saoire chúramóra, bronnadh cúitimh nach mó ná luach saothair 26 seachtain, nó an dá rud, a shonrú.
An tAcht um Chosc ar Chaimiléireacht (Leasú), 2001	8A(5)	Pionós a ghearradh ar fhostaí i ngeall ar chionta a thuairisciú faoi na hAchtanna um Chosc ar Chaimiléireacht, 1889 go 2010	Féadtar a cheangal ar an bhfostóir cúrsa sonraithe gnímh a ghlacadh nó bronnadh cúitimh a dhéanamh nach mó ná luach saothair 104 seachtain
An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha a), 2001	9 agus 15	Caitheamh le fostaí páirtaimseartha, i dtaobh a c(h)oinniollacha fostaíochta, ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna leis an mbealach a chaitear le fostaí inchoimparáide lánaimseartha; pionós a ghearradh ara n bhfostaí.	Féadtar a cheangal ar an bhfostóir chun an fhoráil ábhartha a chomhlíonadh agus cúiteamh a bhronnadh nach mó ná luach saothair 2 bhliain
An tAcht Iomaíochta, 2002	50(3)	Pionós a ghearradh ar fhostaí i ngeall ar shárúithe ar Acht 2002 a thuairisciú	Féadtar a cheangal ar an bhfostóir Alt 50(3) a chomhlíonadh, cúrsa sonraithe gnímh a ghlacadh agus bronnadh cúitimh a dhéanamh nach mó ná luach saothair 104 seachtain
An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003	6, 8, 9, 10, 11, 13 nó aon fhoráil den Acht	Caitheamh le fostaí téarma sheasta, i dtaobh a c(h)oinniollacha fostaíochta, ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna leis an mbealach a chaitear le fostaí buan; teip ar fhostóir chun forálacha a chomhlíonadh a bhaineann le conarthaí iomarcacha téarma sheasta; teip ar fhostóir chun ráiteas scríofa a sholáthar; teip ar fhaisnéis a sholáthar ar fholúntais agus deiseanna oiliúna; pionós a ghearradh ar an bhfostaí etc.	Féadtar a cheangal ar an bhfostóir chun an fhoráil ábhartha a chomhlíonadh, chun an fostaí a aiscur nó a athfhostú (conradh d'fhad éiginnte ina measc) nó bronnadh cúitimh a dhéanamh nach mó ná luach saothair 2 bhliain

Acht	Alt nó Rialachán	Sárú	Sásamh
An tAcht um (Forálacha Ighnéitheacha) 2004	8	Íospairt a dhéanamh ar fhostaí i ngeall gur/nach comhalta é/í de cheardchumann nó comhlacht eisceithe nó go dtugann/nach dtugann an fostaí faoi aon ghníomhaíochtaí thar ceann ceardchumainn nó comhlacht eisceithe	Féadtar a ordú gur cheart an t-iompar atá mar ábhar an ghearáin stopadh agus bronnadh bronnadh cúitimh a nach mó ná luach saothair 2 bhliain
An tAcht Sláinte, 2004	55M(1)	Pionós a ghearradh ar fhostaí as ucht nochtadh cosanta a dhéanamh faoi na hAchtanna Sláinte	Féadtar a cheangal ar an bhfostóir chun an fhoráil ábhartha a chomhlíonadh, ghlacadh le cúrsa sonraithe gnímh nó bronnadh cúitimh nach mó ná luach saothair 2 bhliain a dhéanamh
An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005	27	Pionós a ghearradh ar fhostaí i ngeall ar thabhairt faoi dhualgais, etc. faoi na hAchtanna um Sláinte agus Sábháilteacht	Féadtar a cheangal ar an bhfostóir cúrsa sonraithe gnímh a ghlacadh nó bronnadh cúitimh a dhéanamh
An tAcht um Cheadanna Fostaíochta	26(3)	Pionós a ghearradh ar an bhfostaí i ngeall ar ghearán a dhéanamh nó fianaise a thabhairt in imeachtaí faoin Acht um Cheadanna Fostaíochta, 2006	Féadtar a cheangal ar an bhfostóir cúrsa sonraithe gnímh a ghlacadh nó bronnadh cúitimh a dhéanamh
Acht na bhFostaithe (Soláthar Eolais agus Comhairliúcháin) , 2006	13	Pionós a ghearradh ar fhostaí i ngeall ar thabhairt faoina f(h)eidhmeanna faoi Acht 2006	Féadtar a cheangal ar an bhfostóir cúrsa sonraithe gnímh a ghlacadh nó bronnadh cúitimh a dhéanamh nach mó ná luach saothair 2 bhliain
An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007	87(3)	Pionós a ghearradh ar fhostaí i ngeall ar sháruithe ar Acht 2007 a thuairisciú	Féadtar a cheangal ar an bhfostóir chun an fhoráil ábhartha a chomhlíonadh, cúrsa sonraithe gnímh a ghlacadh nó bronnadh cúitimh a dhéanamh
An tAcht Ceimiceán, 2008	26(1)	Pionós a ghearradh ar fhostaí i ngeall ar sháruithe ar Acht 2008 a thuairisciú	Féadtar a cheangal ar an bhfostóir an fhoráil ábhartha a chomhlíonadh, cúrsa sonraithe gnímh a ghlacadh nó bronnadh cúitimh a dhéanamh nach mó ná luach saothair 104 seachtain

Acht	Alt nó Rialachán	Sárú	Sásamh
Acht na gCarthanas, 2009	62(1)	Pionós a ghearradh ar fhostaí i ngeall ar shárúithe ar Acht 2009 a thuairisciú	Féadtar a cheangal ar an bhfostóir an fhoráil ábhartha a chomhlíonadh, cúrsa sonraithe gnímh a ghlacadh nó bronnadh cúitimh a dhéanamh nach mó ná luach saothair 104 seachtain
An tAcht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, 2009	223(3)	Pionós a ghearradh ar an bhfostaí i ngeall ar ghearrán a dhéanamh nó fianaise a thabhairt in imeachtaí faoi Acht 2009.	Féadtar a cheangal ar an bhfostóir cúrsa sonraithe gnímh a ghlacadh nó bronnadh cúitimh a dhéanamh
An tAcht um Iascach Intíre, 2010	38(1)	Pionós a ghearradh ar an bhfostaí i ngeall ar ghearrán a dhéanamh nó fianaise a thabhairt in imeachtaí faoi Acht 2010.	Féadtar a cheangal ar Iascaigh Intíre na hÉireann cúrsa sonraithe gnímh a ghlacadh nó bronnadh cúitimh a dhéanamh nach mó ná luach saothair 2 bhliain
An tAcht um Cheartas Coiriúil, 2011	20(1)	Pionós a ghearradh ar fhostaí i ngeall ar fhaisnéis a nochtadh a bhaineann le cionta ábhartha	Féadtar a cheangal ar an bhfostóir cúrsa sonraithe gnímh a ghlacadh nó bronnadh cúitimh a dhéanamh nach mó ná luach saothair 2 bhliain
An tAcht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011	67(5)	Pionós a ghearradh ar fhostaí i ngeall ar iompar míchuí faoi Acht 2011 a thuairisciú	Féadtar a cheangal ar an bhfostóir cúrsa sonraithe gnímh a ghlacadh nó bronnadh cúitimh a dhéanamh nach mó ná luach saothair 104 seachtain
An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach), 2012	6, 11, 13(1), 14, 23, 24	Teip ar a c(h)oinniollacha bunúsacha oibre agus fostaíochta a thabhairt d'óibrí gníomhaireachta; teip ar fholúntais a chur in iúl; táille á gearradh ag gníomhaireacht ar fhostaí i ngeall ar fhostaíocht a shocrú; teip ar na comhshaoráidí agus na comhfhóntais chéanna a sholáthar d'óibrí gníomhaireachta; pionós a ghearradh ar an bhfostaí i ngeall ar chearta a ghairm nó gearán a dhéanamh faoi Acht 2012.	Féadtar a cheangal ar an bhfostóir nó an fruilitheoir, de réir mar a bheidh, chun cúrsa sonraithe gnímh a ghlacadh nó bronnadh cúitimh a dhéanamh nach mó ná luach saothair 2 bhliain

Acht	Alt nó Rialachán	Sárú	Sásamh
An tAcht Breisoideachais agus oiliúna, 2013	35(1)	Pionós a ghearradh ar an bhfostaí i ngeall ar ghearán a dhéanamh nó fianaise a thabhairt in imeachtaí faoi Acht 2013.	Féadtar a cheangal ar an bhfostóir cúrsa sonraithe gnímh a ghlacadh nó bronnadh cúitimh a dhéanamh nach mó ná luach saothair 2 bhliain
Acht an Bhainc Cheannais (Maoirsiú agus Forneidhmíú), 2013	41(1)	Pionós a ghearradh ar fhostaí i ngeall ar nochtadh cosanta a dhéanamh faoi Acht 2013.	Féadtar a cheangal ar an bhfostóir cúrsa sonraithe gnímh a ghlacadh nó bronnadh cúitimh a dhéanamh nach mó ná luach saothair 2 bhliain
An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014	12(1)	Pionós a ghearradh ar fhostaí i ngeall ar nochtadh cosanta a dhéanamh faoi Acht 2014.	Féadtar a cheangal ar an bhfostóir cúrsa sonraithe gnímh a ghlacadh nó bronnadh cúitimh a dhéanamh nach mó ná luach saothair 260 seachtain
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaithe ar Aistriú Gnóthas), 2003	4 (gan 4(4)(a)), 5, 6, 7, 8 a áireamh	Teip ar chearta fostaithe a chosaint a eascraíonn ó chonradh fostaíochta sa chás go mbíonn athrú fostóra i gceist i gcás go n-aistrítear gnólacht nó cuid de ghnólacht, ina bhfuil siad fostaithe.	Féadtar a cheangal ar an bhfostóir na Rialacháin a chomhlíonadh, cúrsa sonraithe gnímh a ghlacadh nó bronnadh cúitimh a dhéanamh nach mó ná luach saothair 4 seachtaine (sárú ar Rialachán B) nó luach saothair 2 bhliain (sárú eile).
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Eagrú Ama Oibre) (Gníomhaíochtaí Dochtúirí faoi Oiliúint), 2004	5, 6, 7, 8, 9, 10	Teip ar thréimhsí scíthe, sosanna, scíth nó sosanna cúiteacha a dheonú nó chun na forálacha um uaireanta oibre uasta a chomhlíonadh.	Féadtar a cheangal ar an bhfostóir chun an fhoráil a chomhlíonadh agus/nó bronnadh cúitimh a dhéanamh nach sáraíonn luach saothair 2 bhliain.
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Eagrú Ama Oibre) (Foireann Ghluaisteach in Eitlíocht Shibhialta), 2006	7, 8, 9, 10, 11	Teip ar fhorálacha a chomhlíonadh a bhaineann le saoire bhliantúil, measúnuithe sláinte, sláinte agus sábháilteacht, am oibre agus oiriúnú oibre.	Féadtar a cheangal ar an bhfostóir na Rialacháin a chomhlíonadh, agus bronnadh cúitimh a dhéanamh nach mó ná luach saothair 2 bhliain.

Acht	Alt nó Rialachán	Sárú	Sásamh
Rialachán na gComhphobal Eorpach (Cuideachta Phoiblí Theoranta Eorpach) (Páirteachas Fostaithe), 2006	19	"Pionós a ghearradh ar ionadaí fostaí i ngeall ar thabhairt faoina bhfeidhmeanna faoi na Rialacháin."	Féadtar a cheangal cúrsa sonraithe gnímh a ghlacadh agus bronnadh cúitimh a dhéanamh nach mó ná luach saothair 2 bhliain
Rialachán na gComhphobal Eorpach (Tuairisciú ar Tharluithe in Eitlíocht Shibhialta), 2007	9(4)	Fostaí a chur faoi chlaontacht i ngeall go ndearna an fostaí, chun críocha Rialacháin 2007, tuairisciú ar theagmhas a bhféadfadh go bhfuil eolas ag an bhfostaí air.	Féadtar a cheangal cúrsa sonraithe gnímh a ghlacadh agus bronnadh cúitimh a dhéanamh nach mó ná luach saothair 2 bhliain
Rialachán na gComhphobal Eorpach (Comharchumann na hEorpa) (Páirteachas Fostaithe), 2007	20(1)	Pionós a ghearradh ar ionadaí an fhostaí i ngeall ar a bhfeidhmeanna faoi na Rialacháin	Féadtar a cheangal cúrsa sonraithe gnímh a ghlacadh agus bronnadh cúitimh a dhéanamh nach mó ná luach saothair 2 bhliain
Rialachán na gComhphobal Eorpach EuroCommunities (Cumaic Thrasteorann), 2008	39(1)	Pionós a ghearradh i ngeall ar thabhairt faoina bhfeidhmeanna faoi na Rialacháin	Féadtar a cheangal cúrsa sonraithe gnímh a ghlacadh agus bronnadh cúitimh a dhéanamh nach mó ná luach saothair 2 bhliain
Rialachán na gComhphobal Eorpach (Coinníollacha Oibre Oibríthe Taistil atá Mobile Workers Páirteach i Seirbhísí Trasteorann Comhoibrítheacha san Earnáil Iamróid), 2009	Sceideal 1	Pionós a ghearradh i ngeall ar thabhairt faoina bhfeidhmeanna. Teip ar thréimhsí laethúla, scíthe agus sosa, tréimhsí contravention seachtainiúla scíthe ó am tiomána a thabhairt faoi Rialacháin 2008.	Féadtar a cheangal ar an bhfostóir cúrsa sonraithe gnímh a a ghlacadh agus bronnadh cúitimh a dhéanamh nach mó ná luach saothair 2 bhliain
Rialachán na gComhphobal Eorpach (Iompar de Bhóthar) (Eagrú Ama Oibre Daoine a thugann faoi Gníomhaíochtaí Gluaisteacha Iompair de Bhóthar), 2012	5, 8, 9, 10, 11, 12	Teip ar na srianta ar uaireanta uasta oibre agus srianta ar obair oíche, ceanglais scíthe agus sosa agus dualgais eile fostóra a chomhlíonadh. obligations.	Féadtar a cheangal ar an bhfostóir cúrsa sonraithe gnímh a a ghlacadh agus bronnadh cúitimh a dhéanamh nach mó ná 104 seachtain



An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre  
Workplace Relations Commission

**An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre  
Seirbhísí Faisnéise agus Custaiméirí**

Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach  
Íosghlao: 0818 808090  
[www.workplacerelations.ie](http://www.workplacerelations.ie)

